



**Health
Information
and Quality
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis
agus Cáilíocht Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2021

*Cúram Níos Sábhailte
agus Níos Fearr*



*Cúram Níos
Sábhailte agus
Níos Fearr*

Údarás neamhspleách
is ea HIQA atá i
bhfeidhm chun seirbhísí
sláinte agus cúraim
shóisialta a fheabhsú do
mhuintir na hÉireann.

Clár Ábhar

Réamhrá ón gCathaoirleach	2
Teachtaireacht ón POF	4
1 Maidir le HIQA	6
1.1 Réamhrá	6
1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí	6
2 Rialachas agus bainistíocht	8
2.1 An Bord	8
2.2 Cruinnithe Boird	11
2.3 Coistí Boird	11
2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	11
2.5 Rialachas corparáideach	13
3 Cuspóirí straitéiseacha	14
3.1 Ráiteas misin, fíis agus luachanna	14
3.2 Cuspóirí straitéiseacha	15
2021 de réir na bhfigiúirí	17
4 Príomhghníomhaíochtaí	18
4.1 Rialáil agus monatóireacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta	18
4.2 Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte agus ar shintéis fianaise	59
4.3 Caighdeán sláinte agus cúraim shóisialta	75
4.4 Faisnéis Sláinte	85
4.5 An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim	94
4.6 Oibríochtaí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht agus Faisnéis Páirtithe Leasmhara	99
5 Ráitis airgeadais bhliantúla	103
Aguisíní	141
Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta	141
Aguisín 2: Cairt na Seirbhíse	142
Aguisín 3: Tuarascáil ar shaoráil faisnéise	143
Aguisín 4: Ídiú fuinnimh	144
Aguisín 5: Bainistíocht gearán	145
Aguisín 6: An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014	146
Aguisín 7: Comhdhálacha agus léachtaí	147
Aguisín 8 Foilseacháin acadúla	148

Réamhrá ón gCathaoirleach



An tOllamh
Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a chur i láthair. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an méid a bhain HIQA amach agus an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2019-2021 á comhlíonadh againn.

Bliain ghnóthach ab í 2021 agus dúshlán COVID-19 ann fós, agus d'oibríomar chun feabhsúcháin a bhaint amach ar fud na sláinte agus an chúraim shóisialta mar atá leagtha amach inár sainchúram faoin Acht Sláinte 2007 (arna leasú).

Tharla tréimhse athruithe san eagraíocht i gcaitheamh na bliana. Inár bhFoireann Bainisteoirí Feidhmiúcháin athraíodh Príomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta agus ceapadh Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár n-iar-POF Felim Quinn agus lenár n-Iar-Phríomhchigire Mary Dunnion as a ról san eagraíocht, agus i seirbhísí sláinte agus cúraim shláinte le linn a gcuid gairmeacha. Thar ceann HIQA, guím gach rath orthu agus iad imithe ar scor.

I gcaitheamh na bliana, leanamar orainn ag soláthar sintéis fianaise agus comhairle don Fhoireann Náisiúnta Éigeandálaí Sláinte Poiblí (NPHE) thar ceann an Aire Sláinte, agus ag cur bonn eolais faoi fhreagairt sláinte poiblí na hÉireann ar phaindéim COVID-19. In 2021 freisin, thosaíomar ag soláthar sintéis fianaise agus comhairle fianaisebhunaithe chun tacú leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta Scagthástála thar ceann an Aire. Réimse nua oibre í seo do HIQA agus leanfaimid orainn ag plé léi i gcaitheamh na mblianta atá le teacht.

Mar an rialaitheoir, leanamar le monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus ag freagairt do riosca, go háirithe riosca an ionfhabhtaithe sna seirbhísí. Rinneamar idirchaidreamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí a raibh tacaíocht uathu, agus phléamar le soláthraithe seirbhíse, cónaitheoirí agus gaolta faoi na saincheistean ar leag siad tábhacht orthu. Tharraingíomar aird freisin ar easnaimh na rialachán reatha, agus ar an ngá le rialacháin i réimsí eile chun na daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chosaint ar bhealach níos fearr.


In 2021, thosaíomar le hobair i réimsí nua, mar chúram baile. I rith na bliana, rinneamar taighde ar earnáil an chúraim bhaile in Éirinn, agus aithníodh an gá le leasú agus le rialáil a thabhairt isteach sa réimse chun na daoine a úsáideann na seirbhísí a chosaint. Chuireamar tús freisin le forbairt caighdeán náisiúnta nua um sheirbhísí cúraim bhaile. Is í an aidhm a bheidh i gceist leis na caighdeáin feabhsúcháin diaidh ar ndiaidh ar chaighdeán sheirbhísí cúraim bhaile a chur chun cinn, agus ionchais an phobail, na ndaoine a úsáideann na seirbhísí, soláthraithe seirbhíse agus foirne a chur in iúl.

Leis na teagmhais a tharla in 2021 tarraingíodh níos mó airde ar an ngá le forbairtí ar ár gcuid beartas, córas agus reachtaíochta um fhaisnéis sláinte. De bharr an cibirionsaí ar chórais an FSS, tarraingíodh aird ar an ngá leis an gcóras faisnéise sláinte in Éirinn a leasú, ar aon dul leis na tosaíochtaí atá leagtha amach faoi Sláintecare. I rith na bliana, leagamar béim ar an ngá le leasú sna réimsí lárnacha mar atá reachtaíocht, straitéis náisiúnta, agus ceannaireacht agus rialachas.

Freisin leanaimid orainn ag obair lenár gcomhpháirtithe sa Roinn Sláinte agus sa FSS chun an Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim a chur i bhfeidhm. Anuraidh, ritheamar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaithe; ba é sin an chéad uair ar cuireadh ceist ar othair faoi thionchar COVID-19 ar a gcuid eispéireas in ospidéal Éireannacha. Foilseoimid sonraí faoin aiseolas sin ó othair i rith 2022.

Ag breathnú ar aghaidh, leanfaimid orainn ag tabhairt comhairle faoin ngá le leasuithe ar na rialacháin sláinte agus cúraim shóisialta agus faoin gcóras faisnéise sláinte. Leanfaimid ar aghaidh le dul chun cinn le cur i bhfeidhm mholtaí an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais le linn COVID-19. Ullmhóimid freisin chun tabhairt faoi fhreagrachtaí agus faoi ghealltanais nua mar ata leagtha amach sa Chlár Rialtais agus in áiteanna eile, lena n-áirítear soláthairtí um fhorbairt an Bhille um Shábháilteacht Othar, rialáil seirbhísí cúraim bhaile, chomh maith leis an gcigireacht ar ionaid soláthair dhíriú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbaill foirne go léir as a gcuid oibre crua agus a dtiomantas in 2021, agus as a cuid oibre a chur chun feidhme ar aon dul le misin agus le luachanna HIQA. Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Bhoird as ucht na comhairle agus na treorach a chuir siad ar fáil. Déanfaimid cinnte go leanfaidh HIQA le ról dearfach a ghlacadh i gcaighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.



An tOll. Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Teachtaireacht ón POF



Angela Fitzgerald
*An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin*

Fáilte chuig Tuarascáil 2021 HIQA.

Tá an-áthas orm dul le HIQA mar an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag tréimhse gan choinne agus muid ag cur lenár gcuid oibre agus éachtaí ó 2021 agus na blianta roimhe chun sábháilteacht agus caighdeán an chúraim i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a fheabhsú.

Glacaim an ról seo ag am ina bhfuil athruithe móra ar siúl san eagraíocht tar éis dhá bhliana de phaindéim COVID-19, chomh maith le sainchúram méadaithe agus athstruchtúrú eagraíochta a bheith idir lámha. Táim ag súil le hobair leis an bhfoireann dhíograiseach in HIQA chun athrú a mhúnlú agus a stiúradh le gur féidir linn níos mó feabhsúchán a chur ar chaighdeán agus shábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Bhí na tionscnaimh agus na tionscadail atá leagtha amach sa tuarascáil seo faoi cheannas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a tháinig romham, Phelim Quinn, a chuaigh ar scor ag deireadh 2021, tar éis dó fónamh san eagraíocht ar feadh seacht mbliana, agus tar éis dó bheith ina bPríomhchigire um Sheirbhísí Sóisialta agus ina Stiúrthóir Rialála ag HIQA roimhe sin. Fianaise is ea an tuarascáil ar a shárcheannaireacht agus ar a shaineolas suntasach maidir le rialáil agus feabhsú cáilíochta.

I gcaitheamh na mblianta, bhí sé de phléisiúr agam bheith ag obair le Phelim chun ábhair éagsúla maidir le sábháilteacht othar agus caighdeán a chur chun cinn, lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Eispéireas Cúraim. Faoina cheannaireacht, tugadh béim ar an gcosaint agus ar chearta daonna chun tosaigh in HIQA, lena n-áirítear maidir le caighdeáin náisiúnta, treoir agus an chaoi a rialáítear seirbhísí.

Le roinnt blianta anuas, tá ról glactha ag HIQA i bhfeabhsú na sláinte poiblí trí bhallaíocht ar NPHET agus soláthar sintéise fianaise, agus lean sé ag cur le leasuithe ar thimpeallacht na faisnéise sláinte. Tá cuntas tugtha sa tuarascáil seo ar éachtaí agus ar dhul chun cinn HIQA sna réimsí sin i rith 2021.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord, leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus le foireann HIQA as a gcuid oibre i rith 2021. Táim ag tnúth le hoibriú leo chun an obair sin a chur ar aghaidh agus chun ár bhfís a chomhlíonadh maidir le cúram in Éirinn faoinár sainchúram reatha, agus de réir mar a mhéadóidh ár ról go réimsí nua oibre agus freagrachta.



Angela Fitzgerald

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

1 Maidir le HIQA

1.1 Réamhrá

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ina údarás neamhspleách a bunaíodh in 2007 chun cúram ardchaighdeán agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeán a fhorbairt, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacú le cinntí feasacha maidir leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021, i gcomhréir le ceanglais reachtúla an Achta Sláinte 2007, agus áirítear léi socruithe HIQA maidir le cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Áirítear léi chomh maith Tuarascáil Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Bhliantúil Rialachais agus Comhlíontachta, mar a cheanglaítear san Acht Sláinte 2007, mar aon lenár ráitis airgeadais bliantúla.

1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Tá ár sainordú sínte thar raon sonraithe seirbhísí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha. Agus é ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag déileáil leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, tá freagracht ar HIQA as:

- **Caighdeán a leagan síos le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta** – Caighdeán agus treoir dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil** – Tá an Príomh-Chigire laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaitheacha do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumais, agus aonaid sainchúraim speisialta do leanaí a chlárú agus a iniúchadh.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil** — Nochtadh míochaine ar radaíocht ianúcháin a rialáil.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí** – Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta do leanaí, agus imscrúdú a dhéanamh mar is gá ar bhuarthaí tromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí sin.

- **Measúnú ar theicneolaíocht sláinte** — Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht clár sláinte, beartas, cógas, trealaimh mhíochaine, teicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid is fearr as acmhainní a éascú mar aon leis na torthaí is fearr do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte.
- **Faisnéis sláinte** — Comhairle a thabhairt ar bhailiú agus ar chomhroinnt éifeachtach agus shlán faisnéise sláinte, caighdeáin a shocrú, acmhainní faisnéise a mheasúnú agus faisnéis a fhoilsiú faoi sholáthar agus faoi fheidhmíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **An Clár Náisiúnta um Eispéiris Othar** — Suirbhéanna náisiúnta a chur chun feidhme ar eispéiris úsáideoirí seirbhísí thar raon de sheirbhísí sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Tá na feidhmeanna reachtúla lena gcuirtear bonn faoi obair HIQA leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, agus san Acht um Míchumas 2005.

2 Rialachas agus bainistíocht

2.1 An Bord

Is é an Bord comhlacht rialaithe HIQA agus bunaíodh é an 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí HIQA, córais éifeachtúla inmheánacha rialaithe a chinntiú, chomh maith le comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca. Is iad seo gnéithe bunúsacha an rialachais agus an chomhlíonta éifeachtúil chorparáidigh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Tá taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó réimse gairmeacha agus tionscal sláinte agus cúraim shóisialta.

Áiríodh le comhaltaí an Bhoird le linn 2021:



An tOllamh **Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach ar Clinical Research Development Ireland. Iar-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Leas-Ard-Rúnaí agus Ceann Rialachais agus Feidhmíochta roimhe seo ag an Roinn Sláinte. Iar-Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.



Bernadette Costello

Iar-Stiúrthóir, Iniúcháireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca in OÉ na Gaillimhe. Ball de Bhord Fhoras Bainistíochta na hÉireann, de Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibrigh agus d'Oideachas agus Oiliúint na Gaillimhe agus Ros Comáin. Iarchomhalta boird den Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir Cairte.



An Dr Jim Kiely

Iar-Leaschathaoirleach ar Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus ball den Choiste um Thosú, Aistriú agus Chomhtháthú um Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Iar-Phríomhoifigeach Leighis sa Roinn Sláinte.



An Dr Paula Kilbane

Iar-Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Sláinte agus Sheirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí ar Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanachta.



Tony McNamara

Insight Management Consultancy. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le hOspidéal Ollscoile Chorcaigh. Bhí sé ar chomhlachtaí comhairleacha agus comhairleachta náisiúnta éagsúla don Roinn Sláinte. Iar-chomhalta boird de Bhord Fuilistriúcháin na hÉireann, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus den Údarás Árachais Sláinte.



Lynsey Perdisatt

Gairmí sinsearach AD a d'oibrigh san earnáil príobháideach agus phoiblí araon, ag a bhfuil taithí shuntasach ar chaidreamh fostaithe, ar chaidreamh tionsclaíoch agus ar bhainistíocht athraithe.



An tOllamh Michael Rigby

Taithí fairsing ar fhorbairt agus ar sholáthar seirbhísí sláinte, agus ar thaighde ar bheartas agus bhainistíocht sláinte sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ball d'Uainchlár na Saineolaithe arna cheapadh chun tacú le Grúpa Comhairleach Teicniúil um Shláinte Dhigiteach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).



Caroline Spillane

Ard-Stiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Éire. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta le FSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.



Martin Higgins

Cathaoirleach ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Iar-POF Biaslán. D'fhóin sé roimhe seo ar bhoird de chuid Bhord Leigheasra na hÉireann, rialaitheoir na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta CORU, agus Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



Martin O'Halloran

Iar-POF ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, iar-Chathaoirleach ar Bhord an Fhoras Riaracháin agus ar Chumann na bPríomhfheidhmeannach.



Marion Meany

30 bliain de bheith ag obair sna seirbhísí sláinte. Iar-Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta um Mhíchumas, Straitéis agus Phleanáil.



An Dr Daniel McConnell

Comhpháirtí Comhairleach i Deloitte UK, ag a bhfuil taithí fhairsing ar aistriú digiteach agus sonraí. Comhalta Boird de chuid Choláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt agus Comhalta ar Institiúid Chairte an Airgeadais Phoiblí & na Cuntasaíochta.

2.2 Cruinnithe Boird

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ceanglas ar an mBord cruinnithe a reáchtáil sé huaire in aghaidh na bliana. San iomlán, tháinig Bord HIQA le chéile 10 n-uaire le linn 2021 chun cúrsaí suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Caibidil 5 le haghaidh sonraí breise a fháil maidir le gníomhaíochtaí ár mBoird in 2021).

2.3 Coistí Boird

Tá ceithre choiste Boird ann a thacaíonn le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- **Déanann an Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn an **Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an coiste chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.
- **An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta:** a dhéanann maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte.
- **Déanann an Coiste Maoirseachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorpáraideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léirítear le struchtúr eagraíochtúil HIQA ár bhfeidhmeanna agus gníomhaíochtaí lárnacha: Rialáil, Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Faisnéis agus Caighdeán Sláinte in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta lena gcuirtear ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach: Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, Oibríochtaí, Faisnéise, agus Cumarsáid agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara. Tá an eagraíocht faoi stiúir na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin le tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearach eile atá freagrach as ár bhfeidhmeanna gnó.

Ar an 31 Nollaig 2021 ba iad seo a leanas na daoine a bhí ar Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



Phelim Quinn

POF



An Dr Máirín Ryan

*Stiúrthóir ar an Measúnú
Teicneolaíochta
Sláinte agus Leas-
Phríomhfheidhmeannach*



Carol Grogan

*Príomh-Chigire
na Seirbhísí
Sóisialta[^]*



Sean Egan

*Stiúrthóir ar Rialáil
Cúraim Sláinte**



Rachel Flynn

*Stiúrthóir Faisnéise
agus Caighdeán
Sláinte*



Sean Angland

*Príomhoifigeach
Oibriúcháin
Gníomhach*



Bala Krishnan

*Príomhoifigeach
Faisnéise*



Mary Dunnion

*Stiúrthóir Rialacháin
agus Príomhchigire
Seirbhísí Sóisialta***

[^]Ceaptha i mí Mheán Fómhair 2021

*Ceaptha i mí Dheireadh Fómhair 2021

**Ar scor i mí Mheán Fómhair 2021

2.5 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as rialuithe inmheánacha agus as éifeachtacht na rialuithe sin a athbhreithniú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta, agus as bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, glacann an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach i gcomhordú a dhéanamh ar an dearbhú a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, amhail:

- obair iniúchta inmheánaigh
- iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- bainistíocht riosca
- athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Sa bhreis air sin:

- Soláthraíonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord, ina leagtar amach na rialuithe lena gcumhdaítear feidhmeanna HIQA ina n-iomláine.
- Cuirtear tuarascálacha rialta feidhmíochta corparáidí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le rioscaí corparáideacha.
- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ag gach cruinniú Boird.
- Tugann na ceithre choiste Boird tuairisc don Bhord.

Comhlíonadh an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú


Tá Cód Rialachais, Cód Iompair Ghnó agus beartais ghaolmhara rialachais agus nósanna imeachta gaolmhara rialachais ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Athdheimhníodh HIQA don Chaighdeán Rialachais SWiFT 3000 ó Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Tá tuarascáil mhionsonraithe um Rialachas agus Comhlíonadh san áireamh leis na ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2021.

3 Cuspóirí straitéiseacha

3.1 Ráiteas misin, fíis agus luachanna

Ráiteas misin



Ag obair chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú do dhaoine in Éirinn

Ár bhfís

SEIRBHÍSÍ NÍOS SÁBHÁILTE

Oibrimid chun úsáideoirí seirbhísí a chosaint agus a chumhdach

CÚRAM NÍOS FEARR

Oibrimid chun cáilíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú

CINNÍ NÍOS FEARR

Soláthraimid comhairle, fianaise agus faisnéis chun cinntí áitiúla agus náisiúnta maidir le seirbhísí a threorú

MEASÚNÚ NEAMHSPLEÁCH

Cuirimid foinse iontaoifa faisnéise ar fáil don phobal agus dár ngeallsealbhóirí

Ár luachanna

Treoraítear HIQA lena chuid luachanna, a léiríonn bunús na reachtaíochta lena sainítear ár sainchúram.

Luachanna HIQA

I ngníomh, ciallaíonn sé sin go ndéanfaimid na nithe seo a leanas:



**DAOINE A CHUR
CHUN TOSAIGH**

riachtanais, guthanna, cearta agus cosaint na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur ag croílár ár gcuid oibre.



**BHEITH COTHROM
AGUS OIBIACHTÚIL**

bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí.



**BHEITH
FOLLASACH AGUS
CUNTASACH**

Cineál agus torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl agus freagracht iomlán a ghlacadh as ár ngníomhaíochtaí.



**ÁR NDÍCHEALL A
DHÉANAMH AR
MHAITHE LE BARR
FEABHAIS**

Cáilíocht ár gcuid oibre a fheabhsú go leanúnach agus an fhianaise is fearr atá ar fáil a úsáid.



**AG OBAIR
LE CHÉILE**

Éisteacht leo siúd a mhaoiníonn, a phleanálann, a sholáthraíonn agus a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus obair a dhéanamh leo.

3.2 Cuspóirí straitéiseacha

Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2019-2021 an creat agus na cuspóirí straitéiseacha lena gcuirtear ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Leis an bplean tugtar achoimre ar threo agus ar fhócas na heagraíochta don tréimhse, agus leagtar amach ár gcuspóirí straitéiseacha leis, mar a leanas:

ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tugann comhairle ar úsáid éifeachtach faisnéise i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

Teicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú

Tuairimí úsáideoirí seirbhísí a bhailiú d'fhonn feabhsú a spreagadh

Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil

Caighdeán agus treoir náisiúnta a leagan síos le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

NA RUDAÍ A THEASTAÍONN DON RATH

ÁR NDAOINE

CEANNAIREACTH,
RIALACHAS AGUS
BAINISTÍOCHT

CUMAS
DIGITEACH AGUS
CUMAS MAIDIR
LE SONRAÍ

GASTACHT
OIBRIÚCHÁIN

CÁILÍOCHT
AGUS
BAINISTÍOCHT
ATHRUITHE

COMHOIBRÍÚ
AGUS
CAIDREAMH
CUIDITHEACH

Comhlíontar na gealltanais sin, lena n-áirítear gealltanais sa Phlean Corparáideach, tríd na cuspóirí atá leagtha amach inár bplean gnó bliantúil. Léigh ár bplean gnó 2021 ar www.hiqa.ie. Tá achoimre den dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar fáil sa chéad chaibidil eile.

2021 de réir na bhfigiúirí



1,863

cigireachtaí ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

113

Athbheithnithe ar shintéis fianaise i leith COVID-19 nó comhairle foilsithe

1,638

ábhair inní a fuarthas faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta



46,029

modúil a tugadh chun críche inár gcúrsa r-fhoghlama ar chur chuige bunaithe ar chearta daonna



16,170

thug daoine faoinár modúl r-fhoghlama ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe

9,962

thug daoine faoinár modúl r-fhoghlama ar chosaint daoine fásta

36

foilseacháin acadúla i ndáil lenár gcuid oibre



182

freagairtí ar ár gcomhairliúchán scópála ar Chaighdeáin Náisiúnta nua um Sheirbhísí Cúraim Bhaile agus Tacaíochta



4 Príomhghníomhaíochtaí

I bPlean Gnó 2021 dar gcuid leagtar amach clár oibre uailmhianach chun ár gcuspóirí straitéiseacha atá cuimsithe i bPlean Corparáideach 2019–2021 dár gcuid a bhaint amach. Sa chaibidil seo, leagtar amach conas a rinne HIQA na cuspóirí sin a chomhlíonadh, agus ár bhfís á baint amach ag an am céanna.

4.1 Rialáil agus monatóireacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

Bunaíodh HIQA chun cúram sábháilte agus ardchaighdeáin a spreagadh do dhaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Déanann Oifig an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta maoirseacht ar chlárú agus ar rialáil lárionad ainmnithe d’aoisigh agus do leanaí: tithe altranais, seirbhísí míchumais agus aonaid cúraim shóisialta. Anuas air sin, déanfaimid cigireacht agus monatóireacht ar sheirbhísí sóisialta leanaí.

Tá sainchúram ar HIQA as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta um sheirbhísí poiblí géarchúraim agus sheirbhísí cúraim sláinte pobail. Anuas air sin, déanaimid rialáil ar nochtadh leighis do radaíocht ianúcháin ag soláthraithe poiblí agus príobháideacha araon.

De réir mar a leanann ár sainchúram ag dul i méid sna réimsí sin, i ráithe 4 de 2021, chuireamar tús le hobair chun ár Stiúrthóireacht Rialála a roinnt ina dhá réimse – rialáil cúraim shóisialta agus rialáil cúraim sláinte. Ceapadh Príomhchigire nua Seirbhísí Sóisialta, Carol Grogan, chomh maith le Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte, Sean Egan.

Faighimid faisnéis freisin ó raon foinsí, agus déantar anailís agus measúnú riosca uirthi. Áirítear léi sin fógraí ó sholáthraithe i ndáil le himeachtaí sonracha, mar atá leagtha amach sna rialacháin, chomh maith le cónaitheoirí, daoine a úsáideann seirbhísí, gaolta, baill foirne, tacadóirí nó tríú páirtithe a thugann faisnéis. Úsáidtear an fhaisnéis sin go léir chun bonn eolais a chur faoinár measúnú ar chomhlíonadh agus riosca laistigh de na seirbhísí, agus chun bonn eolais breise a chur faoinár gclár monatóireachta agus iniúchóireachta.

Foilsítear ár gcuid breithiúnas rialála agus ar an mbealach sin cinntítear trédhearcacht agus go dtuigfidh úsáideoirí seirbhísí, a gcuid gaolta, ionadaithe poiblí, soláthraithe seirbhíse agus na ranna rialtais ábhartha na leibhéil um chomhlíonadh rialachán agus caighdeán sainordaithe, réimsí dea-chleachtais agus an leibhéal riosca ar fud seirbhísí.

Sa bhreis air sin, féadfaidh HIQA iniúchadh a dhéanamh maidir le sábháilteacht, cáilíocht agus caighdeán na seirbhísí ar a gcuirtear síos in alt 8(1) den Acht Sláinte má chreideann HIQA, ar fhorais réasúnta, go bhfuil riosca tromchúiseach ann do shláinte nó do leas daoine a úsáideann na seirbhísí sin. Féadfaidh an tAire a iarraidh ar HIQA iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 9 den Acht.

4.1.1 Tithe altranais a rialáil

Bliain dheacair eile do thithe altranais ba ea 2021. Ag tús na bliana, bhí COVID-19 fós ina mbaol suntasach do chúram agus leas cónaitheoirí i dtithe altranais. De réir mar a chuaigh bearta sláinte poiblí ar fud an phobail i gcoitinne i bhfeidhm, tháinig laghdú ar líon na gcásanna i dtithe altranais. Leis an gclár náisiúnta vacsaínithe, roghnaigh formhór na gcónaitheoirí agus na mball foirne leas a bhaint as an vacsaíniú.

Bhí COVID-19 le feiceáil go forleathan i saol na gcónaitheoirí i dtithe altranais. Le linn na tréimhse sin, tholg líon mór cónaitheoirí agus ball foirne COVID-19, agus, ar an drochuair, fuair roinnt cónaitheoirí bás. Labhair cónaitheoirí leis na cigirí faoin gcailliúint a mhothaigh siad le bás go leor dá gcomhlúadar, sa teach altranais agus sa phobal i gcoitinne chomh maith. Chuir siad síos freisin ar thionchar na srianta ar a saol laethúil, ar nós ceanglas anois is arís chun leithlisiú ina dteach, agus srian mór le cuairteanna ó chlann agus chairde. Is minic a mholann na cónaitheoirí go hard an cúram a fuair siad, agus iad buíoch as iarrachtaí na mball foirne iad a choimeád slán.

Ó thús na paidéime, choimeád an Príomhchigire i dteagmháil go rialta le soláthraithe tithe altranais, agus monatóireacht á déanamh ar a gcumas déileáil le ráig agus tacú leis. Roinneamar an méid a foghlaimíodh idir tithe altranais, threoraigh muid soláthraithe chuig tacaí breise agus, nuair ba ghá, tharraing muid aird an FSS ar fhadhbanna ar thug soláthraithe agus bainisteoirí tuairisc orthu dúinn, ar nós an gá le rochtain ar threalamh cosanta pearsanta (TCP), tástáil shrathach agus cosc agus rialú ionfhabhtaithe a bheadh sonrach d'ionaid nó comhairle sláinte poiblí, rochtain ar mhaoiniú, agus i roinnt cásanna, iarratas ar fhoireann nua ar bhonn eatramhach.

Mar atá sonraithe sa tuarascáil seo, thug 516 teach altranais tuairisc ar chás deimhnithe amháin de COVID-19 ar a laghad i measc baill foirne nó cónaitheoirí in 2021. Tá an bhéim leanúnach ar chosc agus ansin, más gá, ar bhogadh ar aghaidh go haithint, láimhseáil agus srianadh ráige tagtha mar ghnáthchuid anois de bhainistíocht laethúil tí altranais. Ní mhaolaíonn an 'gnáthshaol nua' sin an brú agus an imní a bhíonn ar chónaitheoirí, ar theaghlaigh, ar sholáthraithe agus ar a gcuid ball foirne, áfach.

Le linn na paindéime, aithníodh na hábhair lárnacha imní seo a leanas le cigireachtaí ar thithe altranais:

- pleananna teagmhasacha a d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad ag teacht leis an bpaindéim
- easpa dianseasmhachta i dtaobh soláthar foirne, agus na córais rialachais agus bhainistíochta atá i bhfeidhm i roinnt tithe altranais.
- easpa eolais agus inniúlachta maidir le hionfhabhtú a chosc agus a rialú.

Chuaigh na fadhbanna sin i dteannta a chéile i bhfeidhm ar chumas roinnt tithe altranais ráig de COVID-19 a aithint agus freagairt di. Mar shampla, i gcás tithe altranais a oibríonn agus díreach altra amháin ar dualgas ar feadh tréimhsí fada, ní raibh siad in ann riosca COVID-19 a mhaolú trí mheithleacha foirne agus cónaitheoirí a chruthú agus ar an mbealach sin tionchar an COVID-19 a mhaolú chomh luath agus a tháinig sé isteach ina n-ionad. Ar an gcaoi chéanna, bhí fórsa oibre altranais i bhfad níos mó ag samhlacha foirne atá bunaithe ar altra amháin agus bhí tionchar aige sin ar chumas soláthraí freagairt go solúbtha chun ráig de COVID-19 a shrianadh agus a bhainistiú.

I rith na bliana, d'oibrigh cigirí le cinntiú go seasfaí le cearta daonna cónaitheoirí maidir le rochtain ar chuairteoirí agus nach raibh srianta á gcur i bhfeidhm ag soláthraithe a sháraigh an chomhairle sláinte poiblí go mór.

In 2021 leanadh le hiarracht comhoibritheach i measc an phobail sláinte agus cúraim shóisialta i gcoitinne, lena áiríodh an Roinn Sláinte, struchtúir náisiúnta an FSS, foirne bainistíochta géarchéime an FSS, oifigigh áitiúla sláinte poiblí, agus foirne geirinteolaíochta ó na seirbhísí géarchúraim. Tá caidrimh a bunaíodh ag tús na géarchéime in 2020 leathnaithe agus neartaithe le 12 mhí anuas.

Clárú

Faoi dheireadh 2021, bhí 567 lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (tithe altranais) in Éirinn, agus 31,842 leaba chláraithe iontu.

Tábla 1 - Líon na leapacha cláraithe in aghaidh an chontae 2021

Baile Átha Cliath	8450	Loch Garman	1052	Uíbh Fhailí	491
Corcaigh	3566	Ciarraí	1024	An Cabhán	484
Gaillimh	1886	Dún na nGall	975	Sligeach	426
Cill Dara	1627	An Clár	908	Muineachán	417
Luimneach	1283	Port Láirge	816	Ceatharlach	408
Tiobraid Árann	1222	Cill Chainnigh	713	Laois	339
Cill Mhantáin	1104	Ros Comáin	691	Longfort	288
Maigh Eo	1096	An Iarmhí	627	Liatroim	248
An Mhí	1083	Lú	618		

Is ionann figiúir 2021 agus laghdú de shé ar líon iomlán na dtithe altranais ó dheireadh 2020. Ó 2019, tá laghdú 18 (3%) tagtha ar líon na dtithe altranais i gcaitheamh na tréimhse ama céanna, bhí líon na leapacha fós mar an gcéanna den chuid is mó le laghdú beag ar an iomlán de 126 (0.4%).

Tábla 2 - Líon na n-ionad agus na leapacha i gcaitheamh na dtrí bliana seo caite


Bliain	Líon na n-ionad	Líon na leapacha
2019	585	31,968
2020	573	32,091
2021	567	31,842

Féadtar tithe altranais a bheith faoi úinéireacht agus bheith á n-oibriú ag roinnt eintitis dhlíthiúla, lena n-áirítear:

- an FSS
- Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004
- soláthraithe príobháideacha.

Tá mórchuid na dtithe altranais (77%) faoi úinéireacht agus faoi oibriú soláthraithe príobháideacha.

Léaráid 1 - Leagtar amach próifíl úinéireachta na dtithe altranais ag deireadh 2021



Ní hionann an céatadán de thithe altranais in aghaidh an chineál soláthraí agus an céatadán de leapacha cláraithe in aghaidh an chineál soláthraí. Mar shampla, oibríonn soláthraithe príobháideacha 77% de thithe altranais anois; is ionann sin, áfach, agus 80% de na leapacha cláraithe atá ar fáil san earnáil. I dTábla 3 leagtar amach próifíl úinéireachta na dtithe altranais ag deireadh 2021. I dTábla 4 leagtar amach an chaoi ar tháinig roinnt athruithe ar phróifíl úinéireachta na n-ionad agus na leapacha le trí bliana anuas.

Tábla 3 - Próifíl úinéireachta na dtithe altranais ag deireadh 2021

Cineál soláthraí	Líon na n-ionad	Líon na leapacha
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (Poiblí)	111	5,322
Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004	17	946
Soláthraithe príobháideacha	439	25,574
Iomlán	567	31,842

Tábla 4 - Tháinig roinnt athruithe ar phróifíl úinéireachta na n-ionad agus na leapacha le trí bliana anuas

Cineál soláthraí	2019		2020		2021	
	Líon na n-ionad	Líon na leapacha	Líon na n-ionad	Líon na leapacha	Líon na n-ionad	Líon na leapacha
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (Poiblí)	122 (21%)	5,864 (18%)	113 (20%)	5,596 (17%)	111 (20%)	5,322 (17%)
Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004	20 (3%)	1,123 (4%)	17 (3%)	978 (3%)	17 (3%)	946 (3%)
Soláthraithe príobháideacha	443 (76%)	24,981 (78%)	443 (77%)	25,517 (80%)	439 (77%)	25,574 (80%)
Iomlán	585	31,968	573	32,091	567	31,842

Acmhainn leapacha

In 2021, cuireadh leapacha nua ar fáil i dtithe altranais trí chlárú trí theach altranais nua agus síntí ar 16 theach altranais reatha. Cuireadh 253 leaba nua ar fáil i dtithe altranais nua, agus le síntí ar thithe altranais reatha cuireadh 172 leaba bhreise ar fáil.

D'athraigh líon na leapacha cláraithe freisin mar gheall ar dhúnadh tithe altranais nó laghdú ar líon na leapacha i dteach altranais. In 2021:

- Laghdaigh 62 ionad a n-acmhainn agus mar thoradh air sin tháinig laghdú 474 ar leapacha.
- Dúnadh naoi n-ionad agus mar thoradh air sin tháinig laghdú 300 ar na leapacha
 - dúnadh cúig ionad go deonach
 - dúnadh ceithre hionad faoi Alt 51 den Acht Sláinte 2007.

Tar éis tosach feidhme rialacháin maidir le tithe altranais in 2009, cuireadh achar ama de mhí na Nollag 2015 i bhfeidhm le haghaidh gach soláthraí chun a chinntiú go mbeadh timpeallacht fhisiceach a dtí altranais ag cloí le Rialachán 17 agus Sceideal 6 den Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) 2013. I mí na Samhna 2015, shínigh an tAire Sláinte an t-achar ama go 2022.

Cuimsíonn forálacha sonracha atá ábhartha d'fhoirgneamh tí altranais agus atá cuimsithe in Ionstraim Reachtúil (IR) 293:


1. Amhail an 1 Eanáir 2022 agus as sin amach, ní mór go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag gabháil le seomra leapa in ionad ainmnithe ar nó roimh mhí Iúil 2009 nó cuid d'ionad ainmnithe i gcás go ndearnadh an gnó sin ar an dáta sin nó roimhe:
 - a. achar nach lú ná 7.4 m² de spás urláir, nach mór go gcuimseodh an t-achar sin an spás ina mbeidh leaba, cathaoir agus spás stórála pearsanta, le haghaidh gach cónaitheora sa seomra sin.
 - b. ní foláir nach mbeadh níos mó ná ceathrar cónaitheoirí i seomra leapa ar bith seachas seomra ardspleáchais, nach mór nach mbeadh níos mó ná seisear cónaitheoirí ann.
 - c. neart spáis um shuí agus um chaitheamh aimsire seachas cóiríocht phríobháideach cónaitheora agus, ar an 1 Eanáir 2022 agus as sin amach, áiseanna itheacháin do gach cónaitheoir a fhéadann freastal ar líon na gcónaitheoirí atá i gceist ach gan gá go bhféadfaí freastal orthu ar fad ag an suí céanna.
 - d. leithris, lena n-áirítear leithris ar féidir rochtain a fháil orthu go héasca, agus atá gar do sheomraí leapa gach ochtar cónaitheoirí, ach gan gá go mbeadh siad sa seomra céanna leo.

Tá an Príomhchigire tiomanta dá chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag an bhfoirgneamh a bhfuil cónaí orthu ann ar an gcáilíocht saoil, príobháideachas ná dínit cónaitheoirí. Ó achtaíodh IR 293 in 2016, tá plé leanúnach ar siúl idir an Príomhchigire agus soláthraithe cláraithe tithe altranais maidir leis an tsaincheist sin. Maidir le go leor soláthraithe reatha¹ a thuig nach mbeadh a bhfoirgneamh ag cloí leis na rialacháin athbhreithnithe, tá gníomh glactha acu chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna aitheanta nó tá athchóiriú nó méadú déanta acu ar a bhfoirgneamh, nó tá líon na n-áititheoirí ina n-ionad laghdaithe acu nó tá athchumrú déanta acu air, gníomhartha atá léirithe le líon reatha na dtithe altranais agus na leapacha cláraithe.

Ag deireadh 2021, bhí 100 leaba nó níos mó ag 10% de thithe altranais.

1 Dúnadh roinnt ionad, i gcás nár thacaigh an tsamhail airgeadais a bhí mar bhonn don teach altranais leis an leibhéal infheistíochta a theastaigh chun comhlíontacht a bhaint amach.

Fíor 2 - Ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta de réir méid leapa, amhail an 31 Nollaig 2021



Iniúchtaí

In 2021, rinneamar 555 iniúchadh ar 456 teach altranais. Féadfaidh cigire amháin nó níos mó cigireacht amháin a dhéanamh le linn lá amháin nó níos mó laethanta. Áirítear leis na tosca a chuirtear san áireamh agus acmhainní á leithdháileadh ar chigireachtaí an fhaisnéis atá ar fáil, méid ráige (má bhaineann le hábhar) agus méid an ionaid agus stair chomhlíonadh na rialála san ionad. In 2021, caitheadh 948 lá cigireachta ar chigireacht ar 555 teach altranais.

Léireofar aon chigireacht ar theach altranais nuair a fhoilseofar tuairisc ar an gcigireacht ach amháin i gcás cúpla mioneisceachta². In 2021, foilsíodh 499 tuairisc cigireachta agus cuireadh na tuairiscí eile³ ar aghaidh tríd an gcóras.


Ó thús na paidéime, bhí cigireachtaí gan fógra ar thithe altranais ina ngnáthrud agus 95% de na cigireachtaí go léir ar thithe altranais in 2021 arna ndéanamh gan fógra. As na 5% eile de chigireachtaí, cigireachtaí fógartha le fógra gairid a bhí i 4%⁴ agus tugadh fógra maidir leis an 1% eile. Ós rud é gurb é cuspóir na cigireachta fógartha deis a thabhairt do ghaolta cónaitheoirí i dtithe altranais bheith i láthair le linn cigireachta, ní fhéadfaí leas a bhaint as na cigireachtaí sin mar go ndearnadh cigireacht ar go leor tithe altranais in 2021 i lár ráige de COVID-19.

2 Ní fhéadfar tuairisc a fhoilsiú má tá an t-ionad neamhchláraithe agus má rinneadh an chigireacht chun é a chlárú, nó má rinneadh an chigireacht chun bonn eolais a chur faoi iarratas ar éagsúlú ar choinníoll cláraithe agus murar chuimsigh sé athbhreithniú ar aon saincheisteanna eile.

3 Ní féidir dhá thuairisc atá faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a fhoilsiú faoi láthair.


4 Tugann cigireachtaí fógartha le fógra gairid 48 uair an chloig ar a laghad don soláthraí roimh chigireacht.

Fíor 3 - Céatadán fógartha, fógartha le fógra gairid agus gan fhógra cigireachtaí ar thithe altranais a rinneadh in 2021



Rinneadh dhá chigireacht nó níos lú ar an gcuid is mó de thithe altranais a ndearnadh cigireacht orthu in 2021. Rinneadh níos mó ná dhá chigireacht ar líon beag de thithe altranais, áfach, mar thoradh ar imní a bheith curtha in iúl faoi chúram agus leas cónaitheoirí. I rith 2021, b'éigean trí chigireacht nó níos mó a dhéanamh ar 13 theach altranais; ba ionann sin agus 2.8% de na tithe altranais go léir a ndearnadh cigireacht orthu i gcaitheamh na bliana.

Fíor 4 - Líon na gcigireachtaí in aghaidh an ionaid in 2021



Faisnéis a ghlacadh

Glacann HIQA agus an Príomhchigire le dhá chineál difriúla faisnéise faoi thithe altranais:

- faisnéis nár iarradh
- faisnéis a iarradh i bhfoirm fógraí.

Faisnéis a iarradh

Féadfaidh baill den phobal nó daoine eile a bhfuil imní orthu faoin gcúram a chuirtear ar fáil do chónaitheoirí i dteach altranais teagmháil a dhéanamh le HIQA. Déantar athbhreithniú ar gach mír faisnéise gan iarraidh a fhaightear agus tugtar rátáil riosca di agus, nuair is cuí⁵, úsáidtear an fhaisnéis chun bonn eolais a chur faoi rialáil tithe altranais aonair.

Le linn 2021, fuaireamar 1,024 píosa faisnéise gan iarraidh a bhain le tithe altranais, laghdú 16% ar an líon a fuarthas sna 12 mhí roimhe.

Tábla 5 - Foinsí faisnéise nár iarradh in 2021

Foinse na faisnéise nár iarradh	Líon a fuarthas in 2021
Cónaitheoirí tí altranais	34
Gaolta le cónaitheoirí	556
Fostaithe tí altranais	183
Eile	251

I measc na gcineálacha faisnéise gan iarraidh a fuaireamar bhí faisnéis a bhain le caighdeán cúraim (lena n-áirítear cúram pearsanta, cúram sóisialta, cúram sláinte, cothú agus uisce, pleanáil cúraim, láimhseáil titime, agus bainistíocht cógas), cosaint, ceart cónaitheoirí, rialachas agus bainistíocht, cumarsáid, soláthar foirne agus lucht oibre, bearta chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú, leas agus forbairt i gcoitinne, láimhseáil gearán, cuairteanna agus earraí pearsanta.


Maidir le haon mhír déag d'fhaisnéis nár iarradh, tugadh moladh do theach altranais faoi leith. Fuarthas naoi gcinn ó ghaolta, ceann amháin ó chónaitheoir agus ceann amháin ó dhuine eile. Leagadh béim leis na míreanna faisnéis sin ar an gcaoi ar seasadh le cearta cónaitheoirí agus tugadh moladh freisin don fhoirgneamh i gceann amháin acu. Maidir le naoi gcinn de na 11 ghearán a fuarthas sonraíodh freisin na dea-shocruithe rialachais agus bainistíochta a bhí i bhfeidhm san ionad, agus rinneadh tagairt do sholáthar sásúil foirne in dhá cheann díobh freisin.

5 Cé nach bhfuil sainchúram rialála ar HIQA faoin Acht Sláinte 2007 gearán aonair a iniúchadh nó a láimhseáil, déanann an Príomhchigire athbhreithniú ar an bhfaisnéis a fhaightear d'fhonn a shocrú an léiriú sí riosca do shábháilteacht, d'éifeachtacht, agus do bhainistíocht na seirbhíse agus an chúraim laethúil a fhaigheann cónaitheoirí.

Faisnéis a iarradh - fógraí

Éilítear ar sholáthraithe nó ar dhaoine atá i gceannas fógraí a chur isteach maidir le teagmhais shuntasacha a tharlaíonn i lárionad laistigh de thrí lá, agus chun an Príomh-Chigire a chur ar an eolas maidir le cúrsaí sonracha eile sa lárionad ar bhonn ráithiúil. Déantar measúnú riosca ar na fógraí sin agus déantar ár ngníomhaíochtaí rialála a threorú leo. I rith 2021, fuair 17,909 fógra, líon beagáinín níos lú ná an líon a fuair an bhliain roimhe⁶.

Fíor 5 Fógraí rialála a fuair ó thithe altranais in 2021



Fógraí faoi COVID-19 i dtithe altranais

Ceanglaítear ar sholáthraithe tí altranais fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi aon ráig de ghalar tógalach in ionad. I gcomhthéacs COVID-19, ceanglaítear ar sholáthraithe fógra a thabhairt don Phríomhchigire nuair a mheastar nó nuair a dheimhnítear go bhfuil COVID-19 ar chónaitheoir amháin nó níos mó.

Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, chuaigh COVID-19 i bhfeidhm go mór ar thithe altranais agus gan ach 53 teach altranais nár thuairiscigh cás deimhnithe de COVID-19.

In 2021, chuir 516 teach altranais fógra faoi bhráid an Phríomhchigire inar cuireadh in iúl go raibh cás deimhnithe de COVID-19 i measc cónaitheoirí nó foirne. Ina theannta sin, thug 13 teach altranais eile tuairisc ar chás measta amháin nó níos mó, a tharla ina dhiaidh sin nárbh COVID-19 a bhí i gceist.


6 Fuair an Príomhchigire 18,475 fógra in 2020.

Thug trí chéad agus naoi déag teach altranais fógra don Phríomhchigire chun sonrú go raibh cás deimhnithe de COVID-19 acu i measc cónaitheoirí nó foirne dhá uair nó níos mó in 2021:

- Thug 91% de thithe altranais tuairisc ar chás deimhnithe amháin ar a laghad de COVID-19 (cónaitheoirí nó baill foirne).
- Maidir le 9% de thithe altranais níor thuairiscigh siad cás ar bith de COVID-19 deimhnithe.
 - Maidir le 7% de thithe altranais níor thuairiscigh siad cás ar bith de COVID-19 deimhnithe ná measta (cónaitheoirí nó baill foirne).
 - I gcás 2% de thithe altranais thuairiscigh siad cás de COVID-19 measta (cónaitheoirí nó baill foirne) a tharla nárbh COVID-19 a bhí ann sa deireadh.

Bhí an céatadán d'ionaid a thug fógra don Phríomhchigire faoi chás deimhnithe COVID-19 i measc cónaitheoirí nó foirne mar an gcéanna ar fud gach cineál soláthraí. Thug 91% de thithe altranais faoi úinéireacht phríobháideach (401) agus 90% d'ionaid a oibrítear nó a mhaoinítear go reachtúil (115)⁷ tuairisc ar chás deimhnithe amháin ar a laghad de COVID-19 i measc cónaitheoirí nó ball foirne.

Fíor 6 - Líon na bhfógraí a fuarthas in 2021 chun cónaitheoirí nó ball foirne a thuairisciú a raibh COVID-19 deimhnithe orthu




Chomh maith le fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi ráigeanna deimhnithe nó measta de COVID-19, ceanglaítear ar sholáthraithe tithe altranais freisin an Príomhchigire a chur ar an eolas faoi bhásanna gan choinne. Baineann na fógraí sin le gach bás gan choinne agus ní básanna a bhain le COVID-19 go sonrath atá i gceist.

7 Áirítear leis sin ionaid arna n-oibriú ag an FSS agus ionaid arna n-oibriú faoi Alt 38 agus Alt 39 den Acht Sláinte 2007.

Soláthraíonn an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) eolas faoi bhásanna fíoraithe a bhain le COVID-19. Ag tús na paindéime, áfach, d’eisigh an Príomhchigire fógra rialála lena cheangal go ndéileáfaí le bás cónaitheora i ndáil leis an ionfhabhtú COVID-19, bíodh gur cás measta nó deimhnithe a bheadh i gceist, mar bhás gan choinne agus fógra a thabhairt amhlaidh don Phríomhchigire.


In 2021, tugadh fógra don Phríomhchigire faoi 1,895 bás gan choinne ⁸ i measc cónaitheoirí i dtithe altranais.

Fíor 7 - Fógraí faoi bhásanna gan choinne a fuarthas idir Eanáir agus Nollaig 2021



Bhí an figiúr a fuarthas in 2021 mar an gcéanna leis an bhfigiúr a fuarthas in 2020 agus cuid mhaith ní b’airde ná 2019, roimh thús phaindéim COVID-19.

Fíor 8 -- Fógraí faoi bhásanna gan choinne a 2019-2021



8 Áirítear leis an bhfigiúr sin gach bás gan choinne i ngach teach altranais seachas díreach básanna gan choinne i measc cónaitheoirí a raibh COVID-19 orthu.

4.1.2 Rialáil ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas

Réamhrá

Bhí COVID-19 fós chun tosaigh agus seirbhísí á soláthar do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn i rith 2021. Mar gheall ar an bpaindéim bhí dúshlán roimh sholáthraithe riosca an ionfhabhtaithe a láimhseáil in ionaid, agus a chinntiú freisin go seasfaí le cearta daoine faoi mhíchumas agus go gcuirfí chun cinn iad le linn tréimhse deacra.

Ar an iomlán, cé nach raibh ann ach roinnt eisceachtaí ar an drochuair, fuair na cigirí gur éirigh le soláthraithe baol an ionfhabhtaithe a láimhseáil in ionaid ainmnithe. Mar a bhí amhlaidh in 2020, bhí an ráta ionfhabhtaithe in ionaid do dhaoine faoi mhíchumas cuid mhaith ní ba ísle ná mar a bhí i suíomhanna eile sláinte agus cúraim shóisialta.

Bhí tionchar ag cur i bhfeidhm na mbeart sláinte poiblí agus an chláir vacsaínithe chomh maith agus thug cigirí faoi deara, i gcoitinne, go raibh na srianta céanna ar shaol laethúil daoine faoi mhíchumas a raibh cónaí orthu in ionaid ainmnithe is a bhí ar an bpobal i gcoitinne. Chiollaigh sé sin, i rith na bliana, go raibh laghdú ar na srianta a bhíodh ar dhaoine in 2020 a raibh feabhsúcháin ar shaol laethúil go leor cónaitheoirí mar thoradh orthu. Ba mhinic a raibh cónaitheoirí in ann bualadh go pearsanta arís lena ngaolta agus lena gcairde, filladh ar a gcuid seirbhísí laethúla agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobalbhunaithe dá rogha féin.

Trí chigireachtaí fógartha agus gan fógra in 2021, bhí cigirí in ann dearbhú a thabhairt faoin gcaighdeán seirbhíse agus tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas in ionaid ainmnithe. Fuair cigirí, áfach, nach raibh bearta sásúla um chosc agus rialú ionfhabhtaithe i bhfeidhm ag cohórt d'ionaid. Sna cásanna sin, ceanglaíodh ar sholáthraithe bearta a chur i bhfeidhm chun bainistíochta riosca ina gcuid ionad a fheabhsú.

Ina theannta sin, fuair cigirí go raibh socruithe maoirseachta ar an láithreán le haghaidh roinnt ionad le linn na paindéime laghdaithe nó stoptha ag soláthraithe. Chiollaigh sé sin go raibh láithreach laghdaithe nó easpa láithreach iniúchta nó bainistíochta ar an láthair sna hionaid sin, agus d'aithin cigirí meathlú ar an gcaighdeán seirbhíse do roinnt cónaitheoirí. Sna cásanna sin, ní hamháin gur ceanglaíodh ar sholáthraithe déileáil leis an neamhchomhlíonadh, ach ceanglaíodh orthu freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid socruithe bainistíochta agus cuntasachta le haghaidh na n-ionad.


Inár gcuid tuairiscí forléargais le haghaidh 2019 agus 2020, d'aithin an Príomhchigire fós go mbíonn riosca an droch-chaighdeán cúraim agus tacaíochta níos mó do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna cruinnithe. Tacaímid leis an mbeartas náisiúnta chun daoine a aistriú ó shuíomhanna cruinnithe go socruithe cónaithe níos cuí bunaithe sa phobal. I rith 2021, tháinig laghdú de 422 ar an iomlán ar líon na n-áiteanna cónaitheacha i suíomhanna cruinnithe.

Arís eile in 2021, tharla teagmhais inar theip ar na socruithe cónaithe do roinnt cónaitheoirí agus nárbh sábháilte dóibh fós leanúint ar aghaidh ina gcónaí ina gcuid tithe reatha. Suíomhanna éigeandála iad sin i gcás nach bhfuil roghanna sábháilte eile ar fáil do na cónaitheoirí. Chun sábháilteacht cónaitheoirí a chinntiú, tá ionaid neamhchláraithe oscailte agus a n-oibriú ag soláthraithe; is cion é sin faoin Acht Sláinte 2007 (mar atá leasaithe). Tharla ceithre theagmhas mar sin in 2021. Ó bhí 2017 ann, tá an Príomhchigire ag plé leis an Roinn Sláinte chun tacú le forbairt forálacha san Acht Sláinte 2007 lena dtugtar aghaidh ar an mbearna sin sa reachtaíocht agus ena ndéantar soláthar do chlárú sealadach ionad nuair a bhíonn géarchéim ag cónaitheoirí.

Clárú

Amhail an 31 Nollaig 2021 ar aghaidh, tá 1,401 ionad cláraithe a sholáthraíonn seirbhísí cónaitheacha do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas, glanmhéadú de 61 ionad cláraithe ón 31 Nollaig 2020. Cé go soláthraíonn mórchuid na lárionad ainmnithe sin seirbhísí d'aosaigh, soláthraíonn 37 ceann díobh seirbhísí do mheascán d'aosaigh agus de leanaí, agus is lárionaid faoisimh iad mórchuid na lárionad sin ar féidir leo freastal ar leanaí agus ar aosaigh ag amanna éagsúla. Tá 94 lárionad ann atá dírithe go sainiúil ar leanaí faoi mhíchumas.

Fíor 9 - Líon na lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine faoi mhíchumais (de réir cineál soláthraí) ar an 31 Nollaig 2021⁹




9 Dearbhaítear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine le seirbhís sláinte nó cúraim shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann an FSS. Dearbhaítear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d'aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.

Sholáthair na 1,401 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas 9,039 áit chónaithe, laghdú 127 ar áiteanna cónaithe i gcomparáid le 2020. Tharla an chuid is mó de na laghduithe sin toisc nach raibh gá ag soláthraithe le háiteanna cónaithe breise a bhí cláraithe acu i rith 2020 mar chuid dá réamhchúraimí um COVID-19.

As iomlán na n-áiteanna cónaithe, áiteanna le haghaidh daoine fásta a bhí in 8,424 díobh, meascán d'áiteanna daoine fásta nó leanaí a bhí in 233 díobh, agus áiteanna leanaí a bhí in 382 díobh. Áiríodh leo siúd socrúcháin chónaitheacha fhadtéarmacha agus socrúcháin ghearrthéarmacha faoisimh.

Sholáthair FSS 1,114 (12.3%) de na háiteanna sin go díreach, agus soláthraíodh 4,940 áit (54.7%) trí shocrú maoinithe FSS faoi Alt 38 agus soláthraíodh 2,985 áit (32%) trí chúnamh ó FSS faoi Alt 39 do sholáthraithe.

Fíor 10 - Céatadán d'áiteanna arna soláthar do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar shocrú maoinithe an Iárionaid ainmnithe ar an 31 Nollaig 2021



Féadann ionaid ainmnithe níos mó ná foirgneamh amháin a chuimsiú, agus is féidir le gach ceann de na foirgnimh sin a bheith scaipthe laistigh de shuíomh pobail, comhshuite i mbaile nó in eastát tithíochta, foirgneamh neamhspleách nó braisle foirgneamh atá suite le chéile ar champas.


Sa bheartas náisiúnta ar shuíomhanna cruinnithe sainítear suíomh cruinnithe mar seo a leanas:

“Suíomhanna iad suíomhanna cruinnithe áit a bhfuil cónaí ar níos mó ná 10 nduine nó níos mó faoi mhíchumas le chéile in aonad cónaithe amháin nó a chuirtear i gcóiríocht iad atá bunaithe ar champas. Sa chuid is mó de na cásanna, bíonn daoine grúpáilte le chéile agus is minic a chaiteann siad saol leithlisithe amach ón bpobal, óna muintir agus ó chairde. Bíonn cónaí ar go leor acu i ndálaí cónaithe institiúideacha nach mbíonn príobháideachas ná dínit bhunúsach acu iontu.¹⁰”

Cé go leanann líon na n-áiteanna cónaitheacha i suíomhanna cruinnithe ag dul i méid, ar aon dul le beartas náisiúnta an FSS, tá cónaí ar go leor cónaitheoirí iontu fós. As na 9,039 áit chónaitheach a bhí cláraithe ag deireadh 2021, bhí 27% nó 2,419 áit fós suite i suíomhanna cruinnithe. Laghdú de 422 é sin ar líon na n-áiteanna cláraithe in 2020.

Astu siúd, bhí 1,893 áit chónaithe suite ar 55 shuíomh campais. Is gnách go mbíonn na campais sin fo-roinnte i roinnt ionad ainmnithe. Ina theannta sin, bhí 526 áit chónaitheach suite i 41 ionad ainmnithe a bhí cláraithe mar shuíomhanna cruinnithe neamhspleácha le haghaidh 10 nduine nó níos mó.

Fíor 11 - Líon na leapacha i suíomh cruinnithe cláraithe do dhaoine faoi mhíchumas amhail an 31 Nollaig 2021



10 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Tá sé in am bogadh ar aghaidh ó láithreacha comhchónaithe - Straitéis chun an pobal a chuimsiú. Baile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; 2011

Gníomhaíocht chigireachta agus freagairt rialála ar COVID-19


I rith 2021, cuireadh 1,220 iniúchadh i gcrích ar ionaid do dhaoine le míchumais. Chuimsigh iniúchtaí gnáth-iniúchtaí monatóireachta agus iniúchtaí riosca-bhunaithe, áit a raibh comhartha de riosca féideartha do shábháilteacht cónaitheoirí.

Mar fhreagra ar an éigeandáil sláinte leanúnach, leanamar orainn ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar bhearta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe agus iniúchtaí ar siúl. Foriomlán, Rialachán 27: Rinneadh monatóireacht ar chosaint ar Ionfhabhtú in 1,048 iniúchadh. I gcás 77% de na hiniúchtaí sin, bhí dea-bhearta um rialú ionfhabhtaithe i bhfeidhm ag soláthraithe agus bhí siad ag cloí leis na ceanglais rialála. Sna hionaid eile, bhain na príomhréimsí neamh-chomhlíontachta le hoiliúint foirne, bearta ginearálta chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú, pleananna cúraim agus beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus treoirlínte chun ionfhabhtú a rialú. Sna hionaid sin, cheangail na hiniúcháirí ar sholáthraithe a gcuid socruithe foriomlána um chosc agus rialú ionfhabhtaithe a fheabhsú.

Chun tacú leis an dea-chleachtas agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi ar ghlac soláthraithe le nósanna imeachta atá ag teacht leis na caighdeáin náisiúnta, d'fhorbraíomar agus thosaíomar clár iniúchtaí atá dírithe go sonrath ar Rialachán 27: Cosaint ar ionfhabhtú: I mí na Samhna 2021, thosaíomar sraith de 19 n-iniúchadh phíolótacha a dhírigh ar chosc agus rialú an ionfhabhtaithe thar speictream leathan de lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfar an clár iniúchtaí sin a leathnú i rith 2022.

Is féidir iniúchtaí a dhéanamh le fógra nó gan fógra nó a dhéanamh le fógra gairid agus is féidir leo tarlú ag aon am den lá nó den oíche. As na 1,220 iniúchadh a cuireadh i gcrích in 2021, bhí 16% acu fógartha, rinneadh 53% le fógra gairid agus bhí an 31% eile gan fógra.


Fíor 12 - Céatadán d'iniúchtaí fógartha agus gan fógra ar lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi míchumas a rinneadh in 2021



Rinneadh iniúchadh amháin ar fhoirmhór na n-ionad (1,025) ar tugadh cuairt orthu in 2021. Léirítear leis sin go raibh leibhéal maith comhlíonta i gceist leo agus, i gcás neamhchomhlíonadh, thug an soláthraí aghaidh go cuí air. Cé go raibh dhá iniúchadh riachtanach maidir le 94 ionad d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, bhí sé riachtanach trí iar-iniúchadh nó níos mó a dhéanamh ar dhá hionad. Sna dá hionad sin, bhí ábhair imní shuntasacha maidir le cáilíocht bheatha do chónaitheoirí agus b'éigean do na cigirí monatóireacht bhreise a dhéanamh dá mbarr.

Mar thoradh ar thromchúise na n-ábhar imní in dhá ionad, ceann amháin a bhí á oibriú ag Camphill Communities of Ireland agus an ceann eile á oibriú ag Stepping Stones Residential Care Ltd, chinn an Príomhchigire a gclárú a chur ar ceal. Scoir ionad Stepping Stones Residential Care Ltd d'oibriú mar lárionad ainmnithe agus ghlac FSS ceannas ionad Camphill Communities of Ireland agus d'oibrigh sé é de réir Alt 64 den Acht Sláinte 2007 gur cláraíodh soláthraí nua. Le hiar-iniúchtaí ar an ionad sin fuarthas go raibh sábháilteacht cónaitheoirí á cinntiú ag an FSS le linn na hidirthréimhse.


Fíor 13 - Céatadán na gcuairteanna iniúchta in aghaidh an ionaid ar a ndearnadh iniúchadh in 2021



Faisnéis a ghlacadh

Éilítear ar sholáthraithe nó ar dhaoine atá i gceannas fógraí a chur isteach maidir le teagmhais shuntasacha a tharlaíonn i lárionad laistigh de thrí lá, agus chun an Príomh-Chigire a chur ar an eolas maidir le cúrsaí sonracha eile sa lárionad ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn sé mhí. Déantar measúnú riosca ar na fógraí sin agus déantar ár ngníomhaíochtaí rialála a threorú leo. I rith 2021, fuaireamar 28,669 fógra maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Fíor 14 - Fógraí rialála a fuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2021




Faighimid tuairiscí freisin ó bhaill den phobal agus ó fhoinsí eile faoina n-ímní i dtaobh seirbhísí. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun tacaíocht a thabhairt dár gclár iniúchta. In 2021, fuair 234 ábhar ímní faoi sheirbhísí míchumais.

Fógraí faoi COVID-19 in ionaid do dhaoine faoi mhíchumas

Ceanglaítear ar sholáthraithe cláraithe fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi aon ráig de ghalar tógalach in ionad. I gcomhthéacs COVID-19, ceanglaíonn an Príomhchigire ar sholáthraithe fógraí a thabhairt nuair a mheastar nó nuair a dheimhnítear go bhfuil COVID-19 ar chónaitheoir nó ar bhall foirne amháin nó níos mó.

Fíor 15 - Líon na bhfógraí a fuarthas in 2021 chun cónaitheoir nó ball foirne a thuairisciú a raibh COVID-19 measta nó deimhnithe orthu




In 2021, fuarthas 5,864 fógra áit a raibh cásanna measta nó deimhnithe de COVID-19 ag ionaid. Fuarthas an líon b'airde fógraí i mí Eanáir 2021, ag an am céanna leis an tríú tonn den éigeandáil sláinte poiblí.

Nuair a fhaigheann an Príomhchigire fógra faoi COVID-19, déantar athbhreithniú air, tugtar rátáil riosca ina leith agus dúntar é i gcás nach mbraitear aon ráig nó nuair atá an ráig ag an ionad thart, ar aon dul leis an gcomhairle sláinte poiblí. As na 5,864 fógra a fuarthas ina raibh cásanna measta nó deimhnithe de COVID-19 ag ionaid, bhí cónaitheoir nó ball foirne amháin nó níos mó a raibh COVID-19 deimhnithe orthu tuairiscithe i 33% de na fógraí sin.

As na 1,401 lárionad ainmnithe deimhnithe do dhaoine faoi mhíchumas, chuir 1,305 ionad isteach fógra maidir le COVID-19 in 2021. As na hionaid sin, bhí cás deimhnithe amháin ag cónaitheoirí nó ball foirne ag 87% díobh. In 2021, bhí 271 ionad ann nár thug tuairisc ar ráig de COVID-19. Cuirtear faisnéis ar fáil i bhFíor 16 faoi ionfhabhtuithe deimhnithe COVID-19.


Fíor 16 - Líon na bhfógraí a fuarthas in 2021 chun cónaitheoir nó ball foirne a thuairisciú a raibh COVID-19 deimhnithe orthu




Chomh maith le fógra a thabhairt don Phríomhchigire faoi theagmhais deimhnithe nó mheasta COVID-19, ceanglaítear ar sholáthraithe cláraithe an Príomhchigire a chur ar an eolas faoi bhásanna gan choinne ina gcuid ionad. Baineann na fógraí sin le gach bás gan choinne agus ní básanna a bhain le COVID-19 go sonrach atá i gceist. Soláthraíonn an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) eolas faoi bhásanna fíoraithe a bhain le COVID-19.

Bhí líon na mbásanna gan choinne in 2021 níos lú ná mar a bhí in 2020. Is airde an figiúr fós, áfach, i gcomparáid le líon na mbásanna gan choinne a tuairiscíodh roimh an bpaindéim in 2019.

Fíor 17 - Fógraí faoi bhás gan choinne 2019-2021



Fíor 18 - Fógraí faoi bhásanna gan choinne a fuarthas idir Eanáir agus Nollaig 2021



Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara



Chomh maith le bualadh le cónaitheoirí mar chuid den phróiseas iniúchta, leanamar orainn ag bualadh le grúpaí cónaitheora chun éisteacht lena gcuid eispéireas ar bheith ina gcónaí in lárionaid ainmnithe chláraithe. In 2021, bhuaileamar le 22 grúpa cónaitheoirí ar fud na tíre go fíorúil trí fhíschomhdháil. I measc na n-ábhar a pléadh bhí a gcuid ceart, rogha, baile, a dtaithe ar iniúchadh agus tionchar COVID-19 ar a saol. Labhair cónaitheoirí faoina gcuid eispéireas ar cónaí a bheith orthu i suíomh comhchónaithe nó suíomh campas-bhunaithe agus conas mar a bhí sé bogadh go tithíocht sa phobal.

Ar an 3 Nollaig 2021, chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh, roinneamar físeán chun na heispéiris sin a chur in iúl i bhfocail na gcónaitheoirí féin. Nuair a cuireadh ceist orthu faoi bhrí an bhaile dóibh, d'inis cónaitheoirí dúinn go raibh siad sásta nuair a bhí a spás féin acu agus nuair nach raibh orthu tithe a roinnt le go leor daoine eile acu. Maidir le go leor cónaitheoirí ar labhraíomar leo bhí cónaí orthu i suíomhanna comhchónaithe ar feadh tréimhse fada agus d'inis siad dúinn go raibh áthas orthu bheith in ann a seomra leapa a mhaisiú ina dteach nua féin. Úsáidfidimid an t-aiseolas ó na cruinnithe sin chun an próiseas iniúchta a fheabhsú do chónaitheoirí.

In 2021, leanamar ag plé freisin leis na ceithre chomhlacht ionadaíoch ar sholáthraithe sheirbhísí míchumais; Cónaidhm Náisiúnta na Soláthraithe Deonacha Seirbhíse, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus an FSS ina ról mar sholáthraithe seirbhíse. Bhí naoi gcruinniú ag an bhfóram i rith 2021, chun tacú le bealaí éifeachtacha agus leanúnacha cumarsáide idir an rialaitheoir agus soláthraithe. Deis luachmhar ba ea na cruinnithe sin do sholáthraithe seirbhíse eolas suas le dáta a thabhairt do HIQA faoi aon saincheisteanna nua agus do HIQA eolas suas chun dáta a thabhairt faoi chúrsaí rialála.

Conclúid

I rith 2021, leanamar ag plé le soláthraithe, cónaitheoirí, leis an FSS agus leis an Roinn Sláinte faoi sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Dhírigh ár gclár monatóireachta agus cigireachta ar bhearta éifeachtacha a chinntiú um chosc agus rialú ionfhabhtaithe chun cónaitheoirí ar riosca an ionfhabhtaithe, agus béim á cur ar chur chuige bunaithe ar chearta daonna i dtreo seirbhísí cónaitheacha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas a chinntiú.

In 2022, leanfaimid leis an gclár oibre sin, agus leanfaimid ag plé freisin ar bhealach cuiditheach leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, atá chun freagracht a ghlacadh as earnáil an mhíchumais in 2022.

4.1.3 Rialáil agus monatóireacht na seirbhísí cúraim shóisialta do leanaí in Éirinn

Déanaimid monatóireacht agus iniúchadh ar raon seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla do leanaí. Áirítear leis a seirbhísí sin:

- ionaid chónaithe leanaí (reachtúil)
- cúram altrama (reachtúil agus neamhreachtúil)
- aonaid sainchúraim (lárionaid ainmnithe reachtúla)
- Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
- seirbhísí cosanta agus leasa leanaí (reachtúla).

Tá a creat reachtúil féin ag gach seirbhís a thugann an t-údarás do HIQA monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís, ag úsáid caighdeán nó rialachán ina leagtar amach an méid a bhfuiltear ag súil leis ón tseirbhís.

Ar an iomlán in 2021, fuair na hiniúchtaí ar sheirbhísí leanaí go raibh leibhéil fheabhsaithe comhlíontachta de réir caighdeáin agus rialacháin náisiúnta agus bhí tuairim dhearfach ag formhór na leanaí faoina dtaithe ar sheirbhísí.

Ba dhifriúil taithe agus tionchar COVID-19 ar sheirbhísí cónaitheacha agus cúraim shláin do leanaí i gcomparáid le 2020. Léirigh an fhaisnéis a bhailíomar i rith na bliana cé go líon na ráigeanna íseal fós i gcomparáid le suíomhanna cúraim shóisialta eile, gur raibh méadú ann i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Tharla ráig den víreas in 2021 i ndíreach os cionn 5% d'ionad chónaitheacha do leanaí, in aonad cúraim shóisialta amháin agus i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Ina theannta sin, bhí leibhéil arda d'asláithreacht foirne i roinnt seirbhísí mar thoradh ar chásanna measta a raibh orthu leithlisiú. D'ainneoin na ndúshlán sin, fuaireamar go raibh teagmhasachtaí éifeachtacha i bhfeidhm ag na seirbhísí sin, rud a chiallaigh nár cuireadh isteach ar sholáthar seirbhísí ná cúram dea-chaighdeáin leantach do leanaí nó nár cuireadh isteach orthu ach ar bhealach teoranta.

B'éagsúil tionchar COVID-19 ar leanaí agus a dteaghlaigh i rith na bliana, agus léirigh sé na srianta athraitheacha a bhí i bhfeidhm ag aon uair ar leith. Mar shampla, fiosraíodh bealaí eile le rochtain a choimeád idir leanaí agus a dteaghlaigh agus baineadh úsáid astu nuair a gearradh siar ar chuirteanna ar ionaid. Áiríodh leo siúd cianteamháil agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí éagsúla. Cé go raibh roinnt leanaí sásta leis an gcur chuige sin, bhí leanaí eile nach raibh sásta leis, agus d'airigh siad uathu teagmháil dhíreach lena gclann agus a gcairde. Próiseas uileghabhálach agus comhairleach atá i bpleanáil do leanaí, agus arís eile, fuaireamar gur baineadh úsáid mhaith as an teicneolaíocht nuair a bhí gá le cianchruinnithe chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh le pleananna do leanaí. Dúirt leanaí agus tuismitheoirí, áfach, cé go raibh siad sásta go ndeachaigh na cruinnithe sin ar aghaidh, go raibh an cur chuige cianda dúshlánach ar chúinsí a bhí deacair dóibh cheana, agus chuir siad fáilte roimh theacht ar ais na gcruinnithe pleanála duine le duine.

Tá faisnéis chruinn dea-chaighdeán riachtanach chun cinntí eolacha a dhéanamh maidir le sábháilteacht agus leas leanaí. Bliain dhúshlánach don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) a bhí in 2021 ach go háirithe chuige sin. I mí na Bealtaine 2021, baineadh go mór de na córais sin tar éis cibirionsaí ar chóras faisnéise an FSS, a roinntear le Tusla. Ní raibh coinne leis sin, agus bhí tionchar mór aige ar chumas na seirbhísí rochtain a fháil ar shonraí lárnacha faoi leanaí ag an am. Tar éis ár gcuid cigireachtaí, is léir gur fhreagair an tseirbhís go cuí leis na hathruithe riachtanacha a rinneadh ar a chóras.

Dúshlán do Tusla i rith 2021 ab ea rochtain ar neart acmhainní ó thaobh foirne agus socrúchán oiriúnach do leanaí. D'ainneoin feachtais leanúnacha earcaíochta agus tionscnaimh choinneála, bhí folúntais foirne ann fós. Mar gheall ar na folúntais sin ba ghá do Tusla tosaíocht a shocrú maidir leis an líon foirne a bhí ar fáil dó, agus glacadh cur chuige náisiúnta chun a chinntiú go bhfaigheadh na leanaí ba mhó a bhí i mbaol seirbhís oibre sóisialta. Ina theannta sin, chuir Tusla córais i bhfeidhm chun liostaí feithimh méadaithe a láimhseáil, rud a bhí níos éifeachtaí i roinnt réimsí seirbhísí ná mar a bhí i réimsí eile. Glacadh go leor tionscnamh chun na rioscaí a mhaolú a bhain le leibhéal laghdaithe foirne, lena áiríodh foireann cúraim shóisialta a úsáid chun cúraimí a ghlacadh a ghlacadh oibríthe sóisialta de ghnáth. Ina theannta sin, earcaíodh foireann ó raon leathan disciplíní i seirbhísí chun a chinntiú go ndéanfaí freastal ar riachtanais leanaí. Bhí tionchar díreach ag folúntais foirne, áfach, ar sholáthar seirbhísí do roinnt leanaí i seirbhísí cúraim agus cosanta leanaí. Mar thoradh air sin, ní raibh oibrí sóisialta leithdháilte ag go leor leanaí chun a gcuid riachtanas a mheasúnú nó athraíodh a gcuid oibríthe sóisialta go minic thar thréimhsí gairide ama.

Tá sé riachtanach go mbeadh rochtain ag leanaí i gcúram ar an socrúchán ceart agus tacaí cuí acu chun tacú lena bhforbairt agus a sábháilteacht agus a gcearta a chur chun cinn. Le bliain anuas, tá sé léirithe le hiniúchtaí gurbh dheacair do Tusla a chinntiú go raibh neart socrúchán cuí i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais roinnt leanaí, go háirithe iad siúd a raibh riachtanais chasta acu. Mar thoradh díreach ar easpa socrúchán cuí, bhí moilleanna maidir le roinnt leanaí i mbaol go nglacfaí i gcúram stáit iad. Bhí moilleanna ann do leanaí eile maidir le bogadh chuig socrúcháin fhadtéarmacha cúraim altrama nó chuig socrúcháin cónaitheacha nó sainsocrúcháin. Tharraing HIQA aird Tusla ar na dúshláin seirbhíse sin. Thug Tusla dearbhú faoi chásanna aonair agus deir sé go bhfuil sé tiomanta do straitéis nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis an gcúram cónaitheach.


Gníomhaíocht monatóireachta

Áiríodh mar chuid den ghníomhaíocht rialála a rinne foireann na Leanaí in 2021:

- Iniúchtaí ar 26 ionad cónaitheach reachtúil do leanaí de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Lárionaid Chónaitheacha do Leanaí*, a ndearnadh ceann amháin acu gan fógra, agus ar tugadh fógra gearrthéarmach do na hionaid eile maidir leo. Iniúchtaí iomlána a bhí i bhfiche-a ceathair ceann díobh sin, iniúchadh leantach a bhí i gceann eile agus díríodh in iniúchadh eile ar rioscaí sonracha.
- Rinneadh trí iniúchadh ar aonaid sainchúraim, a chuimsigh athnuachan an chlárúcháin do na trí ionad go léir i rith 2021. Ba é sin an chéad phróiseas athnuachana ar tugadh faoi ó cláraíodh aonaid sainchúraim den chéad uair in 2018. Leis na hiniúchtaí sin rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh leanúnach an Achta Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Leanaí in Aonaid Sainchúraim) 2017 agus an Achta Sláinte 2007 (Clárú Ionad Ainmnithe) (Aonaid Sainchúraim) 2017.
- Rinneadh sé chigireacht fhógartha ar chúram altrama reachtúil mar chuid de chlár téamach chun díriú ar mheasúnú ar éifeachtúlacht na socruithe rialála ar fud sheirbhísí cúraim altrama agus an tionchar a bhíonn ag na socruithe sin ar leanaí a fhaigheann cúram altrama.
- Rinneadh cúig chigireacht fhógartha ar sheirbhísí cúraim altrama neamhreachtúla chun iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe bainistíochta, cosaint agus cosaint leanaí, agus ar na socruithe um earcaíocht, measúnú, faomhadh, maoirseacht, oiliúint agus athbhreithniú a bhí i bhfeidhm do chúramóirí altrama.
- Rinneadh iniúchadh fógartha amháin ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.
- Rinneadh seacht n-iniúchadh um chosaint agus leas leanaí a dhírigh ar an gcóras fógartha um chosaint leanaí (CPNS). Cuirtear leanaí a dhéanann Tusla a mheasúnú mar leanaí is mó ata i mbaol ar an CPNS. Rinne na cigireachtaí iniúchadh ar bhainistíocht leanaí sa chóras agus ar rialáil na seirbhíse.
- Rinneadh dhá chigireacht théamacha fhógartha ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí in 2021. Rinneadh iniúchadh riosca-bhunaithe de cheann de na hiniúchtaí sin agus tá sé san áireamh san fhigiúr thíos. Críochnaíodh an clár sin in 2021 agus díríodh é ar láimhseáil atreoruithe a fheabhsú ó scagadh agus réamhfhiosrúchán go pleanáil sábháilteachta agus measúnuithe tosaigh a chur i gcrích.
- Rinneadh ceithre iniúchadh riosca-bhunaithe ar chosaint agus leas leanaí i rith 2021. Fógraíodh na hiniúchtaí sin go léir agus díríodh leo ar láimhseáil imní faoi chosaint leanaí ag Tusla, measúnú ar na hábhair imní sin, pleanáil sábháilteachta agus rialáil na seirbhíse.

- Rinneadh dhá hiniúchadh riosca-bhunaithe ar réimsí seirbhíse. Díriodh na hiniúchtaí sin ar rioscaí sonracha i seirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus seirbhísí cúraim altrama sna réimsí sin. Rinneadh iniúchadh leantach riosca-bhunaithe ar chúram altrama i réimse amháin inar díriodh ar phleanáil cúraim, cosaint, cuairteanna ar leanaí, tacaíocht do chúramóirí altrama agus maoirseacht orthu, an coiste cúraim altrama agus bainistíocht na seirbhíse cúraim altrama.


Fíor 19 - Iniúchtaí ar sheirbhísí do leanaí in 2021



Le linn 2021, rinneamar na nithe a leanas:

- fuaireamar 30 fógra faoi theagmhais thromchúiseacha ó Tusla. Ní mór do Tusla HIQA a chur ar an eolas faoi bhásanna agus teagmhais thromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí a bhfuil eolas ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí fúthu. Rinneadh measúnú ar an bhfaisnéis go léir a fuarthas agus tugadh rátáil riosca dó chun ár gclár monatóireachta a threorú.
- fuarthas 11 tuarascáil ó Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta maidir le teagmhais thromchúiseacha nó básanna a bhain le leanaí i gcúram nó le leanaí a raibh eolas ag an tseirbhís chosanta agus leasa leanaí fúthu.
- fuarthas 79 mír faisnéise gan iarraidh ó leanaí a úsáideann seirbhísí, a dteaghlai, cúramóirí altrama, baill foirne agus baill den phobal, i gcomparáid le 71 mír faisnéise a fháil in 2020. As na 79 mír faisnéise a fuarthas, bhain 38 (48%) le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, bhain 26 (33%) le seirbhísí cúraim altrama, bhain cúig mhír (6%) le hionaid chónaitheacha reachtúla do leanaí, bhain ocht gcinn (10%) le haonaid sainchúraim agus bhain dhá cheann (3%) le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Úsáideadh an fhaisnéis uile a fuarthas chun bonn eolais a chur faoinár gclár monatóireachta.
- fuarthas 161 fógra ó aonaid sainchúraim, a chuimsigh 100 fógra monatóireachta, seacht bhfógra cláraithe agus 54 fógra eile.

Léaráid 20 - Fógraí rialála a fuarthas ó aonaid sainchúraim in 2021



De bhreis ar na hiniúchtaí thuas, rinneadh iad seo a leanas inár gclár rialála:

- Bunaíodh grúpa comhairleach seachtrach, agus é déanta suas d'ionadaithe ar pháirtithe leasmhara lárnacha ag tús 2021, chun cur le modheolaíocht iniúchta a fhorbairt maidir le clár téamach ar rialáil sheirbhísí cúraim altrama. Ina dhiaidh sin foilsíodh creat um threoir agus breithiúnas measúnaithe i mí an Mhárta 2021.
- Foilsíodh tuarascáil forléargais ar iniúchtaí ar sheirbhísí cúraim altrama 2019-2020. Chuimsigh an tuarascáil sin fionnachtana ó chéim a dó de chlár iniúchta HIQA um chúram altrama, díríodh ar na socruithe atá i bhfeidhm le haghaidh measúnú riachtanas do leanaí i gcúram, agus ar an bpróiseas um pleanáil agus athbhreithniú cúraim, lena n-áirítear ullmhú agus pleanáil chun imeacht ón gcúram, cúramóirí a mheaitseáil le leanaí agus cosaint. Foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2021 é.
- Foilsíú tuarascála forléargais ar iniúchtaí faoinár gclár téamach um chosaint agus leas leanaí 2019-2021. Foilsíodh an tuarascáil sin i mí na Samhna 2021, agus tugadh cuntas inti ar na príomhthorthaí ó chlár iniúchtaí um fheabhsú caighdeán ar 12 sheirbhís cosanta agus leasa leanaí de chuid Tusla. Díríodh leis na hiniúchtaí sin ar phointí sainithe ar chonair i seirbhísí cosanta agus leasa leanaí arna soláthar ag Tusla, ó phointe na céad teagmhála go hábhar imní a thuairisciú do Tusla go measúnú tosaigh a chur i gcrích.

- Mar gheall ar thionchar an chibironsaí ar sheirbhísí Tusla agus paidéim leanúnach COVID-19, bhí iniúchtaí ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus ar sheirbhísí cúraim altrama srianta go hiniúchtaí riosca-bhunaithe i mí Eanáir agus ó mhi na Bealtaine go deireadh mhí Iúil 2021. Leanamar ar aghaidh leis an bpróiseas um dhearbhu cáilíochta a bunaíodh in 2020, agus teagmháil rialta déanta ag cigirí leis an gcuid is mó de sheirbhísí go dtí mí Dheireadh Fómhair 2021. De réir mar a cuireadh tús arís le gnáth-iniúchtaí ar sheirbhísí cosanta leanaí agus sheirbhísí cúraim altrama, stadadh de ghlaonna dearbhaithe cáilíochta le haghaidh na seirbhísí sin. Tá an próiseas sin fós i bhfeidhm le haghaidh cúram cónaitheach leanaí agus le haghaidh Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Déantar teagmháil le seirbhísí ar an nguthán chun tacaíocht a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar a n-ullmhacht le ráig de COVID-19, agus a thionchar féideartha ar sholáthar seirbhísí do leanaí.
- Foilsíodh creat um breithiúnas measúnaithe agus treoird maidir le hiniúchadh ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh i mí Mheán Fómhair 2021. Léiríonn na cáipéisí sin an mhodheolaíocht nua chun iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís de réir na rialacha atá sa *Chreat um Chearta Leanaí Bhaile an Oibricigh*, a chuaigh in ionad na *Caighdeáin agus Critéir um Scoileanna Coinneála do Leanaí (2008)*.

Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara



I rith 2021, cé go ndeachaigh paidéim COVID-19 i bhfeidhm ar roinnt deiseanna um plé le páirtithe leasmhara, leanamar orainn ag plé le leanaí, le seirbhísí gníomhaireachtaí seachtracha agus soláthraithe seirbhíse. Táimid tiomanta do thuirimí leanaí agus daoine óga a chur chun cinn inár gcuid oibre.

San iomlán, ar fud na seirbhísí go léir, chuaigh cigirí i gcomhairle le 195 leanbh go díreach, ar an nguthán nó trí mheán ceistneora. As na 195 leanbh, bhí 63 leanbh i gcúram cónaitheach, 51 i gcúram altrama, bhí 36 bainteach le seirbhísí cosanta leanaí, bhí 34 i gcoinneáil agus 11 i sainchúram. Labhair cigirí freisin le tuismitheoirí agus cúramóirí altrama mar chuid dár ngníomhaíocht iniúchta.

Trí éisteacht le guthanna leanaí le linn iniúchtaí, cuirtear ar ár gcumas eispéiris linbh ar a gcúram a ghabháil, agus an tionchar a bhíonn ag rialáil na seirbhísí sin ar na heispéiris sin. Béim faoi leith atá i rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre ná a thuiscint an ról a bhíonn acu i gcinnteoireacht faoi shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu orthu. Tá an chinnteoireacht sin cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann agus in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine (Na Náisiúin Aontaithe, 1989) arna dhaingniú ag Éirinn i 1992.

I rith 2021, bhí cruinnithe ag an bPríomhchigire agus ag Ceann an Chláir um Sheirbhísí Leanaí leis an Rúnaí Cúnta, Beartas Leanaí agus an Rannóg Rialála Tusla sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun tuairiscí ábhartha a mhalartú agus faisnéis a mhalartú faoi riosca iarbhír nó féideartha ar fud na hearnála; agus dul chun cinn ar fhorbairtí rialála a phlé.

I rith 2021, bhí cruinnithe rialta againn le POF Tusla agus baill d'fhoireann bainisteoirí sinsearach Tusla chun faisnéis a roinnt faoi ábhair ar nós forbairtí rialála, rioscaí, saincheisteanna cleachtais agus soláthar seirbhísí.

I measc na bpáirtithe leasmhara eile a raibh teagmháil againn leo le linn 2021 bhí:

- Cathaoirleach an Bhoird agus Stiúrthóir Champas Coinneála Bhaile an Oibricigh
- POF EPIC (Empowering People in Care)
- POF an Irish Foster Carers Association (IFCA)
- An Roinn Oideachais
- Oifig an Ombudsman do Leanaí.

4.1.4 Rialáil agus monatóireacht cúraim sláinte

I suíomh an chúraim sláinte faoi láthair, tá HIQA freagrach as monatóireacht ar chomhlíontacht de réir caighdeán náisiúnta faoin Acht Sláinte 2007 (arna leasú) chun caighdeán an chúraim a fheabhsú do dhaoine a úsáideann seirbhísí. Mar shampla, in ospidéal ghéarchúraim phoiblí agus i seirbhísí athshlánúcháin agus seirbhísí cúraim sláinte pobail. Tá sainchúram ar HIQA freisin fiosrúcháin reachtúla a dhéanamh ar sheirbhísí áit a bhfuil ábhair imní thromchúiseacha faoi othair a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar shábháilteacht leanaí. Ina theannta sin, is é HIQA an tÚdarás Inniúil in Éirinn atá freagrach as nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil.

Freisin tá HIQA i mbun ullmhú le gabháil do roinnt freagrachtaí agus gealltanais nua atá leagtha amach i gClár reatha an Rialtais. Áirítear leo siúd:

- An Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othar Infhógartha) 2019
- Bille um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Iarbhás, Scrúdú Anatamaíoch, agus Taispeántas Poiblí) (2018)
- monatóireacht ar Sheirbhísí um Chóiríocht Cosanta Idirnáisiúnta (ar tugadh soláthar díreach air roimhe sin).


Is ionann tosach feidhme an Bhille um Shábháilteacht Othar agus an Bhille um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Iarbhás, Scrúdú Anatamaíoch, agus Taispeántas Poiblí (2018) agus méadú mór ar shainchúram reatha HIQA i seirbhísí cúraim sláinte in Éirinn. Leis na píosaí sin reachtaíochta, nuair a bheidh siad achtaithe, leagfar freagracht reachtúil ar HIQA as monatóireacht a dhéanamh ar shaoráidí príobháideacha cúraim sláinte de réir caighdeán náisiúnta chun glacadh le teagmhais infhógartha maidir le sábháilteacht othar agus freagairt dóibh áit is cuí, agus chun cleachtaí iarbháis a rialáil atá lasmuigh de phróiseas an chróinéara.

I rith 2021, lean HIQA ag plé le comhghleacaithe ábhartha sa Roinn Sláinte chun ullmhú leis na feidhmeanna nua sin. Freisin chríochnaíomar lear mór oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i dtreo *na monatóireachta de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte* Níos Fearr a sheolfar ag tús 2022. Glacfar an cur chuige nua ar feadh roinnt blianta agus muid ag glacadh le sainchúram monatóireachta níos leithne faoin mBille um Shábháilteacht Othar. Is é a bheidh i gceist leis ná ‘Measúnú Lárnach’ de réir 11 chaighdeán náisiúnta, agus an cumas iniúchtaí riosca-bunaithe a dhéanamh de réir ceann amháin nó níos mó den tsraith iomlán de 45 caighdeán náisiúnta más gá, agus úsáid á baint as creat cuimsitheach um measúnú agus breithiúnas de réir na gcaighdeán sin. Tabharfar an cur chuige sin chun críche agus foilseofar ag tús 2022 é.

Le linn na bliana, thosaigh muid ag plé freisin leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun ullmhú le glacadh le freagrachtaí nua ar bhonn sealadach as monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta. Tá sé beartaithe go nglacfaidh HIQA an fhreagracht reachtúil nua sin ag deireadh 2022. Beidh plé iomlán againn le gach páirtí leasmhar ábhartha agus é ag ullmhú le tús a chur le hiniúchadh na seirbhísí sin i rith 2022.

Chun ullmhú le fairsinge na n-athruithe atá le teacht, bunaíodh Stiúrthóireacht nua um Rialáil Cúraim Sláinte i HIQA i rith 2021. Is ionann an t-athstruchtúru eagraíochta sin agus céim thábhachtach i dtreo na ceanglais a chomhlíonadh a eascraíonn ó shíneadh ar fheidhmeanna dlíthiúla HIQA i rialáil agus monatóireacht cúraim sláinte ar fud na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha.

Fíor 21 - Monatóireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte in 2021



4.1.4.1 Nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin

In 2021, rinne HIQA 32 iniúchadh ar ospidéal agus ar shaoráidí poiblí agus príobháideacha mar chuid dár ról chun nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil. Tarlaíonn nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin nuair a úsáidtear an radaíocht mar chuid de dhiagnóis, ar nós X-gha nó scanadh CT, chun críoche taighde míochaine, nó nuair a úsáidtear an radaíocht mar chuid de chóireáil ailse san ospidéal. Rinneadh na hiniúchtaí ar bhonn tosaíochta agus iad bunaithe ar an riosca i raon seirbhísí, lena áiríodh cleachtaí fiaclóra agus ospidéal a dhéanann íomhánna diagnóiseacha agus radaiteiripe.

Ar an iomlán, fuarthas go soláthraíonn an chuid is mó de sheirbhísí a ndearnadh iniúchadh orthu seirbhís shábháilte agus ba léir leibhéal arda comhlíontachta. Theastaigh feabhsúchán ar go leor seirbhísí, áfach, chun ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh, atá comhionann le bunchaighdeáin sábháilteachta um nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin.

Déantar measúnú ar rialachas agus ar bhainistíocht seirbhísí mar atá tacaithe ag rialacháin lárnacha, mar chuid den chlár monatóireachta. Ar an iomlán, fuarthas go raibh an chuid is mó de sheirbhísí a ndearnadh iniúchadh orthu comhlíontach nó comhlíontach i bpáirt i ndáil le rialachas; i gcás go leor seirbhísí, áfach, réimse a bhí ann ar theastaigh feabhas ann. Leanann an treocht sin ar aghaidh ó 2020.

Cé go mbíonn na socruithe rialachais atá i bhfeidhm difriúil ag brath ar scála na seirbhísí radaíochta arna gcur ar fáil, ceanglaítear leis na rialacháin go mbeadh leithdháileadh soiléir freagrachtaí i bhfeidhm as cosaint na ndaoine a úsáideann seirbhísí. Mar shampla, tá gach soláthraí seirbhísí freagrach as saineolaí i bhfisic mhíochaine a fhostú chun tacú leis an tseirbhís. In earnálacha ina mbíonn an riosca raideolaíoch réasúnta íseal, ar nós seirbhísí fiaclóireachta, fuarthas gurbh teoranta an gá le rannpháirtíocht na ngairmithe; tá sé riachtanach iad a fhostú, áfach, chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil go sábháilte.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí a mbíonn nochtadh míochaine don radaíocht ianúcháin ar siúl leo, tá tús curtha ag HIQA le ceistneoirí féinmheasúnaithe a eisiúint chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht rialála bonnlíne i ndáil le cosaint ar an radaíocht. Uirlis atá sa cheistneoir féinmheasúnaithe sin trínár féidir seirbhísí féinmheasúnú a dhéanamh ar a leibhéal comhlíontachta maidir leis na rialacháin agus a chabhraíonn le haon rioscaí féideartha a aithint nó aon bhearnaí measta sa chleachtas. Lean HIQA ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar sheirbhísí i rith 2021, agus 297 ceistneoir féinmheasúnaithe faighte ó sheirbhísí fiaclóra.

Ina theannta sin, fuair HIQA na fógraí seo a leanas:

- Fuarthas 463 fógra faoi nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin in 2021. Áiríodh leo siúd athruithe ar shonraí seirbhíse, dearbhuithe ar ghnóthais nua agus iarratais ar rochtain ar Thairseach Soláthraithe HIQA.
- 86 fógra faoi nochtadh de thaisme agus nochtadh neamhbheartaithe do radaíocht ianúcháin. Rinneadh measúnú ar na fógraí sin agus ar na tuairiscí a tháinig ina ndiaidh agus úsáideadh iad mar bhonn eolais don chlár rialála.

Tuairisc fhorléargais ar cheachtanna a foghlaimíodh ó fhógraí reachtúla a fháil faoi nochtuithe de thaisme agus nochtuithe neamhbheartaithe 2020

In 2021, d'fhoilsigh HIQA a thuarascáil bhliantúil fhorléargais ar cheachtanna a foghlaimíodh tar éis fógraí reachtúla a fháil faoi nochtuithe de thaisme agus nochtuithe neamhbheartaithe do radaíocht ianúcháin in 2020. Tugann an tuairisc seo forléargas ar na fionnachtana ó na fógraí sin agus roinntear inti an méid a foghlaimíodh ó na fiosrúcháin ar na heachtraí sin. Fuaireamar fógraí ó sheirbhísí um thomagrafaíocht ríomhairithe (CT), míochaine núicléach, radagrafaíocht ghinearálta, fluarascópacht, mamagrafaíocht, cairdeolaíocht idirghabhálach agus radaitheiripe.

Chuaigh líon na bhfógraí i méid ón mbliain roimhe, rud a léiríonn cultúr níos oscailte agus níos dearfaí i ndáil le sábháilteacht othar. Comhartha dearfach atá sa mhéadú ar thuirisciú, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán breise gan choinne a bhí roimh ghnóthais i rith phaindéim COVID-19. Bhain an earráid ba choitianta a tuairiscíodh do HIQA le nochtadh míochaine don úsáideoir seirbhíse mícheart, agus í freagrach as 34% de na fógraí a tuairiscíodh. Freisin fuarthas fógraí ó mhódulachtaí na cairdeolaíochta idirghabhálaí, na mamagrafaíochta agus na fluarascópachta. Níor tuairiscíodh aon eachtraí suntasacha ó na seirbhísí fioclóireachta nó na seirbhísí um ionsoptaiméadracht X-gha dé fhuinnimh (DXA). Sna réimsí sin, áfach, ba ghnách go mbeadh an dáileog radaíochta faoi bhun na tairsí um eachtra shuntasacha agus mar sin bheifí ag súil le leibhéal ísle tuairiscithe agus na critéir reatha curtha san áireamh.

Feidhmeanna eile arna gcomhlíonadh mar Údarás Inniúil um nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin thar ceann an Stáit.

Mar an tÚdarás Inniúil um nochtadh míochaine don radaíocht ianúcháin, ceanglaítear ar HIQA roinnt ról a chomhlánaíonn rialáil seirbhísí trí hiniúchadh agus monatóireacht chun caighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí sin a fheabhsú. Cuireadh cuid de na feidhmeanna sin ar aghaidh in 2021 mar atá leagtha amach thíos.

- Mar chuid den fheidhm údaráis inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta um thagairt dhiagnóiseach (LTDanna) nó na gnáthdháileoga ar cheart go bhfaigheadh úsáideoirí seirbhíse iad mar chuid dá ndiagnóis, d'fhoilsíomar ár gcead athbhreithniú náisiúnta ar dháileoga ginearálta um radagrafaíocht, mamagrafaíocht agus íomhánna scanta DXA in 2021. Socraíodh LTDanna nuashonraithe náisiúnta um ghnáthaimh ghinearálta radagrafaíochta agus mamagrafaíochta agus socraíodh LTDanna náisiúnta um DXA den chéad uair in Éirinn. Agus comparáid á déanamh idir sonraí náisiúnta nua um LTD le haghaidh na radagrafaíochta agus na mamagrafaíochta ginearálta le staidéar a rinne an FSS roimhe sin in 2010, fuaireamar laghduithe ar dháileoga tagartha idir 2-27% le haghaidh gach ghnáthamh íomhánna míochaine a ndearnadh athbhreithniú air. Leis na sonraí náisiúnta nua sin is féidir le soláthraithe seirbhíse comparáid a dhéanamh idir dáileoga ionadaíocha úsáideora seirbhíse agus figiúir náisiúnta LTD, gnáthaimh raideolaíocha leighis a aithint nach mór athbhreithniú a dhéanamh orthu agus gníomhartha ceartaitheacha a ghlacadh áit is gá.
- In 2021, chuir HIQA tús le hathbhreithniú ar dháileoga um fhluarascópacht agus raideolaíocht idirghabhálacha agus íomhánna cairdeolaíocha. Chun é sin a dhéanamh theastaigh plé fairsing le páirtithe leasmhara chun catalóg náisiúnta a bheadh oiriúnach go cliniúil a fhorbairt de ghnáthaimh choiteanna um fhluarascópacht agus raideolaíocht idirghabhálach agus íomhánna cairdeolaíocha. Ghlac 64 gnóthas leis an uirlis suirbhé um leibhéal tagartha diagnóisí agus tosaíodh ar athbhreithniú ar na freagraí i R4 de 2021. Foilseofar torthaí an tsuirbhé sin níos déanaí in 2022 tar éis go ndéanfar athbhreithniú agus measúnú ar fhreagraí aonair.

4.1.4.2 Monatóireacht cúraim sláinte

Mar gheall ar bhrú mór COVID-19 in earnáil an chúraim sláinte i rith na bliana, thug HIQA tosaíocht d'athbhreithniú suntasach ar sheirbhísí gíniceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Cheannainn chun a chinntiú go raibh feabhas tagtha ar an tseirbhís tar éis mainneachtana móra sa tseirbhís roimhe sin.

I dteannta leis an méid thuas, fuair HIQA faisnéis a úsáideadh chun gníomhaíochtaí monatóireachta na seirbhísí cúraim sláinte a threorú tuilleadh agus tacú leo tuilleadh in 2021.

- In 2021, fuair HIQA 301 mír faisnéise nár iarradh i ndáil le seirbhísí cúraim sláinte. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis sin agus fiosraíodh aon neamhchomhlíonadh féideartha leis na caighdeáin náisiúnta leis an soláthraí chun a chinntiú go dtabharfaí aghaidh ar shaincheistanna riosca agus go bhfeabhsófaí seirbhísí áit ba ghá.

Athbhreithniú ar na socruithe um rialachas sheirbhísí gíniceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceannainn

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh HIQA fionnachtana athbhreithnithe ar na socruithe rialachais um sheirbhísí gíniceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceannainn. Ba í an aidhm a bhí i gceist leis an athbhreithniú éifeachtacht agus inbhuanaitheacht a shocrú maidir leis na socruithe rialachais atá i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta FSS, grúpa ospidéal agus ospidéal chun soláthar gíniceolaíochta ardchaighdeáin a dhearbú agus a chinntiú san ospidéal. Rinneadh an t-athbhreithniú de réir Alt 8 den Acht Sláinte 2007.

Fuair HIQA go raibh neart acmhainní airgeadais agus foirne ag Ospidéal Ollscoile Leitir Ceannainn agus Grúpa Cúraim Sláinte Saolta araon chun feabhas a chur ar sheirbhísí gíniceolaíochta san ospidéal. Bhí socruithe athbhreithnithe um rialachas agus chuntasacht tugtha isteach ag an ngrúpa ospidéal chun rialachas agus maoirseacht na seirbhísí gíniceolaíochta a fheabhsú agus a neartú. Tugadh isteach freisin roinnt athruithe chun feabhas a chur ar chaighdeán, sábháilteacht agus iontaofacht seirbhísí gíniceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceannainn. Áiríodh leo sin na nithe seo a leanas a thabhairt isteach:

- seirbhís gíniceolaíochta siúlaí (othair sheachtracha) nua a thabhairt isteach
- nósanna imeachta athbhreithnithe um atreorú agus triáiseáil atreoruithe chuig seirbhísí gíniceolaíochta an ospidéil.
- amlínte socraithe um athbhreithniú agus dhiagnóis thráthúil ban a dhéantar a atreorú chuig an ospidéal agus fuiliú iarmheanapásach acu.

D'ainneoin na bhfeabhsúcháin sin, áfach, d'aimsigh HIQA laigí sna socruithe athbhreithnithe um rialachas agus maoirseacht. Mhainnigh Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn na hamlínte náisiúnta FSS agus ghrúpa ospidéal a shroicheadh le haghaidh athbhreithniú, tástáil agus diagnóis roinnt ban a atreoraítear le fuiliú iarmheanapásach. Mhainnigh an grúpa ospidéal cásanna a aithint i gcás nár cloíodh le hamlínte. Ábhar imní mór a bhí ansin do HIQA agus ardaíodh leis an ngrúpa ospidéal é. Ba dheacair don ospidéal foireann míochaine, altranais agus cnáimhseachais chomh maith le foireann riaracháin, agus chuir sé sin sábháilteacht othar i mbaol. Ní raibh an tseirbhís gínéiceolaíochta siúlaí bunaithe go hiomlán agus ní rabhthas in ann líon ban a bhí measta ag an FSS náisiúnta a láimhseáil sa tseirbhís sin.

Níor tugadh dearbhú do HIQA faoi éifeachtacht na struchtúr athbhreithnithe rialachais ná na socruithe maoirseachta a bhí tugtha isteach san ospidéal nó ag Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta. Teastaíonn tuilleadh feabhsúchán chun caighdeán na seirbhísí a chinntiú chomh maith le sábháilteacht na mban a úsáideann seirbhísí gínéiceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, agus leanann HIQA air ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn maidir le hiarrachtaí chun déileáil leis na saincheistanna sin ar leibhéal ospidéil agus ghrúpa ospidéal.

Forléargas ar mhonatóireacht agus rialáil seirbhísí cúraim sláinte in 2020

I mí Lúnasa, d'fhoilsíomar ár dtuarascáil forléargais ar mhonatóireacht agus rialáil na seirbhísí cúraim sláinte in 2020. Sa tuarascáil sin tugadh anailís ar ár gcuid oibre monatóireachta ar fud seirbhísí cúraim sláinte de réir chúlra phaindéim COVID-19. Aithníodh dea-leibhéil chomhlíontachta maidir le caighdeán náisiúnta thar roinnt seirbhísí sa tuarascáil. D'ainneoin sin, aithníodh sa tuarascáil freisin an chaoi a raibh easpa acmhainní, droch-bhonneagar agus timpeallachtaí fisiceacha easnamhacha, i roinnt cásanna, ag cur coisc le cur i bhfeidhm éifeachtach na gcaighdeán náisiúnta.

4.1.5 Tacaí do sheirbhísí

Tacaí COVID-19 do sheirbhísí

I rith 2021, lean HIQA ag déanamh monatóireachta ar staid COVID-19 i gcomhthéacs na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Lean soláthraithe cláraithe le húsáid a bhaint as an bhfógra sonrathach do COVID-19 a d'éascaigh tuairiscí laethúla a thabhairt ar stádas cásanna measta agus deimhnithe de COVID-19 i measc cónaitheoirí agus foirne don Phríomhchigire. Sholáthair sé sin faisnéis thábhachtach a úsáideadh go laethúil chun ionaid ainmnithe a aithint a raibh deacrachtaí acu nó a d'fhéadfadh go dtiocfadh fadhbanna chun cinn iontu. Bhí idirchaidreamh dlúth ag ár bhfoirne iniúchta leis an FSS chun a chinntiú go mbeadh tacaíocht le haghaidh na n-ionad sin ar fáil de réir mar ba ghá.

D'fhorbraíomar creat treorach agus measúnaithe le haghaidh iniúchtaí riosca a bhí dírithe ar Rialachán 27, agus béim curtha ar ionfhabhtú a chosc agus a rialú, le haghaidh ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas. Is í aidhm an chreata sin tacú le soláthraithe chun a chinntiú go gcuirfeadh na nósanna imeachta sin, ar aon dul leis na *Caighdeáin Náisiúnta um chosc agus rialú an ionfhabhtaithe i seirbhísí pobail* (2018) i bhfeidhm ina seirbhís. D'fhreastail os cionn 1,900 ball foirne agus soláthraí as na hionaid ainmnithe sin ar shé sheimineár gréasáin ar an gcreat.

I rith 2021, bhí teagmháil ag an POF, mar bhall de NPHEAT agus an Príomhchigire le hoifigigh sa Roinn Sláinte, san FSS agus le páirtithe leasmhara eile chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú ó thaobh ráigeanna agus a dtionchair a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, chomh maith le hábhair inní a ardú faoi easnaimh PPE nó foirne in ionaid, agus comhairle nó tacaíocht a thabhairt maidir le hionfhabhtú a rialú.

Foireann Phainéal na Saineolaithe ar Thithe Altranais um Maoirseacht ar Chur i bhFeidhm

Foilsíodh tuarascáil Phainéal na Saineolaithe ar Thithe Altranais ar COVID-19 i mí Lúnasa 2020. Tá 86 moladh ann agus iad grúpáilte i 15 réimse théamach. Gabhann amlíne gaolmhar um chur i bhfeidhm le gach moladh. Déantar ionadaíocht ar son HIQA mar chuid de bhallaíocht na Foirne um Maoirseacht ar Chur i bhFeidhm le haghaidh na tuarascála, a ndéanann an Roinn Sláinte cathaoirleacht uirthi.

As na 86 moladh, áirítear HIQA i 31 díobh mar phríomheagraíocht nó mar eagraíocht ag a bhfuil ról comhlíontacha nó maoirseachta i ndáil lena chur i bhfeidhm. Go dtí seo, thar ceann an Roinn Sláinte, tá ceithre shuirbhé éascaithe againn, ar bhain trí cinn leis na moltaí as a bhfuil an soláthraí freagrach agus suirbhé foirne amháin. Chuireamar cion freisin le gach tuarascáil dul chun cinn a rinne an Roinn Sláinte de réir mar ba ghá.

I gcás líon mór de mholtaí Phainéal Saineolaithe na dTithe Altranais maidir le COVID-19 is gá athruithe a dhéanamh ar an Acht Sláinte 2007 (mar atá leasaithe) agus nó ar rialacháin reachtúla. Déantar ionadaíocht ar son HIQA ar ghrúpa déthaobhach agus déanann an Roinn Sláinte cathaoirleacht air a dhéanann iniúchadh ar na hathruithe a theastaíonn mar thoradh ar an tuarascáil.

Leanann HIQA air ag obair leis an Roinn Sláinte chun leasú rialála ar na príomhrialacháin reachtaíochta a chur chun cinn le haghaidh ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas. Tá páipéar a cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte i mí an Mheithimh 2020 faoi *Leasuithe eatramhacha molta ar an Acht Sláinte 2007 mar atá leasaithe agus na rialacháin le haghaidh lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas* os comhair an ghrúpa seo le breithniú freisin.

Fógraí rialála

In 2021, meabhraíodh do sholáthraithe trí fhógraí rialála faoi thábhacht a gcuid pleananna ullmhachta agus teagmhasachta, fógraí eile arna n-eisiúint i ndáil leis an gcibirionsaí, nuashonruithe cláraithe agus athruithe ar Thairseach Soláthraithe HIQA.

Treoir do sholáthraithe

Lámhleabhar ar Shábháilteacht Dóiteán – Eolaí le haghaidh soláthraithe cláraithe agus foirne

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh an Príomhchigire Lámhleabhar ar Shábháilteacht Dóiteán chun cabhrú le soláthraithe agus foireann lárionad ainmnithe a sholáthraíonn saoraidí cónaitheacha do dhaoine scothaosta, leanaí agus dhaoine faoi mhíchumas chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht dóiteán.

Méadaítear go mór tionchar féideartha an dóiteán mura maolaíonn soláthraithe in aghaidh riosca dóiteán, agus mura bhfuil bearta oiriúnacha um chosc agus maoirseacht dóiteán i bhfeidhm acu ina n-ionad. Is í aidhm an lámhleabhair seo ná cabhrú le gach soláthraí:

- a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh
- clár um shábháilteacht dóiteán a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a choimeád
- cultúr láidir sábháilteachta dóiteán a fhorbairt in ionaid ainmnithe
- feabhsú caighdeán a bhaint amach.

Freisin treoraíonn an lámhleabhar soláthraithe chuig rialacháin agus caighdeán náisiúnta ábhartha, ar cheart a mheas freisin agus cultúr sábháilteachta dóiteán á chothú in ionad ainmnithe.

Tá ceithre príomhthéama sa lámhleabhar atá lárnach chun cultúr sábháilteachta dóiteán a fhorbairt in ionad ainmnithe: rialachas agus bainistíocht; bainistíocht riosca; riachtanais éagsúla cúraim agus tacaíochta na gcónaitheoirí; agus eolas na mball foirne. Trí dhírú ar na réimsí sin, i dteannta leis na rialacháin go léir, cabhrófar le soláthraithe cultúr sábháilteachta dóiteán a fhorbairt ina n-ionad agus sábháilteacht beatha a fheabhsú do dhaoine a bhfuil cónaí orthu ansin.

D'fhreastail thart ar 1,500 soláthraí agus ball foirne ar sheimineáir ghréasáin a bhí dírithe ar thacú leo chun an lámhleabhar a úsáid le sábháilteacht dóiteán a fheabhsú ina gcuid ionad.

An bhfuil tú réidh le measúnú ar an iarratas ar chlárú: Treoir agus seicliosta

I mí Lúnasa 2021, d'fhoilsíomar treoir agus seicliosta agus iad dírithe ar chabhrú le soláthraithe nua agus reatha a shocrú cibé acu an bhfuil a n-ionad réidh leis an measúnú agus an gcinneadh i leith a n-iarratais ar chlárú sula leagfaí isteach an t-iarratas.

Tacóidh an treoir agus an seicliosta nua sin le soláthraithe atá ag déanamh iarratais ar chlárú ionaid nua, dul i gceannas ar ionad reatha nó achar ionaid reatha a mhéadú.

4.1.6 Taighde rialála

An gá le leasú rialála



I mí Feabhra 2021, d'fhoilsíomar páipéar agus muid ag iarraidh leasaithe ar na rialacháin ar chúram sláinte agus sóisialta. Sa tuarascáil déantar achoimre ar thaithí HIOA ar na seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil le 12 bhliain anuas agus tugtar cuntas ar na hathruithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun go mbeidh rialáil oiriúnach don chuspóir amach anseo.

Leagtar amach sa pháipéar roinnt gnéithe lárnacha den leasú rialála nach mór aird a thabhairt orthu, ar nós:

- machnamh le déanamh ar bheartas cuimsitheach, comhtháite um chúram sóisialta a fhorbairt lena dhéantar breithniú ar chúram sóisialta ina iomlán taobh le Sláintecare.
- athbhreithniú cuimsitheach ar na rialacháin reatha a bhaineann le seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn, agus próiseas um athbhreithnithe rialta a bhunú
- leasú ar an Acht Sláinte 2007 chun timpeallacht reatha na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur san áireamh.

- rialáil a thabhairt isteach i bhfoirmeacha eile cúraim nach bhfuil rialáilte faoi láthair agus a d'fhéadfadh go mbeadh a gcuid úsáideoirí seirbhíse leochaileach.
- creat lena dhéantar deighilt shoiléir idir ceannaitheoir agus soláthraí seirbhíse taobh le socruithe soiléire um rialachas agus um chuntasacht.

Cuireann moltaí HIQA leis na spriocanna atá leagtha amach i Sláintecare tríd an ngealltanas a neartú chun cúram dírithe ar an duine a sholáthar san áit cheart agus ag an am ceart do gach duine.

Cúram baile a rialáil

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsíomar trí pháipéar inar iarradh leasú láithreach, lenar áiríodh rialáil ar sheirbhísí chúram baile na hÉireann a thabhairt isteach.

Sna páipéir leagtar amach an pointe gur rud riachtanach atá i gcúram baile, a mbíonn an t-éileamh air ag dul i méid i gcónaí, agus trínár féidir le daoine cúram sláinte, sóisialta agus pearsanta a fháil ina dteach féin. Ar aon dul le fíis an Chláir Sláintecare, measaimid gur tráthúil go nglacfaí cur chuige difriúil i leith na seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta go léir, lena n-áirítear seirbhísí cúraim baile, a mhaoiniú, a fháil agus a sholáthar.

Mar a léirítear sa pháipéar, b'fhearr leis an gcuid is mó de dhaoine in Éirinn dul in aois agus cúram a fháil ina dteach féin. D'fhoghlaimíomar, áfach, go n-oibríonn cúram baile i dtimpeallacht chasta ina mbíonn go leor fachtóirí tionchair mar mhaoiniú, fáil agus áit. Fuarthas leis an taighde nach inbhuanaithe an córas reatha cúram baile agus nach bhfuil sé ag freastal ar riachtanais daoine, agus roinnt daoine leochaileacha ann nach bhfuil in ann tacaíocht a fháil ina dteach féin. Anuas air sin, níl seirbhísí cúraim baile rialáilte faoi láthair le bunú agus lena gcaighdeán agus a sábháilteacht a chinntiú.

Le roinnt blianta anuas, tá sé molta ag HIQA athrú ó bhonn a dhéanamh ar earnáil an chúraim bhaile mar gheall ar scaipeadh éagothrom na seirbhísí cúraim bhaile agus easpa boinn reachtúil. Tá sé iarrtha againn go ndéanfaí athbhreithniú ó bhun go barr ar an gcúram baile sula ndéanfaí reachtaíocht a dhréachtú, agus plé le páirtithe leasmhara lárnacha bainteach leis, ar gach leibhéal ar fud na hearnála. D'iarramar freisin caighdeán agus rialacháin um chúram baile a fhorbairt ar cheart go gcuimseofaí leo prionsabail cuir chuige atá bunaithe ar chearta an duine; sábháilteacht agus leas, freagrúlacht, agus cuntasacht — a oibreoidh le chéile chun cúram agus tacaíocht dírithe ar an duine a bhaint amach.



Tionscadal LENS (Learning from Statutory Notifications in Social Care)

In 2019, dámhadh €250,000 do HIQA i maoiniú ón mBord Taighde Sláinte faoi Dheontas an Tionscadail um Anailís ar Shonraí Tánaisteacha. Ba í aidhm an tionscadail seo foghlaim ó na fógraí reachtúla a fuair HIQA ó ionaid ainmnithe.

Ó 2021 i leith, tá Bunachar Sonraí na bhFógraí Reachtúla ón gCúram Sóisialta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Aisghabhadh na sonraí go príomha ó chóras TF HIQA agus cuireadh leo le sonraí breise ó cháipéisí ráitis chuspóra na n-ionad ainmnithe. Gineadh athróa eile trí sonraí a bhí ann a cheana a mheascadh nó a chur in eagar. Déantar nuashonrú ar an mbunachar sonraí i mí Aibreáin gach bliain le haghaidh fhógraí na bliana roimhe. Tá an bunachar sonraí curtha ar fáil go poiblí chun anailís thánaisteach a chur chun cinn ar na sonraí a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi bheartas, cleachtas agus nuálaíocht maidir le cúram daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Úsáideadh na sonraí le haghaidh roinnt foilseachán acadúil go dtí seo (féach ar Aguisín 8 le haghaidh tuilleadh eolais).



I mí an Mhárta 2021, reáchtálar seimineár gréasáin ar fhorbairt an bhunachair sonraí um shonraí oscailte, maidir le:

- an forléargas ar an tionscadal agus forbairt an bhunachair sonraí
- rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí agus é a úsáid
- anailís thuairisciúil ar fhógraí reachtúla
- an cleachtas reatha tar éis imeachtaí reatha.

4.2 Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte agus ar shintéis fianaise

Cuimsítear an dá chuspóir straitéiseacha seo a leanas i bPlean Corparáideach HIQA 2019-2021

- Measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (MTSanna) ar ardchaighdeán a dhéanamh chomh maith le sintéis fianaise eile chun bonn eolais a chur faoi chinntí móra i ndáil leis an mbeartas sláinte agus an tseirbhís sláinte, lena n-áirítear treoiríníte cliniciúla agus iniúchadh cliniciúil náisiúnta.
- Acmhainn a mhéadú agus a chomhdhlúthú chun sintéis fianaise agus giniúint eolais a dhéanamh agus a úsáid i HIQA agus ar fud an chórais sláinte.

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ról reachtúil ag HIQA maidir le héifeachtúlacht chliniciúil agus costais na dteicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú agus comhairle a chur ar fáil don Aire Sláinte agus don FSS maidir leis sin. Tugtar HTA air sin, agus déantar cinntí infheistíochta a threorú léi i sláinte agus i gcúram sóisialta. Déanaimid sintéis fianaise freisin chun tacú le forbairt treoiríníte cliniciúla náisiúnta agus forbairt iniúchta chliniciúil náisiúnta a threorú, agus chun forbairt beartas sláinte a threorú. Forbraímid treoiríníte náisiúnta chun táirgeadh measúnuithe tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa a threorú atá ábhartha do riachtanais na daoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

In 2020, ghabh HIQA do ról lárnach maidir le sintéis fianaise agus comhairle fianaise-bhunaithe a chur ar fáil le bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht phoiblí i ndáil le COVID-19; leanadh ar aghaidh leis an tacaíocht sin in 2021. Freisin bhunaigh HIQA feidhm HTA nua maidir le radaíocht ianúcháin in 2021.

4.2.1 Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte (MTS)

Tá roghnú na measúnuithe ar theicneolaíocht na sláinte (MTS) a dhéanann HIQA fíorthábhachtach lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár ról maidir le tacú le cinntí fianaise-bhunaithe maidir leis na seirbhísí náisiúnta sláinte a sheachadadh go héifeachtúil. I mí Meán Fómhair 2021, seoladh iarratas foirmiúil ar ábhair MTS chuig an Roinn Sláinte agus an FSS. Rinneadh raon feidhme a mheas um dheich n-ábhar i gcomhréir leis an nós imeachta caighdeánach oibriúcháin chun raon feidhme ábhar a mheas i ndáil le próiseas tosaíochta an MTS.

Rinneamar athbhreithniú deisce agus idirchaidreamh leis hiarrthóirí ábhartha chun faisnéis a bhailiú maidir leis an gcur síos ar an teicneolaíocht agus a húsáid dhóchúil, an tionchar cliniciúil agus eacnamaíoch féideartha, cinnteoireacht ghaolmhar agus an tionchar ar an mbeartas. Ansin rinneamar athbhreithniú ar an gcur chuige molta i dtreo MTS a cuireadh ar fáil le breithniú ag an nGrúpa Comhairleach um Shocrú Tosaíochta. Tá an Grúpa Comhairleach um Shocrú Tosaíochta déanta suas de bheirt ionadaithe ar an Roinn Sláinte, beirt ionadaithe ar an FSS, agus beirt ionadaithe ar othair.

Thug an grúpa rátáil do na hábhair i gcoibhneas lena chéile agus úsáid á baint as ceithre phríomhchritéar um shocrú tosaíochta: tionchar cliniciúil, tionchar eacnamaíoch, ábharthacht na teicneolaíochta seo i gcomhthéacs thionscnaimh an bheartais náisiúnta sláinte, agus nasc soiléir leis an gcinnteoireacht maidir le tabhairt isteach na teicneolaíochta nua agus toimhde réasúnta go bhféadfadh MTS cur go díreach leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Agus na hacmhainní atá ar fáil curtha san áireamh, chomh maith le gealltanais reatha agus acmhainní measta a theastaíonn chun tabhairt faoi gach MTS agus an t-achar ama ábhartha don chinnteoireacht, d'fhorbair Bord HIQA an clár oibre MTS le haghaidh 2021 agus 2022.

Mar thoradh air sin, cuireadh tús leis na measúnuithe seo a leanas in 2021 agus tá siad le bheith críochnaithe in 2022:

■ **Vacsáin in aghaidh an varicella**

Tá MTS iarrtha ag an Roinn Sláinte maidir le clár náisiúnta um vacsaíniú leanaí in aghaidh varicella-zoster (deilgneach) chun éifeachtacht chliniciúil, cost-éifeachtacht, tionchar buiséid agus na gnéithe eagrúcháin agus eitice shocrú.

■ **Clár chun vacsaíniú HPV a chríochnú**

D'iarr an Roinn Sláinte ar HIQA an t-éileamh dóchúil ar chlár chun vacsaíniú in aghaidh an phapalómaivíreas daonna (HPV) a chríochnú dóibh siúd nár bhain leas as an gclár vacsaínithe scoil-bhunaithe nuair a táirgeadh ar dtús é. Déanfar an tionchar ar an mbuiséad agus impleachtaí eagrúcháin a mheas freisin.

■ **Trasphlandaithe gascheall haematapóiseach a aistíriú**

Tar éis iarratais ón FSS, tá HIQA ag tabhairt faoi mheasúnú ar thrasphlandaithe gascheall haematapóiseach (haematopoietic stem cell transplants/HSCT) a aistíriú. Tá lárionad amháin um HSCT péidiatrach in Éirinn atá suite i Sláinte Leanaí Éireann (CHI) i gCromghlinn, atá feistithe le haonad sainchuspóra agus ceithre leaba ann um thrasphlandaithe d'othair chónaitheacha. Leis an measúnú déanfar breithniú ar an riachtanas cliniciúil agus an tionchar ar an mbuiséad, na gnéithe eagrúcháin agus eitice a ghabhann le seirbhísí HSCT do leanaí in Éirinn a leathnú chun othair a chur san áireamh a dtugtar cóireáil dóibh thar lear faoi láthair.

MST ar mháinliacht mheitibileach do dhaoine ar a bhfuil diaibéiteas cineál 2 agus murtall

Tar éis iarratais ón FSS, chuireamar tús le MST agus seirbhísí máinliachta meitibilí san áireamh mar chuid den Chlár Náisiúnta Cliniciúil um Dhiaibéiteas. Tá sé cruthaithe gur féidir tairbhí breise seachas cailliúint meáchain a bhaint as máinliacht bhairiadrach, a forbraíodh ar dtús chun murtall a chóireáil, ó thaobh diaibéiteas cineál 2 a chóireáil, ar nós feabhsúcháin ar rialú glicéime, ar mar thoradh air sin ceapadh an téarma 'máinliacht mheitibileach'.

Is é aidhm an MTS éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht a chinneadh maidir le seirbhísí máinliachta meitibilí in Éirinn. Ina theannta sin, déanfaidh sé an tionchar ar an mbuiséad a mheas maidir le clár máinliachta meitibilí a thabhairt isteach agus déanfar measúnú ar na himpleachtaí eagrúcháin agus acmhainne a ghabhadh le seirbhís den sórt sin. Cuireadh sainghrúpa comhairleach le chéile ina gcuimsítear ionadaithe ar phríomhghrúpaí leasmhara chun comhairle agus treoir a thabhairt le linn an MTS.

Tabharfar an MTS chun críche in 2022 agus cuirfear ar fáil mar chomhairle don FSS é chun bonn eolais a chur faoi chinneadh maidir le cibé acu ar ceart nó nár cheart clár máinliachta meitibilí a chur i bhfeidhm in Éirinn.



HTA ar thástáil cohóirt breithe maidir le heipitíteas C

In 2019, chuir HIQA tús le MTS ar thairiscint tástála maidir leis an víreas heipitíteas C (HCV) do dhaoine in Éirinn a rugadh idir 1965 agus 1985. Tugadh tosaíocht don MTS tar éis gur foilsíodh Treoiríne Cliniciúil Náisiúnta Éireannach um Scagadh Heipitíteas, a ndearna an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil dearbhú cáilíochta air agus ar thacaigh an tAire Sláinte leis in 2017. Chuimsigh an treoiríne sin moladh cliniciúil chun tástáil HCV aonuaire a thairiscint do dhaoine in Éirinn a rugadh idir 1965 agus 1985 (is é sin ná tástáil cohóirt breithe) faoi réir thoradh MTS iomlán.

In Éirinn, táirgtear tástáil HCV sa ghnáthchúrsa do dhaoine lena ngabhann fachtóirí riosca aitheanta don ionfhabhtú (mar shampla daoine a rinneadh drugaí nach raibh ar oideas nó drugaí mídhleathacha a instealladh riamh, daoine a fhaigheann scagdhealú ar cíos, nó daoine ar a bhfuil siomptóim d'ionfhabhtú ainsealach HCV. Is minic a fheictear ionfhabhtú ainsealach HCV in Éirinn i ndaoine a rugadh idir 1965 agus 1985. Le tástáil cohóirt breithe, dhéanfaí tástáil ar gach duine a rugadh idir an dá dháta sin, agus ar an mbealach sin is dóchúla go n-aithneofaí agus go dtabharfaí cóireáil do dhaoine ar a bhfuil ionfhabhtú ainsealach HCV nach bhfuil diagnóisithe sula mbeadh fadhbanna tromchúiseacha i ndáil leis an ae acu. Ní bheadh tionchar aige ar rochtain ar chuir chuige reatha riosca-bhunaithe i dtreo ionfhabhtú HCV a bhrath nó daoine a chóireáil a aithníodh trí thástáil riosca-bhunaithe.

Mar chuid den MTS, rinneamar measúnú ar eipidéimeolaíocht HCV in Éirinn agus rinneamar athbhreithniú ar chruinneas diagnóiseach tástálacha chun ionfhabhtú ainsealach HCV a dhiagnóisiú, i dteannta le sábháilteacht agus éifeachtacht teiripí chun ionfhabhtú ainsealach HCV a chóireáil. Freisin thugamar faoi athbhreithnithe córasacha ar chruinneas diagnóiseach na dtástálacha saotharlann-bhunaithe agus úsáid á baint as samplaí spota fola chomh le héifeachtacht na straitéisí tástála bunaithe ar an daonra chun daoine a aithint ar a bhfuil ionfhabhtú ainsealach HCV nach raibh diagnóisithe. Forbraíodh samhail eacnamaíoch chun cost-éifeachtacht a mheas chomh leis an tionchar ar an mbuiséad dá dtabharfaí isteach tástáil cohóirt breithe in Éirinn. Sa deireadh, rinneamar anailís ar na himpleachtaí eagrúcháin agus eitice a ghabhfadh le tabhairt isteach bheartaithe an tástáil cohóirt breithe.

Cuireadh an dréacht-MTS ar fáil um chomhairliúchán poiblí ar feadh sé seachtaine, chun ligean don phobal agus d'eagraíochtaí páirtí leasmhair aiseolas a thabhairt.

Thug Sainghrúpa Comhairleach tacaíocht don MTS agus ionadaithe air ón Roinn Sláinte, ón gClár Náisiúnta Cóireála um Heipitíteas C, ón tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, ón gClár Náisiúnta Paiteolaíochta, ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, cliniceoirí ag a bhfuil saineolas ar ghalair thógálacha, ón tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, ón Lárionad Náisiúnta don Chógaseacnamaíocht, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, grúpaí tacaíochta ábhartha um othair agus saineolaithe modheolaíochta.

Fuarthas leis an MTS gur úsáid chost-éifeachtach acmhainní a bheadh i gceist le tástáil cohóirt breithe don HCV in Éirinn, ach go mbeadh infheistíocht mhór roimh ré ag teastáil. Mar gheall ar éiginnteacht nach beag i ndáil le forleithne an ionfhabhtú ainsealach HCV neamhdhiagnóisithe sa chohórt breithe 1965 go 1985 agus na dúshlán loighistice a ghabhfadh le clár féideartha um thástáil cohóirt breithe, mholamar machnamh a dhéanamh ar chlár píolótach ar dtús.

D'fhaomh Bord HIQA an MTS agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte é le breithniú.

4.2.2 An Coiste Comhairleach Náisiúnta don Scagthástáil (NSAC) – Tacaíocht sintéise fianaise

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta don Scagthástáil (NSAC) in 2019 tar éis molta ag Fiosrúchán Scópála 2018 ar an gClár Scagthástála CervicalCheck. Coiste comhairleach neamhspleách atá i NSAC a chuireann comhairle ar an Aire Sláinte agus an Roinn Sláinte faoi mholtaí nua um athbhreithnithe ar chlár scagthástála daonra-bhunaithe. Ó bhí 2020 ann, tá sintéis fianaise déanta ag HIQA agus comhairle fianaise-bhunaithe curtha ar an NSAC aige thar ceann an Aire Sláinte. Mar chuid den tacaíocht sin rinneadh measúnuithe ar chlár daonra-bhunaithe nua agus reatha um scagthástáil agus athbhreithnithe ar phróisis (ar nós cur chuige i dtreo socrú tosaíochta agus cinnteoireachta, nó forbairt creataí eiticiúla) arna n-úsáid chun bonn eolais a chur faoin déanamh beartais i leith scagthástála.

Scagthástáil Eatramh Shínte ar an gClár Náisiúnta Scagthástála Reitiní do Dhiabéitigh in Éirinn

I mí Feabhra 2021, d'fhoilsíomar tuarascáil scópála, inar tugadh forléargas ar an bhfianaise maidir leis an eatramh scagthástála um reitineapaite dhiaibéiteach a shíneadh ó aon bhliain amháin do dhá bhliain dóibh siúd lena ngabhann riosca íseal de dhul chun cinn na reitineapaite.

Castacht mhacra-shoithíoch a ghabhann leis an diaibéiteas atá i reitineapaite dhiaibéiteach agus tá sí ina chúis choitianta le lagú amhairc agus cailliúint radhairc. Is féidir leis an gclár scagthástála reitineapaite dhiaibéiteach a bhagraíonn ar an radharc a chosc trí chásanna a bhrath agus a chóireáil in am. Moladh, ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta, go bhféadfaí eatramh scagthástála de gach dhá bhliain a thabhairt isteach dóibh siúd lena ngabhann riosca íseal de dhul chun cinn na reitineapaite agus a raibh sé léirithe acu go raibh siad ag cloí leis an gclár.

Le tacaíocht ónár bhfianaise ónár dtuarascáil scópála, mhol an NSAC don Aire Sláinte go sínfí an t-eatramh scagthástála ó aon bhliain amháin go dhá bhliain do dhaoine aonair lena ngabhann riosca íseal de dhul chun cinn na reitineapaite a bhfuil sé léirithe acu go raibh siad ag cloí leis an gclár. Cuireadh an t-athrú sin ar an gclár scagthástála i bhfeidhm in 2021.

Athbhreithniú ar phróisis arna n-úsáid chun bonn eolais a chur faoi leathnú na gclár scagthástála um spotaí fola naíonán nuabheirthe

D'iarr NSAC an t-athbhreithniú chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi fhorbairt a gcuid próiseas um measúnú ar reachtaí arna meas le cuimsiú i gClár Náisiúnta Scagthástála na hÉireann um Spotaí Naíonán Nuabheirthe (Newborn Bloodspot Screening Programme/NNBSP). Cuireann an NNBSP scagthástáil ar spotaí fola naíonán nuabheirthe (NBS) ar fáil ar a dtugtar 'an tástáil prioctha sáile' agus a dhéantar idir an chéad 72 agus an chéad 120 uair an chloig den saol. In Éirinn, faoi láthair déantar scagthástáil i gcomhair ocht ríocht laistigh de NBS, agus naoú ríocht á cur i bhfeidhm.

Thug HIQA faoi athbhreithniú cuimsitheach ar thíortha a bhfuil sé aitheanta go bhfuil próisis tuairiscithe déanta beartais i bhfeidhm acu le haghaidh a gcuid clár scagtha um spotaí fola naíonán nuabheirthe. Tar éis léirmheasa ar an litríocht, aithníodh naoi dtír agus rinneadh léirmheas cuimsitheach ar an litríocht acadúil agus ar na cáipéisí beartais ábhartha a bhaineann leis na tíortha sin. Sa tuarascáil rinneadh achoimre ar roinnt gnéithe atá ábhartha don chinnteoireacht i ndáil le méadú ar chlár NBS. Cuimsíodh leis na gnéithe spéise: (i) an raon ríochtaí a ndéantar scagthástáil lena n-aghaidh i gclár idirnáisiúnta NBS; (ii) na próisis um ríocht a mholadh, cur in ord tosaíochta agus roghnú um athbhreithniú fianaise; (iii) na próisis chinnteoireachta a chuireann le ríocht a chur san áireamh i gclár idirnáisiúnta NBS agus (iv) ról na teicneolaíochta nua i méadú clár um NBS. Tionóladh Sainghrúpa Comhairleach ildisciplíneach chun na fianaise a bhí leagtha amach a mheas agus ionchur saineolach a thabhairt don tuarascáil.

Sonraíodh sa tuarascáil sin, nuair atá leathnú clár scagthástála á mheas, nach mór impleachtaí tábhachtacha eitice, dlí agus sóisialta a thógáil san áireamh; lena n-áirítear dearcaí raon leathan páirtithe leasmhara, amhail, an leanbh, a dteaghlach, eolaithe, gairmithe cúraim sláinte agus gairmithe sláinte poiblí. Anuas air sin, ba cheart na hacmhainní a theastaíonn chun an clár a leathnú a mheas ag céim luath. Moladh do NSAC leis an tuairisc gur cheart cur chuige soiléir, struchtúrtha i leith gach gné den déanamh beartais ar an ábhar sin a ullmhú chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a chinntiú amach anseo. Cuireadh an tuarascáil sin i láthair do NSAC ar an 20 Bealtaine 2021 agus foilsíodh ar www.hiqa.ie é.

Athbhreithniú ar chreataí idirnáisiúnta eitice i gcomhthéacs na scagthástála.

In 2021, chuir NSAC tús le creat eitice a fhorbairt chun tacú lena measúnuithe agus cinntí i ndáil le cláir scagthástála daonra-bhunaithe in Éirinn. I mí na Bealtaine 2021, d'iarra NSAC ar HIQA cabhrú leis an gcreat eitice sin a fhorbairt trí hathbhreithniú scópála a dhéanamh ar an dea-chleachtas i ndáil leis an ábhar seo.

Rinne HIQA athbhreithniú idirnáisiúnta ar chreataí eitice arna n-úsáid sa déanamh beartais i gcomhthéacs na scagthástála. Áiríodh le foinsí don athbhreithniú comhlachtaí ar a bhfuil freagracht as déanamh beartais um scagthástáil, gníomhaireachtaí sláinte poiblí, comhlachtaí náisiúnta eitice agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta. Cé go bhfuarthas go raibh cuid mhaith éagsúlachta ann ó thaobh ábhar agus struchtúr na gcreataí a aithníodh, sonraíodh comhsheasmhacht sna prionsabail eitice agus na luachanna nós imeachta a chuirtear sa áireamh. Tarraingíodh aird in go leor creataí ar an ngá le hábharthacht agus tábhacht choibhneasta na luachanna nó na bprionsabail a mheas laistigh de chomhthéacsanna éagsúla na scagthástála (mar shampla, cláir do dhaoine fásta i gcomparáid le cláir do leanaí), agus an fhéidearthacht go mbeadh roinnt luachanna agus prionsabail ag teacht salach ar a chéile. Anuas air sin, ós rud é gur ar leibhéal daonra nó pobail a ghlactar cinntí i leith sláinte poiblí, tá na luachanna agus na prionsabail a threoraíonn na cinntí sin difriúil leo siúd a threoraíonn an gnáth-chinnteoireacht chliniciúil. Mar sin, measadh gurbh tábhachtach cothrom a bhaint amach idir machnamh ar thairbhí agus dhíobháil na scagthástála de réir mar a bhaineann leis an daonra foriomlán agus an duine aonair.

Thug Sainghrúpa Comhairleach ag a bhfuil an saineolas ábhartha tacaíocht don tionscadal. Cuireadh an tuarascáil i láthair do NSAC ar an 21 Deireadh Fómhair 2021.

MTS maidir le heaspa imdhíonachta chomhcheangailte throm (severe combined immunodeficiency /SCID) a chur leis an gClár Náisiúnta Scagthástála um Spotaí Fola Naíonán Nuabheirthe

Is é atá in easpa imdhíonachta chomhcheangailte throm (SCID) grúpa de neamhoird neamhchoitianta ó oidhreacht sa chóras imdhíonach, arb iad na tréithe a ghabhann leo easpa T-cheall nó líon i bhfad níos lú T-cheall. Tá forleithne an SCID Easnamh Dí-aimíonáise Adanóisín (ADA-SCID), cineál sonrath SCID, in Éirinn réasúnta ard i gcoibhneas le tíortha eile. I mí Mheán Fómhair 2021, tar éis iarratas a fháil ó NSAC, d'aontaigh HIQA tabhairt faoi MTS maidir le SCID a chur leis an gClár Náisiúnta Scagthástála um Spotaí Fola Naíonán Nuabheirthe.

Glacadh próiseas dhá-chéime i dtreo shintéis fianaise. Sa chéad chéim, cuimseoidh sintéis fianaise cur síos ar an teicneolaíocht, eipidéimeolaíocht SCID, agus measúnú ar éifeachtacht chliniciúil agus shábháilteacht na scagthástála bunaithe ar chiorcail eiscthe de ghabhdóirí T-cheall um SCID. Cuirfear na fionnachtana faoi bhráid NSAC le breithniú. Má iarrann an NSAC amhlaidh, féadfar tabhairt faoi dhara céim chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí eacnamaíocha, eagrúcháin, sóisialta, eitice agus dlí a ghabhann le scagadh bunaithe ar TREC le haghaidh SCID a thabhairt isteach in Éirinn.

Tionólfadh HIQA sainghrúpa comhairleach ildisciplíneach chun comhairle a thabhairt le linn an MTS.

4.2.3 HRB-CICER – Tacaíocht um threoirlíne náisiúnta chliniciúil

In 2016, dhámh an Bord Taighde Sláinte (HRB) conradh le haghaidh € 2.25 milliún do HIQA chun Comhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil HRB a bhunú (HRB-CICER). Tugadh faomhadh do shíneadh gan chostas le haghaidh HRB-CICER i mí na Nollag 2021, agus an clár oibre á shíneadh go dtí mí Aibreáin 2023. Is é Ionad HRB um Thaighde Cúraim Phríomhúil (HRB- CPCR) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) príomh-chomhoibrí HIQA.

Tá sé mar aidhm le HRB-CICER bonn fianaise ardchaighdeáin a sheachadadh maidir le hathbhreithniú córasach ar anailís chliniciúil agus chost-éifeachtachta an tionchair bhuiséid chun tacú le forbairt moltaí fianaise-bhunaithe i dtreoirlínte náisiúnta chliniciúla agus in iniúchtaí náisiúnta cliniciúla. Tá €treoirlínte Náisiúnta Cliniciúla agus Iniúchtaí Náisiúnta Cliniciúla dearbhairthe ó thaobh cáilíochta de ag an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus sainordaithe ag an Aire Sláinte le cur i bhfeidhm ag an FSS. Lena chois sin, tríd an gcomhoibriú cuirtear oiliúint ar fáil i sintéisiú fianaise agus tugtar comhairle do NCEC maidir le feabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta i gcruthú fianaise, agus ar bhearnaí taighde maidir leis an mbonn fianaise agus conas is féidir dul i ngleic leo ar an mbealach is fearr.

Tugaimid tacaíocht don NCEC freisin trí bhallaíocht den choiste, agus trí chúnamh a thabhairt le tosaíocht agus measúnú na dtreoirlínte a chuirtear isteach. In 2021, chuireamar ionchur saineolais ar fáil d'fhoirne measúnaithe agus tosaíochta NCEC do na treoirlínte a leanas:

- Diagnóisiú, Céimniú agus Cóireáil Galair Trófabhlastaigh le linn Toirchis, Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta
- Rith Fola gan Choinne le linn Obráide a Bhagraíonn ar Bheatha, Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta
- Éirigh as Caitheamh Tobac, Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta

Treoirlíne chliniciúil náisiúnta ar ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach

Thacaíomar le forbairt treoirlínte cliniciúla náisiúnta um chóireáil agus bainistíocht an ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) i ndaoine fásta. Rinneamar athbhreithniú córasach ar an litríocht eacnamaíoch agus rinneamar anailís ar thionchar buiséid chun na costais a mheas as na moltaí cliniciúla a chur i bhfeidhm. Seoladh an treoirlíne i mí na Samhna 2021.



Treoirlíne chliniciúil náisiúnta ar láimhseáil seipsise do dhaoine fásta (máithreachas san áireamh)

Thacaigh HRB-CICER le forbairt treoirlíne cliniciúla náisiúnta um láimhseáil seipsise do dhaoine fásta, lena n-áirítear le linn máithreachais. Thugamar tacaíocht mhodheolaíoch don ghrúpa um forbairt treoirlíne ag gach céim. Seoladh an treoirlíne i mí Mheán Fómhair 2021.

Forbairt treoirlínte

Chuireamar na nithe a leanas ar fáil freisin do ghrúpaí forbartha treoirlínte in 2021:

- léirbhreithniú córasach ar litríocht chliniciúil agus eacnamaíoch maidir le hidirghabhálacha chun cloí le sláinteachas lámh a fheabhsú chun tacú leis an treoirlíne um ionfhabhtuithe arna bhfáil i gcúram sláinte
- athbhreithniú córasach ar litríocht chiniciúil agus eacnamaíoch maidir le cóiríocht seomra aonair d'othair i gcomparáid le seomraí leapacha iomadúla i láithreacha géarmhíochaine chun tacú le treoirlíne a fhorbairt maidir le hionfhabhtuithe arna bhfáil i gcúram sláinte.
- anailís ar an tionchar ar bhuiséid i ndáil le cur i bhfeidhm na treoirlíne cliniciúla náisiúnta um éirí as caitheamh tobac
- anailís ar an tionchar ar bhuiséid i ndáil leis an treoirlíne ar rith fola as cuimse le linn obráide.

In 2021, cuireadh tús le hobair ar na nithe a leanas:

- athbhreithniú córasach ar na próisis chun treoirlínte idirnáisiúnta a nuashonrú chun bonn eolais a chur faoi phróisis NCEC chun nuashonrú a dhéanamh ar na treoirlínte cliniciúla náisiúnta.

Duais an Bhoird Taighde Sláinte um Imscrúdaitheoir Éiritheach

Is comh-iarratasóir é HIQA maidir le Dámhachtain an Bhoird Taighde Sláinte um Imscrúdaitheoir Éiritheach (EIA) faoi cheannas an Dr Barbara Clyne, HRB-CICER agus RCSI, dar teideal: *'Evidence synthesis and translation of findings for national clinical guideline development: addressing the needs and preferences of guideline development groups'*. Is é aidhm an taighde sin tacú le próisis forbartha um threoirlínte cliniciúla lena gcuirtear taca faoin obair a dhéanann HRB-CICER trí shraith straitéisí a fhorbairt do tháirgeoirí fianaise agus d'úsáideoirí deiridh. Leis na straitéisí sin tabharfar tacaíocht do na nithe a leanas:

- roghnú optamach modhanna sintéisithe fianaise
- cur in iúl thorthaí shintéisiú na fianaise, agus
- aistriú fhianaise an taighde go moltaí.
- staidéar Delphi ar roghnú optamach modhanna um shintéis fianaise: fuarthas faomhadh eiticíúil agus tá an ceistneoir tugtha chun críche
- iarratas á dhéanamh ar fhaomhadh eiticíúil chun modhanna fréamhshamhla le fionnachtana achoimrí fianaise a chur in iúl a chomhfhorbairt agus tástáil phiólótach a dhéanamh orthu.

Dámhachtain um Dhochtúireacht Chomhoibrítheach an Bhoird Taighde Sláinte

Is comh-iarratasóir é HIQA maidir le Dámhachtain um Dhochtúireacht Chomhoibrítheach an Bhoird Taighde Sláinte faoi cheannas an Ollaimh Susan Smith, RSCI, trína maoinítear clár dar teideal *Ilghalrachaí casta a bhainistiú i gcúram príomhúil: clár oiliúna dochtúireachta ildisciplíní*. Cuimsíonn an clár comhar le HIQA chun measúnú a dhéanamh ar na costais as cloí le treoirínte cliniúla a bheith le hóc ag othair ar a bhfuil ilghalair chasta agus a gcuid cúramóirí, réimse nach bhfuil neart taighde déanta uirthi go dtí seo.

I rith 2021, cuireadh tús le suirbhé a riarfaidh Behaviours and Attitudes ar ‘How do people with multimorbidity prioritise their healthcare when unable to afford healthcare costs: a choice experiment’. Tugadh chun críche agus foilsíodh athbhreithniú córasach amháin, chomh maith le páipéar amháin ina ndearnadh iniúchadh ar an ngaol idir ilghalair agus caiteachas ar chúram sláinte i ndaoine scothaosta agus cuireadh isteach é le foilsiú tar éis piarmheasúnú.

4.2.4 Fianaise don Bheartas

Bunaíodh ár bhFoireann um Fhianaise do Bheartas in 2018 tar éis iarratas a fháil ón Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (NPSO) sa Roinn Sláinte. Tá an fhoireann freagrach as clár sintéise fianaise a chur chun feidhme go héifeachtach d’fhonn fianaise ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú le forbairt beartais na Roinne Sláinte.

Ualach eacnamaíoch na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí Anailís ar na costais bhreise a ghabhann le hionfhabhtuithe frithmhiocróbacha

Tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte, thugamar faoi anailís ar na costais ospidéil a ghabhann le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR) in 2019 a foilsíodh in 2021. Thacaigh an obair sin, a bhí maoinithe i bpáirt ag an mBord Taighde Sláinte, le Céad Phlean Gníomhaíochta na hÉireann (iNAP) ar Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach. Tionóladh Sainghrúpa Comhairleach Ildisciplíneach chun comhairle a chur ar HIQA le linn an staidéir.

Tarlaíonn AMR nuair a chuireann miocorgánaigh iad féin in oiriúint le himeacht ama agus nuair nach bhfreagraíonn siad do fhrithmhiocróbaigh a thuilleadh. Nuair a éiríonn miocorgánaigh frithsheasmhach in aghaidh frithmhiocróbach, éiríonn sé níos deacra agus níos costasaí ionfhabhtuithe a chóireáil. Baol mór don tsláinte phoiblí ar fud an domhain atá in AMR, mar go ngabhann sé le leibhéil nach beag de bhásmhaireacht agus de ghalracht. Cuireann an costas airgeadais as ionfhabhtuithe frithsheasmhacha a chóireáil ualach mór ar an tsochaí mar gur mó an seans go bhfanfaidh othair atá ionfhabhtaithe le miocorgánaigh frithsheasmhacha in aghaidh drugaí san ospidéal ar feadh tréimhse ama níos faide, go mbeidh torthaí níos measa acu agus nach mbeidh siad in ann don obair.

Chuimsigh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (iNAP) na hÉireann ar an bhFrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (2017-2020) idirghabháil straitéiseach chun tabhairt faoi anailís eacnamaíoch ar AMR. Ba í an aidhm a bhí i gceist leis sin ná na costais reatha a mheas a ghabhann le miocorgánaigh áirithe atá frithsheasmhach in aghaidh frithmhiocróbach agus ar ábhar imní iad ó thaobh sláinte poiblí i suíomh an ospidéal géarchúraim in Éirinn.

Rinneamar léirmheas litríochta chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú eacnamaíoch ar AMR. Leis an anailís sin ina dhiaidh measadh na costais a ghabhann le hocht mbaictéar frithmhiocróbach roghnaithe ar ábhar imní iad ó thaobh sláinte poiblí. Fuaireamar gur tharla 4,700 de na hionfhabhtuithe baictéara frithsheasmhacha sin ar fud 50 ospidéal géarchúraim in Éirinn in 2019. Measadh sa staidéar sin go raibh costas breise de € 12 mhilliún le híoc ag an tseirbhís sláinte in 2019 ó thaobh laethanta leapa breise san ospidéal mar thoradh ar AMR bainteach leis na baictéir sin, agus go raibh na hionfhabhtuithe sin freagrach as thart ar 215 bás agus nach mór 5,000 bliain saoil athruithe don mhíchumas, nó blianta de shláinte iomlán cailte. Beidh an staidéar mar bhonn eolais do thuiscint ar na costais eacnamaíocha a ghabhann le AMR in Éirinn agus bhí sé mar bhonn eolais um fhorbairt an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (2021-2025), iNAP 2.

4.2.5 Sintéis fianaise agus comhairle maidir le COVID-19

Athraíonn an fhianaise agus an fhaisnéis maidir le COVID-19 i gcónaí ó tháinig sé chun cinn i mí na Nollag 2019. Thosaigh HIQA ag soláthar shintéis fianaise chun tacú leis an bhfreagairt sláinte poiblí do phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020 ar iarratas na Roinne Sláinte.

Bunaíodh Foireann Sintéise Fianaise um COVID-19 chun sintéis fianaise a chur ar fáil le tacú le hobair na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE), a cuid foghrúpaí agus grúpaí eile sa Roinn Sláinte agus san FSS a phléann leis an bhfreagairt sláinte poiblí. I mí Mheán Fómhair 2020, thosaigh HIQA ag soláthar comhairle fianaise-bhunaithe do NPHE thar ceann an Roinn Sláinte. Treoraítear an chomhairle le sintéis fianaise a dtugtar faoi thar gach réimse ábhartha de MTS agus thaighde ar sheirbhísí sláinte. Bunaíodh Sainghrúpa Comhairleach ar COVID-19 chun léirmhíniú saineolach a thabhairt ar an bhfianaise ábhartha agus chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt comhairle do NPHE. Tá an EAG déanta suas d'ionadaithe ainmnithe ó na grúpaí ábhartha páirtithe leasmhara sa réimse chliniciúil agus sláinte poiblí agus de shaineolaithe modheolaíocha.

In 2021, chuireamar raon de shintéis fianaise ar fáil, ar tugadh nuashonrú rialta do chuid acu. Áiríodh leo siúd: cúig athbhreithniú ar threoir sláinte poiblí (naoi leagan san iomlán), 13 achoimre fianaise (22 leagan ar leithligh), cúig phlé éascaithe inar clúdaíodh trí hábhar aonair, dhá phíosá anailíse nó samhaltaithe (dhá nuashonrú ar leithligh), bunachar sonraí a ndéantar nuashonrú rialta air de threoir idirnáisiúnta sláinte poiblí (56 nuashonrú) agus athbhreithnithe ar bhearta beartais chun scaipeadh COVID-19 a theorannú (nuashonrú déanta air 33 huairé).

Áiríodh leis na tuairiscí a cuireadh le chéile mar fhreagra ar iarratais shonracha ó NPHE, ón Roinn Sláinte, ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC), ó fhoireann an FSS um Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe (AMRCI) agus ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte in 2021:

- achoimrí fianaise:
 - Treoir sláinte poiblí um shuíomhanna cúraim pobail agus cúraim sláinte i gcomhthéacs COVID-19
 - Idirghabhálacha i suíomh siúlach chun dul ar aghaidh go galar tromchúiseach a chosc in othair a bhfuil COVID-19 orthu
 - Athbhreithniú ar bhearta chun tacú leo siúd atá ag féinleithlisiú nó ag srianadh gluaiseachtaí
 - Fad na himdhíonachta cosantaí (cosaint ar ath-ionfhabhtú) tar éis ionfhabhtú SARS-CoV-2
 - Grúpaí i ngrúpa a naoi um leithdháileadh vacsaíne - iad siúd idir 18-64 bliain d’aois a bhfuil cónaí orthu nó a oibríonn i ndálaí plódaithe
 - Beartais a bhaineann le baill foirne cúraim sláinte nach mbaineann leas as vacsaíne COVID-19
 - Coraintín éigeantach sa bhaile agus tástáil éigeantach tar éis taistil
 - Bearta sláinte poiblí chun aistriú SARS-CoV-2 ag cruinnithe ollmhóra a theorannú
 - COVID-19 - Idirghabhálacha agus fachtóirí bainteach le sláinte a choisceann ionfhabhtú nó a íoslaghdaíonn an dul ar aghaidh go galar tromchúiseach
 - Idirghabhálacha a choisceann ionfhabhtú nó a íoslaghdaíonn dul ar aghaidh COVID-19
 - Tástáil antaigine gasta ar dhaoine aonair aisiomptómacha
 - Fad na himdhíonachta tar éis vacsaíne
 - Athbhreithniú leanúnach ar an bhfianaise i leith athraitheach Omicron (B.1.1.529)
- plé a éascaíodh
 - Maolú oibríthe cúraim sláinte vacsaínithe
 - An íos-aois a laghdú um riachtanais agus moltaí maidir le caitheamh masc i leith COVID-19
 - Úsáid masc anáiltheora ag daoine ar mó baol an COVID-19 dóibh

- athbhreithnithe idirnáisiúnta ar bhearta agus straitéisí sláinte poiblí
 - Tástáil antaigine i ndaoine aonair aisiomptómacha i suíomhanna pobail
 - Bearta agus straitéisí sláinte poiblí chun scaipeadh COVID-19 a theorannú
 - Maisc aghaidhe agus scaradh fisiciúil
 - Cuir chuige i dtreo samhaltaithe um Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE)
 - Athbhreithniú leanúnach ar an Treoir Idirnáisiúnta Sláinte Poiblí maidir le hathraitheach Omicron (B.1.1.529)
- anailís agus samhaltú eipidéimeolaíoch
 - Tástálacha Diagnóiseacha Antaigine Gasta i monarchana próiseála feola
 - Fachtóirí a bhaineann le ráigeanna de SARS-CoV-2 i dtithe altranais
- bunachar sonraí de bhearta idirnáisiúnta sláinte poiblí arna chur ar fáil don Roinn Sláinte agus don HPSC trí huaire in aghaidh na seachtaine go dtí an 10 Feabhra 2021 agus gach seachtain ina dhiaidh sin
- athbhreithnithe idirnáisiúnta ar bhearta sláinte poiblí arna chur ar fáil don Roinn Sláinte agus don HPSC; lena n-áirítear athbhreithnithe ar threoir sláinte poiblí:
 - le haghaidh shaoráidí cúraim chónaithigh i gcomhthéacs COVID-19
 - ar bhearta cosanta um ghrúpaí leochaileacha i gcomhthéacs COVID-19.



Glacadh le hocht lámhscríbhinn le haghaidh na hoibre sin le foilsiú in irisí acadúla. Bronnadh dámhachtain don Bhuaiteoir Foriomlán ar fhoilseachán piarmheasúnaithe 'SARS-CoV-2 detection, viral load and infectivity over the course of an infection' ag Dámhachtainí Rochtana Oscailte an FSS 2021.

Freisin chuidíomar le roinnt sainghrúpaí atá ag freagairt don phaindéim. Tá ár Stiúrthóir MTS, an Dr Máirín Ryan ina ball de NPHEM; agus tá ár bPríomheolaí, an Dr Conor Teljeur, agus an Dr Ryan, ina mbaill de Shainghrúpa Comhairleach Éireannach NPHEM um Shamhaltú. Tá ár Leas-Stiúrthóir ar MTS, an Dr Patricia Harrington, ina ball de mheitheal oibre an FSS ar Thástáil Dhiagnóiseach Antaigine Tapa.

Freisin rinne an Dr Ryan cathaoirleacht ar Mheitheal Oibre NPHEM ar Fhaireachas SARS-CoV-2 & Seicheamhú Géanóim Iomláin (Whole Genome Sequencing/WGS). Rinne an grúpa moltaí do NPHEM ar chlár faireachas náisiúnta ar WGS a bunaíodh i dtráth mar ghné lárnach den fhreagairt sláinte poiblí ar COVID-19.

Rinne HIQA sraith cur i láthari don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) ar ár sintéis fianaise ar fhad na himdhíonachta do vacsaíní COVID-19. Threoraigh an taighde sin na moltaí ó NIAC maidir le teanndáileoga de vacsaín COVID-19 a úsáid.

4.2.6 Údarú ilchineálach na radaíochta ianúcháin

Rinneadh Treoir 2013/59/Euratom (Bunchaighdeáin Sábháilteachta um Chosaint ar Chontúirtí ag Eascairt ó Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianúcháin) a thrasú i ndlí na hÉireann ar an 8 Eanáir 2019. De réir na rialachán, tá freagracht ar HIQA as údarú ilchineálach na gcineálacha nua cleachtas lena mbaineann nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin chomh maith leis an athbhreithniú ar chleachtais reatha ar chúinsí áirithe. Tá freagracht orainn freisin as údarú sonrath na radaíochta ianúcháin arna dhéanamh mar chuid de chlár scagthástála sláinte nó de mheasúnú sláinte aonair agus as treoirlínte a fhoilsiú maidir le scagthástáil daoine aisiomptómacha lasmuigh de chlár reatha scagthástála don tsláinte. Chun ár gcuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le húdarú ilchineálach, bhunaigh HIQA feidhm nua um radaíocht ianúcháin inár Stiúrthóireacht MTS in 2021. Tá tús curtha le hobair ar na próisis a thacaíonn leis an bhfeidhm.

4.2.7 Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta

In 2021, chuir HIQA le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí arna reáchtáil ag páirtithe leasmhara seachtracha. Ina measc siúd bhí an Grúpa um Athbhreithniú Teicneolaíochta do Chlár Náisiúnta an FSS um Rialú Ailse, an Grúpa um Athbhreithniú Teicneolaíochta do Chlár an FSS um Ghalair Neamhchoitianta, Coiste Stiúrtha SPHeRE, Scéimeanna Sláinte Poiblí (Cógais) an FSS, an Coiste Rialachais don Tionscadal Sonraí Oscailte agus Grúpa Páirtithe Leasmhara na Roinne Sláinte um Measúnú Feidhmíochta ar an gCóras Sláinte.

Anuraidh, chomhoibríomar le Leabharlann Sláinte Poiblí agus Seirbhís Eolais an FSS. Thug leabharlannaithe an FSS tacaíocht theicniúil d'fhoireann shintéis fianaise HIQA chun tacú leis an bhfreagairt do COVID-19. Cuireadh an tacaíocht sin ar bhonn foirmiúil in 2021 agus leabharlannaithe an FSS ag leanúint orthu ag tabhairt tacaíocht theicniúil do leabharlannaí HIQA, de réir mar ba ghá:

Chuamar i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte Poiblí san Iarthar Láir chun comhóstáil a dhéanamh ar chomhalta um Cheannaireacht Chliniciúil sa Chógas Sláinte Poiblí ó mhí Iúil 2021 go mí Iúil 2022. Tá sé sin ar cheann de shraith de chomhaltachtaí oiliúna um iarspeisialtóir is cláraitheoir faoi choimirce Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus arna mhaoiniú ag an FSS chun rochtain ar oiliúint speisialtóra a éascú, in ardscoilleana um shintéis fianaise sa chás sin.

In 2019, shíniomar meamram tuisceana (MoU) idir comhlachtaí náisiúnta um measúnú teicneolaíochta sláinte (HTA) in Albain, sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn. Leis an MT bunaíodh cur chuige comhoibritheach maidir le teicneolaíochtaí sláinte nua a shainaithint agus a mheasúnú idir na trí heagraíocht. Mar chuid den chomhar ghníomhaigh baill foirne HIQA mar athbhreithneoirí tiomnaithe um measúnachtaí arna ndéanamh ag na ballghníomhaireachtaí eile.

Eagraíodh plé comhoibritheach painéil ag HIQA, Health Technology Wales, Grúpa Theicneolaíocht Sláinte na hAlban agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile um theicneolaíocht na sláinte (lena n-áirítear an Ghníomhaireacht na Sualainne um Theicneolaíocht na Sláinte agus Gníomhaireacht Cheanada um Dhrugaí agus Theicneolaíochtaí sa tSláinte), ag an gcomhdháil idirnáisiúnta ar Mheasúnú Theicneolaíocht na Sláinte (HTAi) in 2021. Ba é ábhar an phlé painéil “Embedding Impact Evaluation in Health Technology Assessment: Successes and Challenges”.

In 2021, chomhoibrigh muid le AGENAS, gníomhaireacht náisiúnta MTS na hIodáile. Tá AGENAS ag maoiniú duine dá chuid eacnamaithe sinsearach sláinte chun oibriú in HIQA ar chomhlacht 18 mí. Tabharfaidh an comhaltacht, a tosaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021, deis uathúil um aistriú scileanna agus mhalairt eolais idir an dá ghníomhaireacht.

Tá HIQA ina bhall de HTAi agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíocht Sláinte (INAHTA). Leis an gcomhoibriú sin is féidir linn taighde a chomhroinnt agus comhoibriú ar athbhreithnithe fianaise ar theicneolaíochtaí sláinte agus iad a tháirgeadh go comhpháirteach.

Tá HIQA ainmnithe ag an Roinn Sláinte chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag an Líonra Eorpach um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (EUnetHA) ó 2008. Comhoibriú a bhí in EUnetHTA de níos mó ná 80 eagraíocht MTS ó gach ceann de 28 ballstát an Aontas Eorpach (AE), ón Iorua agus ón Eilvéis idir 2008 agus 2020. Tá sé mar aidhm aige comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe MTS a bhaint amach lena gcruthaítear breisluach ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Tugadh faoi shraith de Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, chun aschur MTS a fheabhsú agus chun dúbailt iarrachta a sheachaint. Bhí HIQA ina rannpháirtí gníomhach in EUnetHTA agus é ag cur le go leor aschur comhpháirteach, lena áiríodh measúnachtaí ar éifeachtacht choibhneasta agus treoirlínte MTS, chomh maith le rannpháirtíocht i mBord Feidhmiúcháin EUnetHTA ó 2014 go 2021. Treoraíodh an obair ag forbairt Rialachán AE um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (MTS) ar glacadh leis go foirmiúil i mí na Nollag 2021. Leis an rialachán cuirtear creat buan um obair chomhpháirteach in ionad an chórais reatha atá bunaithe ar líonra deonach d'údaráis náisiúnta (Líonra MTS) agus an comhar tionscadal-bhunaithe arna mhaoiniú ag an AE (Gníomhartha Comhpháirteacha EUnetHTA). Beidh feidhm aige ó mhí Eanáir 2025. Leis an gcreat nua clúdaítear measúnachtaí cliniciúla comhpháirteacha, comh-chomhairliúcháin eolaíoch, sainaithe teicneolaíochtaí sláinte nua, agus comhar deonach. Beidh ról gníomhach ag HIQA i gcur chun feidhme an chreata nua.

Tá HIQA ina bhall bunaithe freisin de Ghrúpa na gCeann Gníomhaireachta, líonra de ghníomhaireachtaí um measúnú ar theicneolaíocht na sláinte ar fud an AE. Seo a leanas príomhchuspóirí an ghrúpa:

- tacú le bonn a fhorbairt um obair chomhpháirteach ar ghníomhaíochtaí go léir MTS ar leibhéal AE laistigh de Rialachán MTS an AE nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.
- tacú le córais náisiúnta agus acmhainní a fhorbairt chun glacadh le Rialachán MTS
- tacú leis an obair chomhpháirteach a dhéantar ar leibhéal teicneolaíoch agus eolaíoch ag comhlachtaí MTS ar fud na hEorpa
- comhairle a chur ar dhéantóirí beartais agus ar institiúidí ábhartha AE agus náisiúnta ar ábhair i ndáil le MTS, go háirithe comhar in MTS.

Chomhoibrigh HIQA leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ar an Athbhreithniú Córasach ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus shábháilteacht na vacsaín séasúrach nua don fhliú séasúrach. Cuireadh cúig lámhscríbhinn a bhí bunaithe ar an taighde sin isteach le foilsiú in iris phiarmheasúnaithe in 2021.

Rinneadh cur i láthair do chomhar na nGrúpaí Comhairleacha Teicniúla Náisiúnta um Imdhíonadh (NITAG) san AE/sa LEE ar an 10 Meitheamh 2021. Freisin bhunaíomar comhair acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar shampla trí Thionscadal Dámhachtana don Imscrúdaitheoir Nua de chuid HIQA, agus phléigh muid le ISPOR trí fhreastal ar sheisiúin phlé boird agus chruinnithe.

Evidence Synthesis Ireland (Sintéisiú Fianaise Éireann)

Comhoibrímid ar an tionscnamh maidir le Sintéisiú Fianaise Éireann faoi cheannas an Ollaimh Declan Devane, NUIG, a bhfuil sé mar aidhm leis cumais na hÉireann a neartú maidir le sintéisiú fianaise d'fhonn cinnteoireacht sláinte arna treorú le fianaise a chur chun cinn. Tá Sintéisiú Fianaise Éireann á mhaoiniú ag an HRB agus ag an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann. Tá HIQA ar cheann de na ceithre láithreán socrúcháin ina ndéanfaidh na hiarratasóirí rathúla oiliúint ar scileanna um athbhreithniú córasach.

Tá an Stiúirthóir HTA ina ball den Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta um Shintéisiú Fianaise Éireann.

Comhdhálacha

I rith 2021, ghlac baill dár gcuid foirne MTS páirt i roinnt comhdhálacha agus chuir siad a gcuid oibre taighde i láthair acu (féach ar Aguisín 7).

Tugadh cuireadh do stiúirthóir MTS, an Dr Máirín Ryan, cur i láthair iomlánaíoch a thabhairt ag Cruinniú Bliantúil ISPOR in 2021 agus iniúchadh á dhéanamh ar ról eacnamaíocht na sláinte agus an MTS sa mheasúnú ar idirghabhálacha sláinte poiblí agus béim faoi leith curtha ar mheasúnú ar idirghabhálacha i gcomhthéacs freagairt paindéime.

Tugadh cuireadh don Dr Ryan cur i láthair a thabhairt do Chumann na Micribhitheolaithe Cliniciúla in Éirinn ar obair sintéise fianaise HIQA chun tacú leis an bhfreagairt sláinte poiblí i rith phaindéim COVID-19.



4.3 Caighdeán sláinte agus cúraim shóisialta

Ag obair i dteannta le raon leathan de pháirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú trí chaighdeán náisiúnta a shocrú agus uirlisí a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm. Cothaíonn caighdeán cleachtas atá suas chun dáta, bunaithe ar fhianaise, éifeachtúil agus comhleanúnach. Cabhraíonn caighdeán freisin le daoine a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta láidreachtaí a aithint agus aird a tharraingt ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsú. Bíonn sé d'aidhm le caighdeán náisiúnta freisin a thaispeáint do dhaoine cén chuma ba cheart a bheith ar chúram sábháilte d'ardchaighdeán agus cad is ceart a bheith ag súil leis ó sheirbhís. Nuair a bheidh caighdeán náisiúnta tugtha chun críche, forbraímid freisin ábhair thacaíochta bhreise chun cabhrú le seirbhísí agus baill foirne sláinte agus cúraim shóisialta agus chun iad a chur i bhfeidhm i gcleachtas.

4.3.1 Creat Nua um Fhorbairt Caighdeán: cur chuige prionsabal-bhunaithe

D'fhoilsíomar an *Creat um Fhorbairt Caighdeán: cur chuige prionsabal-bhunaithe* i mí Mheán Fómhair 2021. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise idirnáisiúnta, d'fhorbraíomar an creat seo chun leagan amach cén chaoi a bhforbróidh HIQA caighdeán náisiúnta amach anseo. Leis an gcreat nua cloítear le cur chuige prionsabal-bhunaithe um chaighdeán náisiúnta amach anseo le haghaidh sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Úsáidfeair na prionsabail sin mar chreat HIQA um fhorbairt caighdeán, agus iad á gcur in ionad an chearta ocht dtéama atá á úsáid ag HIQA chun caighdeán a fhorbairt ó bhí 2012 ann.



Bunaithe ar an obair sin agus ar phlé le príomhpháirtithe leasmhara, tháinig ceithre phrionsabal chun cinn, agus iad tacaíche ag coincheap lárnach an chúraim agus na tacaíochta bunaithe ar an duine. Is iad na prionsabail : cur chuige bunaithe ar chearta daonna, sábháilteacht agus folláine, freagrúlacht agus cuntasacht. Leis an gcreat seo cuirtear an duine a fhaigheann an cúram agus an tacaíocht ag croílár gach rud, agus na prionsabail go léir ag feidhmiú le chéile chun cúram agus tacaíocht dírithe ar an duine a bhaint amach. Laistigh den chreat, ní bhreathnaítear ar chúram agus tacaíocht bunaithe ar an duine mar phrionsabal ann féin, seachas sin is cur chuige i dtreo an chúraim é.

Cuirfidh na caighdeán a fhorbrófar leis an gcreat seo síos ar an gcaoi ar féidir le soláthraithe seirbhíse cúram agus tacaíocht sábháilte, ardchaighdeán agus comhtháite a bhaint amach do dhaoine a fhaigheann rochtain ar na seirbhísí ábhartha agus cúraim shóisialta. Cuireann an creat an duine a fhaigheann an cúram ag croílár gach rud agus ba cheart do na seirbhísí oibriú le chéile chun an toradh is fearr a bhaint amach dóibh.

Baineadh triail as na dréachtphrionsabail i gcleachtas le forbairt na nDréachtchaighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta Leanaí in 2021. Mar chuid den phróiseas um fhorbairt caighdeán, reáchtálar comhairliúchán poiblí ar na dréachtchaighdeáin sin agus na prionsabail a thacaíonn leo. Cuireadh fáilte roimh na ceithre phrionsabal, ar an iomlán. Tugadh na prionsabail chun críche agus úsáidfead iad mar an creat um fhorbairt na gcaighdeán náisiúnta go léir ag HIQA, lena n-áirítear aon uirlisí agus acmhainní arna bhforbairt chun tacú lena gcur i bhfeidhm, beag beann ar shuíomh nó ar chineál na seirbhíse. Ní bheidh tionchar aige sin ar chaighdeáin náisiúnta atá foilsithe cheana, atá oiriúnach don chuspóir fós agus a bheidhi bhfeidhm go ndéanfar cinneadh, ar aon dul le próiseas HIQA um shocrú tosaíochta, iad a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta. Beidh aon chinneadh den sórt sin maidir le caighdeáin reatha a athbhreithniú nó a nuashonrú treoraithe ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara.

4.3.2 Acmhainn agus cumas a mhéadú inár gcuid seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

Cothaíonn caighdeáin cleachtas atá suas chun dáta, bunaithe ar fhianaise, éifeachtúil agus comhleanúnach. Cabhraíonn uirlisí tacaíochta um chur i bhfeidhm, ar nós mhodúil r-fhoghlama le soláthraithe seirbhíse agus baill foirne caighdeán náisiúnta a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Cabhraíonn siad le hacmhainn a fhorbairt agus lena chinntiú go leanfar le feabhas ardchaighdeán i gcónaí sna seirbhísí. In 2021, chuireamar béim bhreise ar thacú le cur i bhfeidhm caighdeán náisiúnta trí mhodúil r-fhoghlama a fhorbairt, i gcomhréir le Plean Corparáideach HIQA 2019–2021. Cabhraíonn an obair sin le tuiscint ar agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán a fheabhsú agus le torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine a úsáideann seirbhísí, ar aon dul lenár gcuid cuspóirí corparáideacha.

In 2021, rinneadh cuid mhór plé le páirtithe leasmhara trí chomhairliúcháin phoiblí, spriocghrúpaí agus cruinnithe aonair chun forbairt caighdeán agus uirlisí tacaíochta a threorú. Leanfaimid orainn amach anseo ag forbairt uirlisí tacaíochta chun cabhrú le seirbhísí acmhainn a fhorbairt i measc foirne sláinte agus cúraim shóisialta. Leanfaimid orainn ag obair le baill foirne agus daoine ag a bhfuil taithí ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a úsáid chun caighdeáin náisiúnta agus ábhair thacaíochta fianaise-bhunaithe a fhorbairt, agus chun uirlisí tacaíochta breise a shainiú le cabhrú le caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Cur chuige bunaithe ar cheart an duine sa tsláinte agus sa chúram sóisialta

In 2019, d'fhoilsíomar *Treoir ar Chur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta* i dteannta le Safeguarding Ireland. Chun tacú níos mó le foireann sláinte agus cúraim shóisialta cur chuige bunaithe ar chearta an duine a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre, sheolamar cúrsa r-fhoghlama ar HSElanD (láithreán gréasáin foghlama agus forbartha an FSS) mar shraith modúl idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2021. Tá ceithre mhodúl sa chúrsa *Cur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine a Chur i bhfeidhm sa tSláinte agus sa Chúram Sóisialta: Caighdeáin Náisiúnta a chur i gCleachtas*:



- Modúl 1: Buneolas ar Chearta an Duine sa tSláinte agus sa Chúram Sóisialta
- Modúl 2: Ról na Dea-Chumarsáide maidir le seasamh le Cearta an Duine
- Modúl 3: Daoine a Chur ag Croílár na Cinnteoireachta
- Modúl 4: Dul sa Seans ar Bhealach Dearfach.



Cuireann an cúrsa leis an treoir chun tacú níos mó le baill foirne le cur chuige bunaithe ar chearta an duine a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre. Chomh maith le dea-chleachtas sa réimse sin a chur chun cinn agus tacú leis, is í aidhm an chúrsa aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais agus scile a sainathnódh trí phlé fairsing le páirtithe leasmhara le linn an phróisis um fhorbairt treorach. Tá cásanna praiticiúla ann ina chuirtear síos ar shamplaí ón saol de dhea-chleachtas agus de dhroch-chleachtas, ceisteanna féinmhachnaimh agus naisc le hacmhainní breise chun foghlaim a leathnú. Is féidir gach modúl a dhéanamh ann féin agus tugtar teastas don fhoghlaiméir tar éis dóibh gach modúl a chríochnú.

Faoi dheireadh 2021, ar HSELand:

- Bhí Modúl 1 déanta ag 15,212 duine
- Bhí Modúl 2 déanta ag 12,571
- Bhí Modúl 3 déanta ag 9,870
- Bhí Modúl 4 déanta ag 8,376

Tá na modúil ar chúram bunaithe ar chearta déanta ag 46,029 san iomlán in 2021.

Chuimsíomar foirm um mheasúnú ar líne ag deireadh gach modúil chun aiseolas a bhailiú faoin modúl agus a thionchar a mheas. Ag deireadh 2021, bhí 4,290 suirbhé measúnaithe déanta. Le haghaidh gach ceann de na ceithre mhodúil, dúirt 99% de dhaoine gur thug an modúl tuiscint níos fearr dóibh ar an ábhar agus mholfadh 96% an modúl do chomhghleacaí. Le haghaidh Mhodúl 1, bhí sé ar intinn ag 75% de dhaoine a gcleachtas a athrú tar éis dóibh an modúl a dhéanamh agus le haghaidh Mhodúil 2, 3 agus 4, bhí sé ar intinn ag 82% a gcleachtas a athrú. Mar gheall ar an méid spéise a cuireadh sa chúrsa, cuireadh gach modúl r-fhoghlama ar fáil ar shuíomh gréasáin HIQA freisin ó mhí an Mheithimh 2021.

Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar beochan físe do dhaoine a úsáideann seirbhísí freisin chun feachtas a ardú faoina chearta dóibh bheith ag súil leis ó sheirbhís sláinte nó cúraim shóisialta atá tiomanta do mheas a léiriú ar a gcuid cearta daonna, iad a chosaint agus a chur chun cinn.

D'oibríomar as lámh a chéile freisin le hionadaithe ó Chomhairle Abhcóideachta na Gaillimhe, grúpa féin-abhcóideachta sna Bráithre Carthanais i nGaillimh, chun físeán a chruthú a mhíniú a bhfuil i gceist, dar leo siúd, le bheith ag croílár na cinnteoireachta.

Ionfhabhtú a chosc agus a rialú

I mí Lúnasa 2020, sheolamar modúl r-fhoghlama chun tacú le foireann sláinte agus cúraim shóisialta leis na *Caighdeáin Náisiúnta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe i seirbhísí pobail a chur i bhfeidhm*. Acmhainn thábhachtach atá san acmhainn um fhoireann túsline a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, a léiríonn an chaoi ar féidir leo na caighdeáin a chur i bhfeidhm go praiticiúil ina gcuid oibre laethúla. Tá an modúl ar fáil ar láithreán gréasáin HIQA agus ar HSELand.



In 2021, thug 16,170 duine faoin modúl. Tá ár bhfoirm um measúnú ar líne comhlánaithe ag 6,760 duine. Dúirt 94% de dhaoine gur thug an cúrsa tuiscint níos fearr dóibh ar an gcaoi a mbreathnaíonn na caighdeáin náisiúnta i gcleachtas, tá sé ar intinn ag 79% a gcleachtas a athrú tar éis dóibh an cúrsa a thabhairt chun críche agus mholfadh 95% an cúrsa do chomhghleacaí.

Cosaint daoine fásta

Foilsíodh na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint Daoine Fásta*, a forbraíodh i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte (MHC) in 2019. I mí na Samhna 2020, sheolamar modúl r-fhoghlama chun tacú le daoine a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm ina seirbhís. In 2021, thug 9,962 duine faoin modúl.

Rinne 2,606 duine foirm mheasúnaithe ar líne faoin modúl a chomhlánú, arb iad a formhór foireann túsline a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. D'oibrigh níos mó ná leath de na freagróirí (53%) i suíomhanna cónaithe, agus tháinig an 47% eile as raon leathan de sheirbhísí pobail agus géarchúraim. Ar bhonn na measúnuithe sin, dúirt 99% de dhaoine gur thug an cúrsa tuiscint níos fearr dóibh ar an gcaoi a mbreathnaíonn na caighdeáin náisiúnta i gcleachtas, tá sé ar intinn ag 78% a gcleachtas a athrú tar éis dóibh an cúrsa a thabhairt chun críche agus mholfadh 85% an cúrsa do chomhghleacaí.

Uirlisí le tacú le habhcóideacht i dtithe altranais

Tar éis thionchar COVID-19 ar thithe altranais in Éirinn, foilsíodh tuarascáil Phainéal na Saineolaithe ar COVID-19 i dTithe Altranais i mí Lúnasa 2020. Sa tuarascáil sin leagtar béim ar thionchar síceolaíoch na dianghlasála agus leithlisiú sóisialta na gcónaitheoirí i dtithe altranais, agus tá raon moltaí ann lena n-áirítear an gá le haird a tharraingt ar sheirbhísí abhcóideachta neamhspleácha atá ar fáil do chónaitheoirí agus iad a chur chun cinn.

Tarraingítear aird sa tuarascáil freisin gur gá meas a thabhairt ar chearta cónaitheoirí ó thaobh dínite, saoirse, rogha agus comhionannais agus go mbeadh tosaíocht acu sa bheartas amach anseo.

Mar fhreagairt ar na moltaí sin, tá modúl r-fhoghlama á fhorbairt againn ar abhcóideacht chun tacú le cur i bhfeidhm na tuarascála, *Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach*, agus *Treoir maidir leis an gCur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta*.

Beidh sé mar aidhm leis an modúl r-fhoghlama cur ar chumas foirne sláinte agus cúraim shóisialta tacú leis na daoine a dtugann siad aire dóibh chun abhcóideacht a dhéanamh ar a son féin agus rochtain a fháil ar sheirbhísí abhcóideachta. Is í an aidhm atá i gceist leis eolas agus tuiscint ar an abhcóideacht a fheabhsú i measc ball foirne sláinte agus cúraim shóisialta agus ról gach baill foirne san abhcóideacht.

4.3.3 Caighdeáin náisiúnta

Caighdeáin Náisiúnta Fhorghabhálacha um Chúram agus Thacaíocht do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta

I dteannta leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, tá sraith de chaighdeáin fhorghabhálacha á forbairt againn le haghaidh gach seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a thugann cúram agus tacaíocht do leanaí. Áirítear leo sin seirbhísí míchumais, seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí ospidéal, cleachtóirí ginearálta (GPanna), seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí sóisialta leanaí. Is í aidhm na gcaighdeán forghabhálacha tacú le seirbhísí chun oibriú le chéile ar bhealach comhtháite le cúram agus tacaíocht ardchaighdeán, sábháilte, comhsheasmhach agus comhordaithe a thabhairt do leanaí a úsáideann na seirbhísí sin. Leagfar amach leis na caighdeáin na torthaí ar cheart go mbeadh leanbh ag súil leo agus a bhfuil le déanamh ag seirbhís chun na torthaí sin a bhaint amach.

Chun forbairt na ndruchtchaighdeán a threorú, bhí plé fairsing againn le raon leathan de pháirtithe leasmhara ag a bhfuil taithí ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. In 2021, stiúir muid 39 fócasghrúpa agus trí chomhairliúchán gutháin, agus muid ag bualadh le 217 leanbh, duine óg, teaghlach, ionadaithe agus ball foirne. Reáchtálar dhá chruinniú den Ghrúpa Tagartha Leanaí¹¹ agus cruinniú amháin den Ghrúpa Comhairleach chomh maith le cruinnithe aonair do pháirtithe leasmhara a reáchtáil le hionadaithe sinsearacha ar fud earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta.

I mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2021, thug HIQA agus an MHC faoi chomhairliúchán poiblí sé seachtaine chun aiseolas a bhailiú faoi na druchtchaighdeáin, agus fuarthas 58 freagra ó raon leathan eagraíochtaí agus daoine aonair lena áiríodh Tusla, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Oifig Stiúrthóir an FSS um Sheirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais, an Garda Síochána, seirbhísí túslíne agus daoine ag a bhfuil taithí ar sheirbhísí.

11 Tá an Grúpa Tagartha Leanaí déanta suas de dhaoine óga agus de bhaill teaghlaigh ag a bhfuil taithí ar raon de sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a úsáid do leanaí. Tugann an grúpa léargas ar na saincheisteanna atá tábhachtach do leanaí agus do theaghlaigh a úsáideann seirbhísí, ionas go léirítear sin in ábhar na gcaighdeán.

Cuimsíodh aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí sna dréachtchaighdeáin nuair ab ábhartha agus ag tús 2022, cuirfear na caighdeáin athbhreithnithe i láthair do chruinniú deireanach den Ghrúpa Comhairleach agus den Ghrúpa Tagartha Leanaí sula dtabharfar chun críche iad le cur faoi bhráid an Aire um fhaomhadh.

Samhlaítear go ngníomhóidh na caighdeáin fhorghabhálacha mar chreat chun forbairt caighdeán amach anseo a threorú chomh maith le forbairt uirlisí tacaíochta um chur i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn le leanaí. Tá HIQA agus an MHC tiomanta d'ábhair agus uirlisí a fhorbairt le tacú le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm. Chuige sin, d'fhiosraíomar bacainní roimh chur i bhfeidhm agus áisitheoirí um chur i bhfeidhm agus na rudaí a chabhródh le seirbhísí agus baill foirne chun na caighdeáin a chur i bhfeidhm ina gcuid seirbhísí. Ina theannta sin, reáchtálar trí fhócasghrúpa le baill den Ghrúpa Comhairleach chun iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. In 2022, cuirfidh HIQA agus an MHC leis an obair sin chun uirlisí tacaíochta um chur i bhfeidhm a shainathint agus tosú ar a bhforbairt agus na huirlisí i gceist arb iad na huirlisí is dóchúla go mbeidh tionchar mór acu ar earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta.

Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta do Leanaí

Chríochnaíomar forbairt na *nDréachtchaighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta do Leanaí*, a cuireadh faoi bhráid an Aire le faomhadh i mí na Nollag 2021. Clúdaíonn na caighdeáin sin seirbhísí sóisialta go léir leanaí, ón uair a dhéantar leanbh a atreorú go seirbhís go n-aistrítear go seirbhís eile nó go scaoiltear iad. Is í aidhm na gcaighdeán náisiúnta feabhsúcháin a spreagadh ar chaighdeán agus shábháilteacht an chúraim do gach leanbh, agus tacú le cur chuige bunaithe ar chearta i dtreo cúram agus tacaíocht a chur ar fáil do leanaí atá i mbaol sa phobal nó a bhfuil cónaí orthu amach óna dteaghlach i gcúram an Stáit, beag beann ar a gcuid riachtanas ná a gcéim forbartha.



In 2021, reáchtálar comhairliúchán poiblí sé seachtaine ar na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Sóisialta do Leanaí chun aiseolas a bhailiú faoin ábhar agus faoin struchtúr, chomh maith leis na ceithre phrionsabal a thacaíonn leis na caighdeáin. Fuarthas 81 freagra ar an gcomhairliúchán ó raon de pháirtithe leasmhara ag a bhfuil taithí ar sheirbhísí sóisialta leanaí, lena n-áirítear freagraí o chomhlachtaí reachtúla, sholáthraithe seirbhís, comhlachtaí abhcóideachta agus daoine aonair. Ina theannta sin reáchtálar sraith de 10 bhfócasghrúpa le 56 rannpháirtí, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, teaghlach, ionadaithe agus baill foirne. Cuimsíodh aiseolas ó na freagraí scríofa agus na fócasghrúpaí sna caighdeáin, nuair ab ábhartha.

Agus na caighdeáin á bhforbairt, d'fhiafraíomar de pháirtithe leasmhara céard a bhí ag teastáil chun tacú le seirbhísí agus le baill foirne chun na caighdeáin a chur i bhfeidhm ina suíomh oibre, mar shampla aon uirlisí agus acmhainní breise a theastaíonn chun tacú leis na caighdeáin i gcleachtas. Thug freagróirí raon leathan moltaí sa réimse sin. Ina theannta sin, reáchtáladar trí fhócasghrúpa le baill den Ghrúpa Comhairleach, chun an t-ábhar sin a fhiosrú, agus go leor faisnéise bailithe againn chun an próiseas a threorú. Agus na fionnachtana á n-úsáid a bailíodh le linn an phróisis um fhorbairt caighdeán, tá uirlisí tacaíochta á bhforbairt ag HIQA. Leanfar ar aghaidh leis an obair le linn 2022.

Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cúraim Baile agus Tacaíochta

Aithnítear go forleathan gur mian le formhór na ndaoine go dtabharfaí cúram dóibh ina dtithe féin chomh fada agus is féidir. Le dúshlán dhéimeagrafacha na todhchaí, treochtaí i dtreo cúram casta a sholáthar sa teach, agus an gá le díriú ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine a éascaíonn neamhspleáchas agus rogha, tarraingítear aird ar an ngá le seirbhísí ardchaighdeán um thacaíocht sa bhaile. Aithníonn HIQA an tábhacht a bhaineann le caighdeán agus sábháilteacht seirbhísí tacaíochta sa bhaile chun go mbeidh daoine ábalta fanacht ina dtithe féin níos faide. Mar sin, tá HIQA ag forbairt caighdeán náisiúnta le haghaidh eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí cúraim baile agus tacaíochta in Éirinn, chun cur leis an reachtaíocht phríomha agus na rialacháin atá á bhforbairt ag an Rialtas faoi láthair.

Is í an aidhm a bheidh i gceist leis na caighdeáin sin, a bheidh bunaithe ar fhianaise agus ionchur páirtithe leasmhara, ná feabhsúcháin diaidh ar ndiaidh ar chaighdeán sheirbhísí cúraim agus tacaíochta baile a chur chun cinn, agus ionchais an phobail, na ndaoine a úsáideann na seirbhísí, soláthraithe seirbhíse agus foirne a chur in iúl.

In 2021, chuireamar tús le hathbhreithniú fianaise chun na caighdeáin sin a threorú. Leis an athbhreithniú fianaise déantar achoimre ar fhianaise idirnáisiúnta, náisiúnta agus acadúil chun na tréithe a shainiú a ghabhann le dea-chleachtais dírithe ar an duine i seirbhísí cúraim agus tacaíochta baile, áit a mbíonn torthaí sábháilte, ardchaighdeán ar chúram agus thacaíocht do dhaoine. Agus an t-athbhreithniú á fhorbairt, bhí cruinnithe againn le comhghleacaithe idirnáisiúnta as sé thír chun foghlaim óna dtaithí ar chaighdeán a fhorbairt agus ar sheirbhísí cúraim agus tacaíochta baile a fhorbairt agus a rialáil.

Gné ríthábhachtach a bhíonn i gceist agus aon sraith caighdeán á forbairt ná plé agus comhchomhairle le raon de pháirtithe leasmhara d'fhonn a chinntiú go mbeidh na caighdeáin oiriúnach don chuspóir, gur féidir iad a chur i bhfeidhm agus go gcuirfidh siad le feabhsú na seirbhísí ábhartha sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Reáchtáladh an plé seo a leanas le páirtithe leasmhara chun forbairt na gcaighdeán náisiúnta a threorú:

- Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí um scópáil i mí Mheán Fómhair 2021 agus fuarthas 182 freagra ó raon leathan de pháirtithe leasmhara.
- Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2021, rinneadh 22 cruinniú ar líne agus fócasghrúpa le 122 páirtí leasmhar.



Fócasghrúpa ar líne stiúrtha i mí na Nollag 2021 agus baill d'Fhoireann Caighdeán HIQA ag bualadh le Independent Living Movement Ireland chun forbairt na nDréachtchaighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Cúraim agus Tacaíochta Baile a threorú, ar deiseal ón mbarr ar chlé Michelle Williams (HIQA), James Cawley, Judy Gannon (HIQA) agus Shelly Gaynor.

- Tionóladh grúpa comhairleach chun Dréachtchaighdeán Náisiúnta a fhorbairt um Sheirbhísí Cúraim agus Tacaíochta Baile agus é déanta suas de 18 mball lena n-áirítear ionadaithe ar an Roinn Sláinte, an FSS, úsáideoirí seirbhíse, soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí abhcóideachta. Reáchtáladh an chéad chruinniú den ghrúpa sin i mí na Samhna 2021.

In 2022, ar aon dul leis an bpróiseas um fhorbairt caighdeán, leanfaimid orainn ag plé go forleathan le daoine a úsáideann seirbhísí cúraim agus tacaíochta baile, lena dteaghlai agus le páirtithe leasmhara lárnacha eile trí fhócasghrúpaí, chruinnithe ar líne agus phlé. Reáchtálfar comhairliúchán poiblí i lár 2022, agus ina dhiaidh sin tabharfar na caighdeán chun críche agus cuirfear trí phróiseas inmheánach HIQA um fhaomhadh iad chun iad a ullmhú le cur faoi bhráid an Aire le faomhadh.

Tionchair ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán sláinte agus cúraim shóisialta i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Chun cleachtas fianaise-bhunaithe a chur chun cinn agus obair ár bhFoireann Caighdeán a threorú, thug HIQA urraíocht do mhac léinn PhD chun tabhairt faoi thaighde ar 'Tionchair ar chur i bhfeidhm na gCaighdeán Sláinte agus Cúraim Shóisialta i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Tá an PhD á dhéanamh i gcomhar le Coláiste na hOllscoile Chorcaí agus an Clár SPHeRE.

Is í aidhm an taighde tacú le cur i bhfeidhm Caighdeán sláinte agus cúraim shóisialta agus cur i bhfeidhm a fheabhsú trí na cumasóirí agus na bacainní ar chur chun feidhme a shainaithe agus cur síos orthu. Ansin sainaitheoidh sé uirlisí tacaíochta um chur i bhfeidhm chun leas a bhaint as na cumasóirí agus teacht thar na bacainní ar chaighdeán a chur chun feidhme i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Cuirfidh an taighde le creat nuálach um chur i bhfeidhm a fhorbairt a mbeifear in ann a chur i bhfeidhm ansin ar thionscadail um chaighdeán amach anseo agus a thacóidh le cur i bhfeidhm na gcaighdeán i gcoitinne sa tsláinte agus sa chúram sóisialta in Éirinn.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas i rith 2021:

- Sainmhínte ar chaighdeán sláinte agus cúraim shóisialta a úsáidtear go hidirnáisiúnta, athbhreithniú inste. D'fhoilsigh Institiúid Náisiúnta na nEolaíochtaí Sláinte, Feasachán Taighde réamhleagan de na fionnachtana mar shliocht, agus cuireadh leagan iomlán isteach le foilsiú in iris acadúil.
- Tá athbhreithniú córasach ar chumasóirí agus bhacainní ar chur chun feidhme caighdeán déanta agus cuirfeadh faoi bhráid irise acadúla é le foilsiú in 2022.
- Tugadh faoi 14 fhócasghrúpa agus agallamh le 38 rannpháirtí in 2021 chun iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris ar chur i bhfeidhm caighdeán i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

4.3.4 Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Le linn na bliana, leanamar ag plé le páirtithe leasmhara tar éis gur forbraíodh gach sraith caighdeán náisiúnta agus na cáipéisí tacaíochta. Glacaimid páirt sa Líonra Eorpach Sóisialta (LES) arb é a mhisean eolas i seirbhísí sóisialta poiblí a leathnú i gcomhpháirt le sláinte, oideachas, tithíocht, fostaíocht agus cuimsiú sóisialta, chun tairbhí a bhaint amach do dhaoine agus phobail trí bheartas agus chleachtas feabhsaithe. Le roinnt blianta anuas tá ár gcuid oibre curtha i láthair againn ar chur chuige rannpháirteach a chinntiú i dtreo caighdeán a fhorbairt, chomh maith lena gcuid oibre ar thacú le baill foirne chun cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm i gcúram pobail ag an gcomhdháil náisiúnta de chuid Sheirbhísí Sóisialta na hEorpa.

Déantar ionadaíocht ar ár son ar ghrúpa stiúrtha Líonra Feidhmithe na hÉireann-Thuaisceart Éireann. Tugann an líonra le chéile déantóirí beartais sinsearacha, soláthraithe seirbhíse, bainisteoirí, cleachtóirí agus taighdeoirí i gcáil uile-oileáin chun foghlaim faoi chur i bhfeidhm a chur chun cinn.

4.4 Faisnéis Sláinte

Oibrímid i dtrí réimse chun tacú leis an gclár oibre náisiúnta sláinte nó an clár oibre ríomhsheirbhísí sláinte. Áirítear leo siúd:

- fianaise a chur ar fáil chun an beartas náisiúnta um fhaisnéis sláinte a threorú
- caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt
- athbhreithniú de réir caighdeáin náisiúnta.

Trí hoibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, bailímid fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas. Téimid i gcomhairle le saineolaithe, páirtithe leasmhara, soláthraithe seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse. Forbraímid moltaí, caighdeáin náisiúnta agus treoir chun tacú leis an gclár oibre ríomhsheirbhísí sláinte in Éirinn. Ina theannta sin, déanaimid measúnú ar chomhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta ag córais náisiúnta um fhaisnéis sláinte. Is í an aidhm atá i gceist a chinntiú go bhfuil sonraí agus faisnéis ardchaighdeáin ar fáil chun tacú le cúram aonair, pleanáil agus bainistíocht seirbhísí, déanamh beartais agus taighde.

4.4.1 Fianaise a chur ar fáil chun an beartas náisiúnta um fhaisnéis sláinte a threorú

Páipéar Seasaimh ar an nGá le Leasú ar Chóras Faisnéise Sláinte na hÉireann

Inár bpáipéar ar *an nGá le Leasú ar Chóras Faisnéise Sláinte na hÉireann*, tharraingíomar aird ar an ngá le leasú ar chóras faisnéise sláinte na hÉireann chun fíis Sláintecare a chomhlíonadh mar atá seirbhís chomhtháite cúraim sláinte.

Léiríodh le go leor straitéisí náisiúnta go bhfuil gá le leasú chun córas slán, dea-rialaithe um fhaisnéis sláinte a chinntiú agus neart acmhainní aige. Le paidéim COVID-19 tarraingíodh aird níos mó ar an ngá le faisnéis a bheith ar fáil go tráthúil agus léirigh an cibirionsaí ar chórais faisnéise sláinte an FSS in 2021 an ról ríthábhachtach atá ag an gcóras faisnéise sláinte maidir le soláthar túslíne cúraim.

Aithnítear inár bpáipéar réimsí dea-chleachtais agus easnamh atá ann maidir le faisnéis sláinte in Éirinn, agus déantar moltaí chun bonn eolais a chur faoin mbeartas agus faoin treoir straitéiseach.

Rinneamar moltaí maidir le leasú agus chuireamar béim ar thrí chumasóir lárnach mar bonn um chóras daingean um fhaisnéis sláinte — straitéis náisiúnta um fhaisnéis sláinte, rialachas agus ceannaireacht láidir chun cuntasacht ár gcórais náisiúnta um fhaisnéis sláinte a chinntiú agus é sin tacaíthe ag an reachtaíocht. Gan na cumasóirí lárnacha sin, is deacair córas faisnéise sláinte a bhaint amach a fheidhmíonn go maith. Rinneadh moltaí breise i ndáil leis an mbonneagar um fhórsa oibre, caighdeáin agus faisnéis sláinte a theastaíonn chun córas náisiúnta éifeachtach agus éifeachtúil um fhaisnéis sláinte a bhunú.

Tá an páipéar agus sraith físeán faoin ngá le leasú ar fáil ar www.hiqa.ie.

Moltaí maidir le cumasú TFC na seirbhísí do dhaoine scothaosta.

Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daonra atá ag dul in aois, ar riachtanais iad a éiríonn níos casta i gcónaí, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar chóras sláinte na hÉireann go samhail cúraim chomhtháite atá daonra-bhunaithe. Aithnítear teicneolaíochta na faisnéise is na cumarsáide (TFC) mar chumasóir lárnach.

D'éirigh na dúshlán sin níos measa le COVID-19, tar éis gur mhol Painéal na Saineolaithe ar COVID-19 i dTithe Altranais go gcuirfí i bhfeidhm go tapa córas comhtháite TF um dhaoine scothaosta, tá moltaí á bhforbairt againn ar chumasú TFC maidir le seirbhísí do dhaoine scothaosta.

Tabharfaidh na moltaí sin forléargas ar an obair atá idir lámha agus, agus iad treoraithe ag an dea-chleachtas go hidirnáisiúnta, leagfar amach bearta leo chun tacú le cumasú TFC rathúil na seirbhísí do dhaoine scothaosta. Go dtí seo, phléamar le saineolaithe in ocht dtír chun faisnéis idirnáisiúnta a bhailiú agus tabhairt faoi phlé fairsing le páirtithe leasmhara áitiúla. Ina theannta sin, tionóladh sainghrúpa comhairleach agus baill tógtha ó 32 eagraíocht agus chlár páirtithe leasmhara chun comhairle a thabhairt faoin staid náisiúnta agus na moltaí ar an iomlán. D'fhoilsíomar athbhreithniú ar chumasú TFC ar sheirbhísí do dhaoine scothaosta i mí Dheireadh Fómhair 2021 ina thiomasaítear dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh ó na cláir sin in ocht ndlínse. Treoróidh na fionnachtana forbairt mholtaí HIQA maidir le cumasú TFC na seirbhísí do dhaoine scothaosta in Éirinn.

Moltaí um bhailiú, úsáid agus roinnt faisnéise sláinte in Éirinn.

In 2021, thosaíomar ar mholtaí a fhorbairt maidir le samhail le haghaidh faisnéis sláinte agus cúraim shóisialta a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt in Éirinn. Chun na moltaí sin a threorú, thugamar faoi phlé poiblí náisiúnta maidir le faisnéis sláinte a bhailiú, a úsáid agus a roinnt in Éirinn.

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsíomar trí thuarascáil ar fhionnachtana an chéad Phlé Náisiúnta Phoiblí ar Fhaisnéis Sláinte in Éirinn. Stiúir HIQA an plé poiblí i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus an FSS. Iarradh ar dhaoine a gcuid tuairimí a roinnt trí shuirbhé náisiúnta gutháin agus trí fhócasghrúpaí doimhne.

Reáchtáladh na fócasghrúpaí chun a chinntiú go gcuirfí san áireamh tuairimí na ngrúpaí sainleasa. Reáchtáladh na fócasghrúpaí sin leis an bpobal, le hionadaithe othair, úsáideoirí sheirbhísí andúile, úsáideoirí sheirbhísí meabhairshláinte, úsáideoirí seirbhísí do dhaoine gan dídean, baill de phobal an Lucht Taistil, úsáideoirí seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, úsáideoirí sheirbhísí sláinte gnéis, daoine idir 16-17 mbliana d'aois, agus ionadaithe ar phobal na n-imirceach. Ar an iomlán, chuir os cionn 1,300 duine a gcuid tuairimí in iúl dúinn le linn an fhócasghrúpa agus an tsuirbhé, agus iad ag rá gur aontaigh siad le bailiú, úsáid agus roinnt leictreonach faisnéise faoina sláinte; ach gur mian leo, áfach, go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis agus slándáil na faisnéise cosanta.



Plé Náisiúnta leis an bPobal faoi Fhaisnéis Sláinte



Chuir 1,313 duine

a gcuid tuairimí in iúl dúinn
maidir le bailiú, úsáid agus roinnt
a gcuid faisnéise sláinte
Suirbhé: 1,228 duine
Fócasghrúpaí: 85 dhuine

Úsáid faisnéise sláinte um chúram díreach othar

97%

Measann 97% gur tábhachtach go mbeadh rochtain ag dochtúir ospidéil ar fhaisnéis chruinn sláinte.

90%

Tá muinín ag 90% as dochtúirí teaghlaigh maidir lena bhfaisnéis a choimeád slán sábháilte agus gan ach faisnéis ábhartha a roinnt.

71%

Ba mhaith le 71% go mba eol dóibh cén fhaisnéis a roinnfí idir an dochtúir teaghlaigh agus an t-ospidéal.

“Téim chuig speisialtóirí éagsúla i gceithre hospidéal ar leith i dtírí chontae ar leith, mar sin is gá dom go mbeidís go léir in ann féachaint ar a bhfuil scríofa ag an duine eile.”



Foilsíodh tuarascáil iomlán, tuarascáil theicniúil agus cáipéis freagartha. Tugadh sonraí sna tuarascálacha ar an suirbhé agus ar na fócasghrúpaí ar tugadh fúthu le baill den phobal. Foilsíodh freisin trí acmhainn chun eolas a roinnt; comhad sonraí gan ainmneacha ón suirbhé náisiúnta plé phoiblí, grafaic eolais agus beochan de na príomhfhionnachtana.

Baineadh úsáid as na fionnachtana chun na moltaí a threorú ar shamhail um bhailiú, úsáid agus roinnt faisnéise sláinte pearsanta. Bainfidh an Roinn Sláinte agus an FSS úsáid as na fionnachtana freisin chun beartas agus straitéis náisiúnta a fhorbairt um ríomhsheirbhísí sláinte in Éirinn.

Chun forbairt na moltaí a chur chun cinn, i mí na Samhna 2021, d'fhoilsíomar *Sintéis fianaise: Moltaí ar shamhail cheada um bhailiú, úsáid agus roinnt faisnéise sláinte in Éirinn..* D'fhoilsíomar freisin *Dréachtmholtaí ar shamhail cheada um bhailiú, úsáid agus roinnt faisnéise sláinte in Éirinn* um chomhchomhairle phoiblí. Tar éis plé fairsing, chuimsigh an páipéar 10 ndr éachtmhóladh agus cuntas tugtha ar na cásanna lena bhfuil nó nach bhfuil gá le cead um úsáid faisnéise pearsanta i sláinte agus i gcúram sóisialta, chomh maith leis an ngá le struchtúir reachtúla agus rialachais a bhunú, chomh maith le cumais theicniúla agus oibriúcháin chun tacú le samhail cheada. Sainítear leis freisin coincheapa lárnacha na faisnéise sláinte agus tugtar cuntas ar an ngá le plé fairsing leis an bpobal sa réimse sin.

Ritheadh an comhairliúchán poiblí ar feadh seacht seachtaine ó mhí na Samhna 2021 go dtí mí Eanáir 2022 agus fuarthas aighneachtaí ó bhaill den phobal agus ó eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara lárnacha ar fud na hÉireann. Ina theannta sin, reáchtáladh fócasghrúpa le gairmithe sláinte i mí na Nollag 2021, chomh maith le ceithre fhócasghrúpa le baill den phobal a reáchtáladh ar líne i gcomhair le hArdán na hÉireann um Eagraíochtaí Othair, Eolaíocht agus Thionscal (The Irish Platform for Patient Organisations, Science and Industry / IPPOSI). Reáchtáladh freisin sraith de chruinnithe comhairliúcháin spriocdhírthe le páirtithe leasmhara lárnacha.

Treoróidh an comhairliúchán agus fionnachtana an fhócasghrúpa leis na moltaí deireanacha ar shamhail um bhailiú, úsáid agus roinnt faisnéise sláinte in Éirinn. Leis an gcomhairliúchán poiblí sin tosaíodh comhrá náisiúnta ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbeidh daoine aonair ar an eolas faoin gcaoi a bhféadfadh go n-úsáidí a gcuid faisnéise, chomh maith leis na roghanna atá acu faoi sin.

Moltaí maidir le shamhaltú faisnéise sláinte

In 2020, chuireamar tús le moladh a fhorbairt faoi shamhaltú faisnéise sláinte in Éirinn. I gcomhthéacs an chúraim sláinte, sainaitníonn samhail faisnéise faisnéis ar féidir a chur san áireamh agus faisnéis chliniciúil agus riaracháin á bailiú agus á roinnt. Ligeann sé do pháirtithe leasmhara lárnacha, cliniceoirí san áireamh, na catagóirí coiteanna faisnéise a shainaithint ar féidir a ghrúpáil le chéile ar bhealach loighciúil (ar a dtugtar coincheapa) — ar nós othar, cógas, diagnóise — agus nach mór do chórais ríomhaire tacú leo. Tacóidh ár moltaí ar shamhail faisnéise náisiúnta don fhaisnéis sláinte in Éirinn le bailiú, úsáid agus roinnt faisnéise ar fud córas faisnéise sláinte, lena n-áirítear bailiúcháin náisiúnta sonraí (clárlanna othar), agus tabharfar chun críche iad in 2022. In 2021, d'fhoilsíomar *Athbhreithniú Dea-chleachtais ar Shamhaltú Faisnéise Sláinte* ina leagtar amach an cur chuige i dtreo shamhaltú faisnéise atá glactha ag tíortha, an struchtúr rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le gníomhaíochtaí um shamhaltú faisnéise agus na caighdeáin idirnáisiúnta a úsáidtear le samhaltacha a chur i bhfeidhm.



Moltaí maidir le tairseach náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta d'Éirinn

In 2021, chuireamar tús le tionscadal chun moltaí a fhorbairt ar chur i bhfeidhm tairisí náisiúnta um shláinte agus chúram sóisialta in Éirinn. Mar thoradh ar an tionscadal déanfar sraith moltaí don Aire Sláinte maidir le roinnt faisnéise le hothair i dtairseach náisiúnta um shláinte agus chúram sóisialta. Go dtí seo, tá plé fairsing déanta againn le saineolaithe ó eagraíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta chun forbairt shintéisí fianaise a threorú. Treoróidh an fhianaise sin na moltaí ansin.

Forbairt graf pearsantaithe eolais le húsáid i dtairseach othar chun tacú le cúram daoine scothaosta.

Chun cleachtas fianaise-bhunaithe a chur chun cinn agus ár gcuid oibre a threorú, tugadh maoiniú do mhac léinn PhD chun tabhairt faoina staidéar dochtúireachta agus iad ag obair i HIQA. Táthar ag tabhairt faoin PhD i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Is é teideal an taighde PhD sin 'Forbairt graf pearsantaithe eolais le húsáid i dtairseach othar chun tacú le cúram daoine scothaosta ('Development of personalised knowledge graphs for use in a patient portal to support caring for older persons') Bíonn graif eolais déanta suas de shonraí, agus níos tábhachtaí, caidrimh idir sonraí. Cuireann siad struchtúr ar fáil um shonraí agus éascaíonn siad meascadh sonraí ó fhoinsí iomaí ionas gur féidir iad a úsáid i bhfeidhmchláir, mar shampla i dtairseacha othair.

Cuirfidh na haschuir ón taighde PhD sin le tairseacha othair a fhorbairt in Éirinn.

Chuimsigh dul chun cinn in 2021:

- Sonraí ama a shamhaltú sna graif eolais: Prótacal um athbhreithniú córasach foilsithe i dTaighde Oscailte HRB
- Forbairt creat chun caighdeán na bhfoinsí sonraí i suíomhanna cúraim sláinte ar glacadh leis le foilsiú ag Iris an American Medical Informatics Association, agus a fhoilseofar ag tús 2022.

4.4.2 Caighdeán agus treoir náisiúnta a fhorbairt

Forbraíodh uirlisí treoracha agus foghlama digítí chun tacú leis na bailiúcháin náisiúnta sonraí agus le caighdeán sonraí

In 2021, rinneamar athbhreithniú ar mhodúil r-fhoghlama HIQA ar conas caighdeán sonraí a fheabhsú i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Leagtar béim sna modúil ar thábhacht na sonraí ardchaighdeán i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Soláthraíonn an chéad mhodúl 'Buneolas ar Chaighdeán Sonraí' agus baineann an dara modúl le 'Creat um Chaighdeán Sonraí' a fhorbairt. Sa mhodúl ar 'Buneolas ar Chaighdeán Sonraí' leagtar béim ar thábhacht na sonraí ardchaighdeán agus mínítear an chaoi a bhfuil ról le himirt ag gach duine a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta maidir le feabhas a chur ar chaighdeán na sonraí ina seirbhís. Leagtar béim ar an tionchar a bhíonn ag sonraí ar chaighdeán agus shábháilteacht daoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta.

I mí na Samhna 2021, cuireadh 'Buneolas ar Chaighdeán Sonraí' ar fáil ar HSELand.

Seoladh an dara modúl ag tús 2022. I 'Creat um chaighdeán sonraí a fhorbairt' tugtar buneolas ar choincheap an chreata um chaighdeán sonraí agus an chaoi ar féidir é a úsáid le feabhas a chur ar chúram sláinte agus sóisialta.



4.4.3 Athbhreithniú de réir caighdeán náisiúnta.

Clár athbhreithnithe ar chomhlíonadh caighdeán um bainistíocht faisnéise ag bailiúcháin náisiúnta sonraí.

In 2021, leanamar orainn ag athbhreithniú na mbailiúchán náisiúnta sonraí maidir le comhlíonadh caighdeán um bainistíocht faisnéise. Is í aidhm an chláir athbhreithnithe sin ná feabhas a chur ar chaighdeán um bainistíocht faisnéise i ngach bailiúchán mór sonraí ar chúram sláinte agus sóisialta laistigh den FSS.

I mí na Bealtaine 2021, d'fhoilsigh HIQA athbhreithniú ar chleachtais bainistíochta faisnéise don Chóras um Bainistíocht Náisiúnta Teagmhas (National Incident Management System /NIMS) sa FSS. Is é NIMS an córas náisiúnta faisnéise chun teagmhais a thuairisciú agus a láimhseáil ar fud an FSS agus seirbhísí arna maoiniú ag an FSS in Éirinn. Tá sé ar cheann de na córais is tábhachtaí um fhaisnéis sláinte atá ag an FSS agus úsáidtear é um fhaireachán ar shábháilteacht othar agus fhoghlaím ag an FSS, agus um bainistíocht riosca, dhlíthíocht agus éilimh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Rinneadh 10 moladh san athbhreithniú chun cleachtais bainistíochta faisnéise le haghaidh NIMS a fheabhsú laistigh den FSS. Shainaithníomar roinnt easnamh maidir le comhshocruithe rialachais idir an FSS agus an SCA, agus an gá le samhail éifeachtach rialachais, ceannaireachta agus bainistíochta a chur i bhfeidhm le tacú le NIMS. Anuas air sin, cé go raibh fianaise ar dhea-obair a bheith déanta maidir le caighdeán sonraí, ba ghá go bhforbródh an FSS, le tacaíocht ón SCA, creat forghabhálach um chaighdeán sonraí. Tarraingíodh aird ann freisin ar dhea-chleachtais i roinnt réimsí lenar áiríodh rialachas faisnéise agus úsáid faisnéise. Ba ghá ról agus freagrachtaí as réimsí rialachais faisnéise le haghaidh NIMS laistigh den FSS — ar nós shláindáil faisnéise, caighdeán faisnéise, cosaint faisnéise agus úsáid thánaisteach faisnéise — a shoiléiriú freisin, áfach.

In 2021, chuireamar tús le hathbhreithniú chun comhlíontacht caighdeán um bainistíocht faisnéise a mheas le haghaidh sonraí ar liostaí feithimh náisiúnta laistigh den FSS. Bhí plé againn le páirtithe leasmhara lárnacha in Oibríochtaí Géarchúraim agus Pobail an FSS agus laistigh den Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Chomh maith leis sin thugamar dhá chuairt láithreáin ar ospidéal ghéarchúraim chun fianaise a bhailiú don athbhreithniú.

4.4.4 Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Plé le coistí agus tionscnaimh sheachtracha

Chuimsigh plé le coistí agus tionscnaimh sheachtracha in 2021:

- **Grúpa an Líonra Idirnáisiúnta um Nuáil i Rialáil agus Maoirseacht Cúraim (SINC).** Grúpa neamhfhoirmiúil atá sa SINC agus tá baill ann a tharraingítear ó rialaitheoirí cúraim sláinte agus shóisialta ar fud na hEorpa agus níos faide anonn. Tá ár mBainisteoir um Chaighdeán Faisnéise Sláinte agus ár mBainisteoir um Chaighdeán Theicniúla Faisnéise Sláinte ina mbaill den ghrúpa. Tá an tSualainn, Sasana, an Danmhairg, an Iorua, Albain, Éire, an Phortaingéil, an Fhionlainn, Singeapór, agus an Ísiltír rannpháirteach ann faoi láthair.
- **Coiste Comhairleach an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ar Chaighdeán um Fhaisnéisíocht Sláinte TC 21 (HISC).** Tríd an HISC, glacann an NSAI páirt in obair an Choiste um Fhaisnéisíocht Sláinte 215 de chuid Eagraíocht Náisiúnta na gCaighdeán (ISO) agus an Choiste um Fhaisnéisíocht Sláinte TC 251 de chuid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú. Pléitear caighdeán um fhaisnéisíocht sláinte atá á bhforbairt faoi láthair ag CEN agus ISO agus aontaítear ar fhreagraí foirmiúla. Ina theannta sin, tugann an coiste freagraí go rialta ar chomhairliúchán ar chaighdeán faisnéise sláinte in Éirinn.
- **X-eHealth.** Tionscadal AE atá sa tionscadal X-eHealth agus é mar aidhm aige boinn a leagan chun comhtháthú gnéithe de sheirbhísí ríomhshláinte atá i bhfeidhm cheana a chur ar aghaidh um roinnt Trasteorann Eorpaí na faisnéise achoimre de chuid othar agus na n-oidéas leictreonach. Tá sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla á bhforbairt ag an tionscadal X-eHealth um achoimrí scaoilte agus um athbhreithniú ar an achoimre reatha othair chun galair neamhchoitianta a chur san áireamh.
- **Bord Rialachais SNOMED CT.** Bunaíodh Bord Rialachais SNOMED CT chun comhairle agus maoirseacht straitéiseach a chur ar fáil faoi chur i bhfeidhm SNOMED CT in Éirinn. Aontaíodh ar straitéis a chlúdaíonn 2021-2023. Déanann an Dr Kevin O'Carroll, ár mBainisteoir Caighdeán Teicniúil, cathaoirleacht ar an mBord. Bunaíodh Lárionad Náisiúnta Scaoilte na hÉireann san fheidhm Ailtireachta Fiontraíochta de chuid an Phríomhoifigigh Fhaisnéise san FSS agus tá sé freagrach as agus tá údarás tarmiligthe aige chun an tEagrán Éireannach de SNOMED CT agus díorthaigh a cheadúnú.
- **Grúpa Páirtithe Leasmhara don Tionscadal um Chruthúnas Coincheapa DASSL (Data Access, Storage, Sharing and Linkage/Rochtain ar Shonraí, Stóráil, Roinnt agus Nascadh)** Is í aidhm na samhla DASSL nascadh agus anailís shlán shábháilte sonraí sláinte agus sonraí gaolmhara in Éirinn a éascú, d'fhonn tacú le taighde ar chúram sláinte agus cinntí beartais. Thug an Bord Taighde Sláinte maoiniú don Lárionad Éireannach um Ríomhaireacht Ardleibhéil chun bonneagar teicniúil chruthúnas coincheapa a fhorbairt le tacú leis an tsamhail sin. Tá ionadaíocht ag HIQA ar an ngrúpa páirtithe leasmhara seo chun sainchomhairle a thabhairt maidir le samhail an chruthúnas coincheapa.

- **Grúpa Rialachais an FSS don Fhoclóir Náisiúnta Sonraí Cúraim Sláinte agus Shóisialta.** Tá HIQA ina bhall den ghrúpa sin chun comhairle a thabhairt maidir le treoir agus rialachas straitéiseach an tionscadail seo.
- **Gníomhaíocht Chomhphárteach AE 'I dTreo Réimse Shonraí Sláinte na hEorpa'.** Tá HIQA ina bhall mar pháirtí leasmhar i bPacáiste Oibre 4 – Fóram Beartais agus ball den fhóram uileghabhálach um pháirtithe leasmhara.

Ceardlann painéil ag an 14ú Comhdháil Eorpach ar Shláinte Phoiblí

Ar an 11 Samhain 2021, éascaíodh ceardlann painéil ag an 14ú Comhdháil Eorpach ar Shláinte Phoiblí 2021 ar na dúshláin a bhaineann le samhail cheada a fhorbairt um fhaisnéis sláinte i ndomhan digiteach a bhíonn ag athrú.

Rinne an Dr Barbara Foley, ár mBainisteoir Faisnéise Sláinte cathaoirleach ar an seisiún sin.

Chuir ár n-Oifigeach Taighde, an Dr Sarah Jane Flaherty, fionnachtana ár bPlé Náisiúnta Phoiblí ar Fhaisnéis Sláinte in Éirinn i láthair. Labhair sí freisin faoin gcaoi a bhfuil na fionnachtana sin á n-úsáid chun dréachtmholtaí HIQA a threorú maidir le samhail cheada don fhaisnéis sláinte in Éirinn.

Thug Michelle Mackie, Ceann ar Thaighde Cainníochtúil agus Phlé le Ipsos MORI i Sasana, cur i láthair ar an ról tábhachtach a bhíonn ag an bplé poiblí maidir le muinín an phobail as úsáid sonraí a chothú. Thug Madis Tiik, iar-POF ar Fhondúireacht Ríomhsheirbhísí Sláinte na hEastóine, léargas ar na fachtóirí a bhí bunriachtanach chun spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh maidir le ríomhsheirbhísí Sláinte agus an Eastóin a chur chun cinn sa réimse sin.

Ansin d'éascaigh HIQA plé painéil chun plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcuirfí san áireamh úinéireacht sonraí agus cearta rochtana agus samhail cheada á forbairt. Díriodh sna ceisteanna ón lucht éisteachta ar cheist na muiníne, rud a spreag plé faoi ról an phlé leis an bpobal chun muinín a chothú agus an luach a bhaineann le córas trédhearcach a chruthú áit a bhfuil tuiscint shoiléir ar an gcaoi a mbailítear, a n-úsáidtear agus a roinntear faisnéis sláinte.

4.5 An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim

Déantar iarracht leis an gClár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn a fheabhsú trí dhaoine a cheistiú faoina n-eispéiris ar chúram agus trí ghníomhú ar bhonn a n-aiseolais. Is comhthionscnamh é an Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim idir HIQA, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Sláinte.

Tá sraith suirbhéanna ag an gClár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim a ghabhann eispéiris na ndaoine a úsáideann ár gcuid seirbhísí. Cuireann an Clár suirbhéanna i bhfeidhm agus é mar aidhm foghlaim ó aiseolas daoine faoin gcúram a fhaightear i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta chun a fháil amach cad atá ag feidhmiú go maith, agus cad is gá a fheabhsú.

Tá Mol Suirbhéanna an Chláir Náisiúnta um Eispéiris Chúraim ar fáil ar www.yourexperience.ie chun tacaíocht, treoir, eolas agus acmhainní a thabhairt le cabhrú le soláthraithe a gcuid suirbhéanna féin a fhorbairt, a stiúradh agus anailís a dhéanamh orthu, agus gníomhú de réir na bhfionnachtana.



4.5.1 An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach

In 2021, chuireamar an tsamhail suirbhé agus an ceistneoir don Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach in oiriúint le húsáid le linn phaindéim COVID-19. Treoraíodh athruithe ar cheistneoir an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach ag athbhreithniú ar an litríocht agus plé le páirtithe leasmhara náisiúnta agus pobal idirnáisiúnta na n-eispéireas othar cónaitheach. Cuireadh sraith ceisteanna nua san áireamh chun dul i ngleic le gnéithe sonracha d'eispéiris othar cónaitheach le linn na paindéime nár gabhadh ag an suirbhé a bhí ann cheana, ar nós cumarsáid foirne agus iad ag caitheamh trealamh cosanta pearsanta (PPE) agus teagmháil le teaghlach agus cairde agus srianta cuairteora tógtha san áireamh. Baineadh triail chognaíoch as na ceisteanna nua le ceathrar ionadaithe othair chun soiléire agus tuiscint a chinntiú. Leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach 2021 tugadh deis thábhachtach d'othair aiseolas a thabhairt faoin gcuid eispéireas ar chúram le linn na paindéime. Mar thoradh ar an gcibirionsaí ar chórais TF an FSS i mí na Bealtaine 2021, cuireadh mí an tsuirbhé ar athló ó Bhealtaine go Meán Fómhair 2021. Foilseofar fionnachtana an tsuirbhé agus pleananna um fheabhsú caighdeáin in 2022.




4.5.2 An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris i dTithe Altranais



In 2021, leanamar le forbairt an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris i dTithe Altranais, d'fhonn suirbhé a dhéanamh ar chónaitheoirí tithe altranais agus a gcuid ionadaithe ainmnithe (ar nós baill teaghlaigh nó carad) in 2022. Bhí ceithre ghlaio againn le saineolaithe idirnáisiúnta, lenar áiríodh saineolaithe ón Ísiltír, ón Ostair, ó na Stáit Aontaithe agus ó Cheanada, chun léargas níos fearr a fháil ar an tsamhail agus an mhodheolaíocht suirbhé a úsáidtear le suirbhéanna a dhéanamh ar eispéiris i dtithe altranais i dtíortha eile. Mar chuid dár bplé le páirtithe leasmhara, ritheamar 10 seisiún eolais chun tithe altranais a chur ar an eolas faoin suirbhé agus a n-aiseolas a lorg. Chun na réimsí is tábhachtaí eispéiris a shocrú le cur san áireamh sa suirbhé, reáchtáladar ocht bhfócasghrúpa le 60 rannpháirtí, lenar áiríodh cónaitheoirí i dtithe altranais agus a dteaghlaigh, gairmithe cúraim sláinte, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhíse, déantóirí beartais, taighdeoirí agus eagraíochtaí abhcóideachta. Chun na ceisteanna is tábhachtaí a shainaitheint le cur san áireamh sa suirbhé, rinneamar dhá bhabhta de staidéir Delphi¹² le 25 rannpháirtí, lenar áiríodh ionadaithe ainmnithe ar chónaitheoirí thithe altranais, gairmithe cúraim sláinte agus bainisteoirí, déantóirí beartais, taighdeoirí agus eagraíochtaí abhcóideachta. Rinneamar tástáil chognaíoch¹³ ar na ceistneoirí suirbhé nua-fhorbartha (ceann amháin do chónaitheoirí thithe altranais, ceann eile d'ionadaithe ainmnithe) le ceathrar cónaitheoirí ó thithe altranais agus ceathrar ionadaithe ainmnithe, chun soiléire agus oiriúnacha na gceisteanna agus na roghanna freagartha a mheas. D'fhoilsíomar Athbhreithniú Idirnáisiúnta freisin ar Shuirbhéanna ar Eispéiris i dTithe Altranais

Beidh an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris i dTithe Altranais mar an chéad shuirbhé a thabharfaidh deis do chónaitheoirí i dtithe altranais cur síos ar a dtaithe saoil féin ar chúram theach altranais in Éirinn. Stiúrfaidh fionnachtana an tsuirbhé náisiúnta sin feabhsúcháin ar sholáthar cúraim i dtithe altranais, agus iad ag aithint na gnéithe atá ag feidhmiú go maith chomh maith le réimsí ina bhfuil gá le feabhas. Bainfear úsáid as na fionnachtana freisin chun beartais náisiúnta, cláir rialála agus caighdeáin a threorú.

4.5.3 Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil



In 2021, leanamar le forbairt an tSuirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil, d'fhonn suirbhé a dhéanamh ar ghaolta a bhfuair daoine muinteartha leo bás in 2022. Chun na réimsí is tábhachtaí eispéiris a shocrú le cur san áireamh sa suirbhé, reáchtáladar 11 fhócasghrúpa le 68 rannpháirtí, lenar áiríodh teaghlaigh a bhfuair daoine muinteartha leo bás, gairmithe cúraim sláinte, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhíse, déantóirí beartais, taighdeoirí agus grúpaí abhcóideachta.

12 Is é atá i staidéar Delphi teicníc chun teacht ar chomhthoil a úsáidtear chun an rogha ceisteanna a bheachtú atá le cur san áireamh i ngach ceistneoir suirbhé.

13 Is é atá i gceist le tástáil chognaíoch iniúchadh cén chaoi a mbaineann rannpháirtithe ciall as ceisteanna suirbhé agus roghanna freagra agus an chaoi a dtuigeann siad iad.

Chun na ceisteanna is tábhachtaí a shainaithint le cur san áireamh sa suirbhé, rinneamar dhá bhabhta de staidéir Delphi le 82 rannpháirtí, lenar áiríodh teaghlaigh a bhfuair duine muinteartha leo bás, gairmithe cúraim sláinte agus bainisteoirí, déantóirí beartais, taighdeoirí agus eagraíochtaí abhcóideachta. Rinneamar tástáil chognaíoch ar an gceistneoir nua-fhorbartha le hochtar gaolta a bhfuair duine muinteartha leo bás, chun soiléire agus oiriúnacht na gceisteanna agus na roghanna freagartha a mheas. Reáchtálar sé sheisiún eolais chun páirtithe leasmhara lárnaigh a chur ar an eolas faoin suirbhé agus faoi na réimsí cúraim a ghabhfaí, agus d'fhreastail 129 duine orthu. Freisin d'fhoilsíomar Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Shuirbhéanna Náisiúnta ar Dheireadh Saoil.

Tabharfaidh an Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil deis do ghaolta a bhfuair duine muinteartha leo bás, lena n-áirítear dlúthghaolta nó dlúthchairde iad siúd a bhásaigh, insint dúinn faoin eispéireas ar chúram dheireadh saoil dar leo féin. Is é seo an chéad uair a chloisfidh Éire faoin eispéireas ar chúram i míonna deireanacha de shaol duine. Úsáidfear fionnachtana an tsuirbhé chun seirbhísí cúraim a fheabhsú agus chun rialachán, beartais agus caighdeán náisiúnta a threorú.

4.5.4 An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas ar Mhéala Máithreachais

Leantar ar aghaidh le forbairt an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas ar Mhéala Máithreachais, a thabharfaidh deis do thuismitheoirí a chaill leanbh sa dara ráithe, ar rugadh leanbh marbh-bheirthe dóibh nó ar bhásaigh a leanbh go luath tar éis breithe, cur síos a dhéanamh ar a dtaithe ar chúram.



In 2021, bhí sé sheisiún eolais againn le páirtithe leasmhara lárnaigh agus thugamar cuir i láthair ag trí fhóram, agus 309 páirtí leasmhar san iomlán sroichte againn. Chun na réimsí is tábhachtaí eispéiris a shocrú le cur san áireamh sa suirbhé, reáchtálar 10 bhfócasghrúpa agus ceann aonair amháin le 60 rannpháirtí, lenar áiríodh tuismitheoir ar bhásaigh leanbh dá gcuid, gairmithe cúraim sláinte, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhíse, déantóirí beartais, taighdeoirí agus grúpaí abhcóideachta. Chun na ceisteanna is tábhachtaí a shainaithint le cur san áireamh sa suirbhé, rinneamar dhá bhabhta de staidéir Delphi le 120 rannpháirtí, lenar áiríodh tuismitheoirí ar bhásaigh leanbh dá gcuid, gairmithe cúraim sláinte agus bainisteoirí, déantóirí beartais, taighdeoirí agus eagraíochtaí abhcóideachta. Rinneamar tástáil chognaíoch ar an gceistneoir nua-fhorbartha le hochtar tuismitheoirí ar bhásaigh leanbh dá gcuid, chun soiléire agus oiriúnacht na gceisteanna agus na roghanna freagartha a mheas. Freisin d'fhoilsíomar Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar Shuirbhéanna ar Eispéiris ar Mhéala Máithreachais agus Athbhreithniú Scópála ar Chaillteanas Luath-Thoirchis in Éirinn.

Beidh an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas ar Mhéala Máithreachais ar an gcéad shuirbhé náisiúnta ar eispéiris ar mhéala máithreachais in Éirinn. Úsáidfear an t-aiseolas a thabharfaidh tuismitheoirí chun réimsí dea-eispéiris a aithint agus chun réimí a aithint ina bhfuil gá le feabhas. Úsáidfear na fionnachtana chun seirbhísí cúraim a fheabhsú agus chun rialachán, beartais agus caighdeán náisiúnta a threorú.

4.5.5 Mol an tSuirbhé

In 2020, sheolamar Mol Suirbhé chun saineolas agus scileanna níos fearr a chur ar fáil agus chun tacú le plé níos fearr le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2021, leanamar ar aghaidh ag forbairt comhpháirtíochtaí taighde, acadúla agus idirnáisiúnta agus nasc le páirtithe leasmhara lárnacha chun acmhainn a fhorbairt chomh maith le tuiscint ar eispéiris daoine ar sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta. Leanamar ar aghaidh ag plé le comhlachtaí gairmiúla agus le hinstiúidí oideachais chun tacú le húsáid fionnachtana an Chláir Náisiúnta um Eispéiris Chúraim agus a n-úsáid a léiriú. Thugamar tacaíocht do cheithre shocrúchán oibre do mhic léinn as trí ollscoil:

- Beirt mhac léinn fochéime sa leigheas ó Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath
- Mac léinn fochéime amháin sa tsláinte phoiblí ó Choláiste na hOllscoile Chorcaí
- Mac léinn iarchéime amháin ón máistreacht i dtaighde sóisialta feidhmeach i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

D'fhoilsíomar tuarascáil ar anailís thánaisteach ar na freagraí ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach in 2017 agus 2018, inar cuireadh i láthair na torthaí ar anailís thánaisteach dhomhain ar fhreagraí ar shuirbhé le teachtaireachtaí saor in aisce. Rinneadh an anailís sin i gcomhpháirt le foireann atá bunaithe in Ionad Anailísíochta Sonraí Insight in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil ar Eispéireas Ban faoi Mhíchumas ina dTuras trí Sheirbhísí Máithreachais in Éirinn agus iad ag úsáid sonraí ón Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais.

D'oibríomar le taighdeoirí agus scoláirí in Ollscoil Mháigh Nuad ar iarratas rathúil ar mhaoiniú ón mBord um Thaighde Sláinte faoin scéim mhaoinithe um Thionscadail ar Anailís Thánaisteach Sonraí (SPAP 2021), le comhiarratasóirí ón FSS, ón Roinn Sláinte, agus ionadaithe othair. Tacóidh an deontas le tionscadal lena mbainfidh anailís shonrach ar os cionn 70,000 trácht le teachtaireacht téacs saor in aisce a fuarthas mar fhreagra ar ár gcuid suirbhéanna, chomh maith le huirlis a fhorbairt a éascóidh anailís níos éifeachtúla agus caighdeánaithe ar shonraí cainníochtúla arna bhfáil mar fhreagra ar shuirbhéanna amach anseo. Tá an tionscadal faoi stiúir an Ollaimh Adegboyega Ojo in Ollscoil Mháigh Nuad, le tacaíocht ó na comhiarratasóirí, an Dr Conor Foley agus an Dr Daniela Rohde ón gClár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim.

Anuas air sin, in 2021 chuireamar ceithre phóstaer i láthair agus rinneamar trí chur i láthair ó bhéal ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanamar orainn ag plé agus ag comhoibriú lenár líonraí idirnáisiúnta in 2021 agus le hInstitiúid Picker Europe chun ár gcuid suirbhéanna go léir a threorú agus tacú leo.

4.5.6 An podchraoladh Let's Talk Care Experience

Sheolamar sraith nua podchraolta, Let's Talk Care Experience, i mí na Samhna 2021. Pléitear sa phodchraoladh gach gné d'eispéiris daoine ar úsáid a bhaint as seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn. Labhraítear le daoine ann a úsáideann seirbhísí chomh maith le foireann seirbhísí, agus saineolaithe mó le rá i gcúram sláinte agus sóisialta.

In Eagrán 1, pléimid an tábhacht a bhaineann le héisteacht le tuairimí othar le Paul Reid, POF an FSS, Phelim Quinn POF HIQA; Karen Greene, Leas-Phríomhoifigeach Altranais sa Roinn Sláinte; agus Phyllis MacNamara, ionadaí othair ar Bhord Ghrúpa Saolta um Chúram Sláinte Ollscoile.

In Eagrán 2, labhraímid faoi thionchar an bhia agus an chothaithe ar eispéireas othar le Jennifer Feighan, POF ar Institiúid Cothúcháin agus Daitéitice na hÉireann, agus Laura Brennan, Daitéiteach Sinsearach in Ospidéal San Séamas.

Éist ag www.yourexperience.ie nó pé áit a bhfaigheann tú do chuid podchraoltaí.



4.6 Oibríochtaí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht agus Faisnéis Páirtithe Leasmhara

4.6.1 Oibríochtaí

Bainistíocht airgeadais

Le linn 2021, lean HIQA lenár n-acmhainní airgeadais a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas agus gach ceanglas ábhartha rialachais. Chuir úsáid na pleanála agus bainistíocht leanúnach airgeadais ar chumas HIQA a chuid acmhainní a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Rinne ár soláthraí iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais HIQA le linn na bliana. Níor sainaitníodh aon ábhair imní ábhartha lena linn. Rinneadh tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras bainistíochta airgeadais lena bpróiseáiltear idirbhearta airgeadais agus lena soláthraítear faisnéis bhainistíochta chun tacú le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA don bhliain 2021 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir na n-amscálaí atá leagtha amach in Acht Sláinte 2007.

Sláinte agus sábháilteacht

Bíonn HIQA tiomanta go mór i gcónaí do shláinte agus sábháilteacht gach fostaí a chosaint. Tá sraith chuimsitheach de bheartais agus de nósanna imeachta chomh maith le cláir oiliúna um shláinte agus shábháilteacht i bhfeidhm aige.

Mar gheall ar an bpaindéim a bheith fós ar siúl i rith na bliana, ba ghá díriú fós ar na rioscaí a bhain leis sin do shláinte agus do shábháilteacht fostaithe. Glacadh na réamhchúraimí go léir ba ghá chun an líon beag foirne a chosaint arbh gá dóibh freastal ar ár gcuid oifigí. Tugadh oiliúint, treoir agus PPE ar aon dul leis an treoir sláinte poiblí do bhaill foirne a bhí orthu iniúchtaí a dhéanamh.

Bhí tionchar ag COVID-19 fós ar ár gcuid gníomhaíochtaí agus cuireadh modúil lárnacha oiliúna in oiriúint chun éascú le rannpháirtíocht sa rang agus i gcéin. Chinntigh sé sin comhlíonadh na reachtaíochta agus thug sé scileanna agus eolas d'fhostaithe chun a sláinte agus a sábháilteacht féin a chosaint.

Tharla eachtra amháin a bhí intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i rith na bliana.

Acmhainní daonna

Lean an Fhoireann Acmhainní Daonna (AD) ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do gach fostaí le linn na socruithe leanúnacha cianoibre. Áiríodh leis sin freagairt do threoir athraitheach an Rialtais agus sláinte poiblí ag céimeanna difriúla den phaindéim.

Leanamar orainn ag soláthar roinnt tionscnamh straitéiseach um acmhainní daonna agus fhorbairt eagrúcháin, mar atá leagtha amach thíos.

Sláinte agus leas

Leagadh béim lárnach fós ar an gclár oibre sláinte agus leasa agus roinnt tionscnamh curtha in oiriúint don timpeallacht i gcéin. Áiríodh leo sin seimineáir ghréasáin a óstáil go rialta, i gcomhpháirt le soláthraí ár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe, a eagraíodh mar fhreagra ar riachtanais aitheanta.

Oiliúint agus forbairt

Táirgeann HIQA raon fairsing tacaí do gach ball foirne chun inniúlachtaí a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus chun tacú le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha. Áiríodh leis sin bogscileanna a fhorbairt, oiliúint theicniúil agus tacaíocht a sholáthar chun páirt a ghlacadh i gcláir acadúla ábhartha.

Lean HIQA ar aghaidh ag forbairt a chuid clár forbartha bainistíochta lenar áiríodh clár oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil ar 'Ghnéithe Bunúsacha na Bainistíochta' do bhainisteoirí luathghairme nó nua agus clár ar 'Cheannaireacht Tionchair' do bhainisteoirí oilte agus rannpháirtithe aonair.

In 2021, dámhadh an leibhéal ab airde creidiúnaithe do HIQA as an dámhachtain Feabhas trí Dhaoine — an t-aon chaighdeán cáilíochta um bainistíocht acmhainní daonna in Éirinn agus a dtionchar ar an ngnó — ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Bainistiú

Bhí ról lárnach ag forbairt leanúnach ar shamhail an Chomhpháirtí Gnó AD i dtacú le bainisteoirí agus baill foirne le hoibriú i gcéin agus déanamh cinnte go ndéanfaí aon saincheisteanna nó ábhair inní a láimhseáil go cuí. D'oibríomar i ndlúthpháirt le bainisteoirí chun tacú le pleanáil fórsa oibre agus athrú i ndáil le tosú beartaithe raoin d'fheidhmeanna nua.

Tugadh tacaíocht leanúnach le bainistíocht athraithe do thionscadail éagsúla ar fud na heagraíochta lenar áiríodh obair ar thionscadail um aistriú digiteach agus sonraí.

Dearadh eagraíochta

Chun a chinntiú go bhfuil an cumas is fearr ag HIQA chun freastal ar a chuid riachtanas amach anseo chomh maith le riachtanais a chuid fostaithe, cuireadh tionscadal ar shamhail don obair amach anseo ar aghaidh in 2021 chun socruithe oibre níos solúbtha a chumasú san eagraíocht amach anseo.

Anuas air sin, tosaíodh tionscadal um athstruchtúrú eagraíochta chun a chinntiú go dtacaíonn an struchtúr atá i bhfeidhm leis an eagraíocht chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus tacaí inmheánacha láidre aige.

Bainistíocht tallainne

Leandadh ar aghaidh ag forbairt próisis earcaíochta chun tacú le cianobair agus cianearcaíocht le linn tréimhse d'fhás agus d'athrú suntasach don eagraíocht. Thacaíomar le agus chuireamar ar aghaidh earcaíocht agus ceapacháin le haghaidh roinnt ról sinsearach lenar áiríodh POF nua, Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta agus Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte. Forbraíodh plean comharbais chun an baol a mhaolú nach líonfaí folúntais i róil ríthábhachtacha go sásúil laistigh d'achar ama inghlactha.

4.6.2 An Rannóg Faisnéise

Thacaigh ár Rannóg Faisnéise leis an eagraíocht in 2021, trí thacaíocht theicniúil agus TFC leanúnach a thabhairt do bhaill foirne, córais rialála agus gnó a chothabháil, cianobair agus ullmhú le sraith nua teicneolaíochtaí.

Leagadh an bonn in 2021 don Straitéis um Aistriú Digiteach agus Sonraí de chuid HIQA. Ceadóidh sé sin do HIQA bheith réamhghníomhach maidir le soláthar seirbhísí, agus éileamh méadaithe a láimhseáil. Rinneamar measúnú ar phróisis reatha agus ritheamar scéim phíolótach chun an bhonn a chruthú um modheolaíocht agus foireann uirlisí sholúbtha le haghaidh bogearraí. Leis na tionscnaimh sin tugadh isteach bealach nua oibre don Rannóg Faisnéise chun comhoibriú le gnóthais agus páirtithe leasmhara eile leis an straitéis sin a chur i gcrích.

I rith na bliana, leathnaíomar cur i bhfeidhm theicneolaíocht HIQA um bainistíocht tionscadal, lenar áiríodh creidiúnú foirmiúil PRINCE2 ar fud na heagraíochta. Tacóidh an oiliúint seo le raon tionscadal a sholáthar a chumasóidh riachtanais lárnacha straitéiseacha, oibriúcháin agus reachtaíochta a chur i bhfeidhm ar fud HIQA. Cuireadh na tionscail sin i gcrích mar chuid dár Straitéis um Aistriú Digiteach agus Sonraí agus príomhthionscnaimh ghnó. Thug foireann ildisciplíneach faoi sholáthar oscailte idirphlé iomaíoch chun réiteach straitéiseach rialála a chur i bhfeidhm a fhreastalóidh ar riachtanais ghnó HIQA faoi láthair agus amach anseo. D'oibríomar i ndlúthpháirt lenár Stiúrthóireacht Rialála chun próisis ghnó a dhéanamh barainneach sula gcuirfí i bhfeidhm an córas straitéiseach sin.

I rith 2021 freisin, sholáthraíomar tacaíocht dheisce agus córais. Rinneamar os cionn 1,300 fiosrúchán tacaíochta a láimhseáil ar ár gcóras inmheánach rialála. Tháinig méadú 8% ar thicéid tacaíochta chuig ár nDeasc Seirbhíse in 2021, agus baineadh amach ráta sásaimh custaiméara de 95%. I rith na bliana, rinneamar bearta slándála a neartú níos mó trí sheirbhísí 24/7 um monatóireacht slándála a chur i bhfeidhm agus baineadh amach uasghráduithe slándála breise ar chórais HIQA.

4.6.3 Cumarsáid agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Thacaigh ár bhFoireann um Chumarsáid agus um Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara le hobair HIQA i rith na bliana. Tá an fhoireann freagrach as cumarsáid agus plé a dhéanamh leis an bpobal agus le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas agus an lucht freasúra, na meáin, seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta, daoine a úsáideann seirbhísí agus fostaithe. Bainistíonn an fhoireann foilseacháin na heagraíochta, caidreamh leis na meáin chumarsáide, cuntais ar na meáin shóisialta, dearadh grafach, cumarsáid inmheánach agus gearáin.

In 2021, chuimsigh an obair sin na nithe seo a leanas a fhoilsiú:

- **68** cáipéis faoinár gcuid oibre i sintéis fianaise, fianaise sláinte, rialáil, agus forbairt caighdeán agus treorach
- **1,536** tuarascáil iniúchta
- **60** preaseisiúint
- **97** ráiteas faoi fhoilseacháin
- **6** eagrán den nuachtlitir sheachtrach, HIQA news
- **12** eagrán den ríomhíris foirne.

Fuarthas os cionn 1 mhiliún amharc leathanaigh ar ár láithreán gréasáin www.hiqa.ie, i rith na bliana.

Fuaireamar 29 ceist pharlaiminteach agus thugamar freagra orthu go léir in 2021.

I rith na bliana, rinne HIQA aighneachtaí do roinnt comhairliúcháin poiblí ag eagraíochtaí eile lenár áiríodh maidir le:

- Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020
- an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Fhrithsheasmhacht Fhrithmhocróbach
- Plean Straitéiseach Ospidéal an Rotunda 2022-2026
- forbairt an chórais um Fhiosrúcháin Othar Cónaitheach in Ospidéal (HIPE) amach anseo.

4.6.4 Cáilíocht, riosca agus comhlíontacht

Thacaigh ár bhFoireann Cáilíochta, Riosca agus Comhlíontachta le foireann HIQA i rith na bliana Áiríodh leis sin córas bogearraí nua um fheidhmíocht chorparáideach agus um thuairisciú riosca a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta ar aon dul leis na gealltanais atá leagtha amach inár straitéis. Chuir an fhoireann oiliúint faoi bhainistíocht riosca agus fheabhsú cáilíocht ar fáil freisin do bhaill foirne a rinneadh i gcéin ar aon dul le treoir ar shláinte phoiblí. Tugadh clár iniúcháireachta inmheánaí le haghaidh 2021 chun críche, agus rinneadh anailís bhearna ar ár gcóras bainistíochta cáilíochta d'fhonn creidiúnú seachtrach a bhaint amach sa todhcháí.

5 Ráitis airgeadais bhliantúla

Comhaltaí Bhord HIQA	104
Faisnéis ghinearálta	104
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	105
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	108
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	115
Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021	120

Comhaltaí Bhord HIQA

Ainm	Ról
Pat O Mahony	Cathaoirleach
James Kiely	Comhalta Boird
Caroline Spillane	Comhalta Boird
Paula Kilbane	Comhalta Boird
Michael Rigby	Comhalta Boird
Tony McNamara	Comhalta Boird
Lynsey Perdisatt	Comhalta Boird
Bernadette Costello	Comhalta Boird
Martin Higgins	Comhalta Boird
Martin O'Halloran	Comhalta Boird
Marion Meany	Comhalta Boird
Daniel McConnell	Comhalta Boird

Faisnéis ghinearálta

Seoladh	Aonad 1301, Geata na Cathrach, Mahon, Corcaigh T12 Y2XT
Baincéirí	Banc Uladh 95 An Phríomhshráid Mainistir na Corann Co Chorcaí P25 RW67
Iníúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72
Aturnaetha	Beauchamps Cois Abhann a Dó Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 D02 KV6

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

1. Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus cloítear leis an gCód Rialachais atá i bhfeidhm ag an Údarás é féin.

2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

3. Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais ag HIQA lena gcuimsítear triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais. Bhí sé chruinniú ag an gcoiste i rith 2021.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag HIQA do ghnólacht cáilithe neamhspleách a chuireann clár oibre chun feidhme a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais agus leis an mBord.

Rinne an Bord beartas agus nós imeachta bainistíochta riosca a cheadú, ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige, agus na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas sin chuig gach ball foirne lena bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca HIQA ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

4. Creat riosca agus rialaithe

Chuir HIQA córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá le sárú ag HIQA. Rinneadh rioscaí a shaináithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta, agus déantar athbhreithniú rialta orthu de réir mar is cuí ag leibhéil éagsúla san eagraíocht lena n-áirítear an bhainistíocht, an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais, coistí eile an Bhoird agus an Bord. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na nithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasachta chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choimeádann an lucht bainistíochta sinsearaí faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

I rith 2021, i gcomhréir leis an gcomhairle sláinte poiblí agus le beartas an Rialtais, lean an chuid is mó de bhaill foirne HIQA d'obair sa bhaile. Bhí córais agus rialuithe bunaithe ag HIQA chun obair scaipthe agus cianobair a éascú. Rinneadh monatóireacht ar bhagairtí féideartha slándála agus rialaithe agus tugadh aghaidh orthu ar bhonn leanúnach. Bhí HIQA in ann leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí gan chur isteach agus gan mórán athruithe a dhéanamh ar a chuid próiseas riosca agus rialaithe.

5. Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bhainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad agus/nó leis an bhfeidhmíocht tuartha.

6. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha maidir le soláthar agus le linn 2021, ach amháin maidir leis na heisceachtaí seo a leanas.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

- (a) Ar an 14 Bealtaine 2021, rinneadh cibirionsaí tromchúiseach ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nuair a rinneadh síothlú isteach ina chuid córas TF ag coirpigh. Mar gheall ar na rioscaí criticiúla a aithníodh ghlac HIQA céimeanna láithreach chun a sheasamh slándála a neartú agus thug sé isteach bearta slándála breise. Thug HIQA conradh do sholáthraí seachtrach chun réiteach Monatóireachta, Braite agus Freagartha a chur i bhfeidhm agus cumas aige iompar ar leibhéal córais a thaifeadadh, agus é a úsáid chun eachtraí amhrasacha a brath, gníomhaíocht chalaoiseach a fhiosrú agus bac a chur orthu, agus córais a fheabhsú a bhí buailte. Caitheadh €49k air sin in 2021. Rachaidh an conradh sin in éag i R1 2022 nuair a chuirfear an tseirbhís faoi réir phróiseas soláthair.
- (b) In 2021 thabhaigh HIQA caiteachas de €06K ar tháillí cuardaigh fheidhmiúcháin. Tabhaíodh an caiteachas sin ar phost an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin in HIQA a líonadh chomh maith le dhá fholúntas ar Fhoireann na mBainisteoirí Feidhmiúcháin. Ar mhaithe le luas agus éifeachtúlacht, cinneadh de bhun údar gnó a bhí curtha i dtaifead, go raibh conradh ag an ngníomhaireacht a fuarthas roimhe chun post an POF a líonadh, chun an dá ról eile a líonadh chomh maith. Críochnaíodh an obair sin go léir in 2021.
- (c) Chuaigh an conradh a fuarthas um chóras agus sheirbhísí gairmiúla earcaíochta in éag ar an 21 Lúnasa 2021. Ar feitheamh phróiseas earcaíochta, lean HIQA ar aghaidh ag úsáid na seirbhísí sin go dtí deireadh 2021. Ba é luach na seirbhísí sin a fuarthas tar éis dháta éaga an chonartha ná 45k

7. Athbhreithniú ar éifeachtacht


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le hobair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de HIQA atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuirtear bonn eolais faoi fhaireachán agus athbhreithniú HIQA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021.

8. Saincheistanna rialaithe inmheánaigh

Níor sainaitníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2020 ón dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird,



Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

1. Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar bun faoin Acht Sláinte 2007. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá an fhreagracht as HIQA a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an stiúradh leathan straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta HIQA.

2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais HIQA, áit a bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an mBord leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- aon ábhair fhorchoimeáda a thagann chun cinn.

Ceanglaítear le halt 35 den Acht Sláinte ar Bhord HIQA na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do Bhord HIQA:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

Tá an Bord freagrach as taifid chúí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as an bplean gnó agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht HIQA in aghaidh an phlean ghnó agus an bhuiséid bhliantúil ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais HIQA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais HIQA amhail an 31 Nollaig 2021.

3. Struchtúr an Bhoird

Cuimsítear sa Bhord Cathaoirleach agus aon déag ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Sláinte gach duine acu.

Ainm	Ról	Dáta tosaithe na tréimhse oifige	Dáta éagtha na tréimhse oifige
Pat O'Mahony	Cathaoirleach an Bhoird	03/10/2018	02/10/2023
Paula Kilbane	Comhalta Boird	29/07/2015 30/09/2020	28/07/2020 29/09/2025
James Kiely	Comhalta Boird	26/02/2018	25/02/2023
Caroline Spillane	Comhalta Boird	26/02/2018	25/02/2023
Lynsey Perdisatt	Comhalta Boird	02/09/2019	01/09/2024
Tony McNamara	Comhalta Boird	02/09/2019	01/09/2024
Michael Rigby	Comhalta Boird	02/09/2019	01/09/2024
Bernadette Costello	Comhalta Boird	28/02/2020	27/02/2025
Martin Higgins	Comhalta Boird	01/06/2021	25/02/2023
Martin O'Halloran	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026
Daniel McConnell	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026
Marion Meany	Comhalta Boird	01/06/2021	31/05/2026

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

4. Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord ceithre choiste mar seo a leanas:

- a) **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais:** Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais tacú leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheistanna riosca, rialaithe agus rialála agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuarascáil fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain. Tá duine neamhspleách seachtrach ina bhall den Choiste freisin.
- b) **Coiste Maoirseachta ar Acmhainní:** Déanann an coiste seo monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ar aon dul le straitéis chorpóraideach HIQA lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí bainteach le hacmhainní. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar fheidhmíocht bhainistíochta.
- c) **Coiste Rialála:** Déanann an coiste sin maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- d) **Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta:** Déanann an coiste sin maoirseacht ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm le haghaidh forbairt caighdeán, faisnéis sláinte agus measúnú teicneolaíochta sláinte.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

5. Sceideal freastail, táillí agus speansas do chomhaltaí Boird agus chomhaltaí seachtracha coiste

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coistí sa bhliain 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais dheimhnithe a íocadh le gach comhalta:

(a) Comhaltaí Reatha an Bhoird

	Cruinniú Reachtúil an Bhoird	Cruinnithe Breise an Bhoird	An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais	Coiste Rialála	Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta	Coiste Maoirseachta ar Acmhainní	Táillí	Speansais dheimhnithe
An líon cruinnithe	6	6	6	4	5	6		-
Pat O'Mahony	6 as 6	6 as 6	N/B	N/B	N/B	6 as 6	€11,970	-
James Kiely	6 as 6	6 as 6	N/B	4 as 4	3 as 5	5 as 6	€7,695	-
Caroline Spillane	5 as 6	3 as 6	6 as 6	N/B	N/B	N/B	€7,695	-
Paula Kilbane	6 as 6	6 as 6	N/B	N/B	5 as 5	N/B	€7,695	-
Michael Rigby	6 as 6	5 as 6	N/B	4 as 4	5 as 5	N/B	€7,695	-
Tony McNamara	4 as 6	5 as 6	2 as 2	4 as 4	4 as 5	N/B	€7,695	-
Lynsey Perdisatt ¹	6 as 6	4 as 6	3 as 3	N/B	N/B	6 as 6	€4,489	-
Bernadette Costello	6 as 6	6 as 6	6 as 6	N/B	N/B	6 as 6	€7,695	-
Martin Higgins ²	2 as 3	3 as 4	2 as 3	N/B	N/B	1 as 3	€4,489	-
Martin O'Halloran ³	3 as 3	4 as 4	N/B	2 as 2	2 as 3	N/B	€4,489	-
Danny McConnell ⁴	2 as 3	4 as 4	N/B	N/B	N/B	3 as 3	€4,489	-
Marion Meany ⁵	3 as 3	4 as 4	N/B	2 as 2	2 as 3	N/B	€4,489	-
Iomlán							€80,585	-

1 D'éirigh as ARGC ar an 01/06/21

2 Ceaptha chuig an mBord ar an 01/06/2021

3 Ceaptha chuig an mBord ar an 01/06/2021

4 Ceaptha chuig an mBord ar an 01/06/2021

5 Ceaptha chuig an mBord ar an 01/06/2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

(b) Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta Seachtraí, Riosca agus Rialachais

Ceapadh Dónall Curtin mar chomhalta seachtrach coiste chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais de chuid HIQA ar an 29/02/2020 agus d'fhreastail sé ar shé chruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais i rith 2021. Íocadh táillí de €5,565 leis in 2021. Níor íocadh aon speansais leis in 2021.

Íocadh táillí leis na comhaltaí Boird de réir na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí lena mbaineann.

Ní íoctar táillí do chomhaltaí an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir um 'Prionsabail Duine Amháin, Tuarastal Amháin' arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní raibh duine de chomhaltaí Boird HIQA (Lynsey Perdisatt) ag fáil táillí go dtí an 08 Meitheamh 2021, nuair a ghabh sí d'fhostaíocht lasmuigh den earnáil phoiblí agus tá táillí á bhfáil aici ó sin.

6. Na nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon HIQA ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód.

6.1 Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 leagtha amach i nóta 6 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla

6.2 Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costais as anailís agus comhairle saineolaithe seachtracha don bhainistíocht a chuireann le cinnteoireacht nó treoir beartais. Áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'

	2021	2020
	€	€
Comhairleacht		
Comhairle dlí	69,545	73,265
Acmhainní daonna	55,653	3,354
Rialachas agus straitéis	466,797	54,029
Straitéis um aistriú digiteach agus sonraí	702,490	648,179
Costais chomhairleachta iomlána	1,294,485	778,827

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

	2021	2020
	€	€
Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an gcuntas caipitil*	600,729	587,954
Costais chomhairleachta arna ngearradh ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe**	693,756	190,873
Iomlán	1,294,485	778,827

*Curtha san áireamh sa Ráiteas faoi loncam agus Chaiteachas Caipitil

**Curtha san áireamh i Seirbhísí Gairmiúla sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais

6.3 Costais agus Socruithe Dí

	2021	2020
	€	€
Táillí dlí – imeachtaí dlí (Nóta 1)	185,770	174,160
Socrú Dí (Nóta 2)	-	(40,000)
Iomlán	185,770	134,160

Nóta 1

Tugtar sa tábla sonraí faoin gcaiteachas ar raon imeachtaí dlí le linn na tréimhse tuairiscithe. Áirítear leis dhá dhíospóid le heagraíochtaí earnála poiblí ar tugadh éisteacht dóibh nó atá ar feitheamh éisteachta sa chúirt. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair HIQA. Tá an caiteachas sin san áireamh leis na seirbhísí comhairleachta thuas.

Nóta 2

Áirítear leis na himeachtaí dlí costais €40,000 a fuarthas mar shocrú ar chostais dlí HIQA a ghabhann le hAthbhreithniú Breithiúnach, as ar dámhadh costais páirtí le páirtí ar HIQA in aghaidh an iarratasóra in 2019.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

(ar lean)

6.4 Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar Caiteachas Taistil agus Cothaithe a chatagóiriú de réir nóta 8 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

6.5 Fáilteachas


Tá an caiteachas fáilteachais a leanas san áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

	2021	2020
	€	€
Fáilteachas Boird agus Foirne	4,686	1,231
Iomlán	4,686	1,231

7. Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon HIOA go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2021.

Thar ceann an Bhoird,



Sínithe:

Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022



Sínithe:

Bernadette Costello
Comhalta Boird

Dáta: 19 Aibreán 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus cuimsítear iontu*

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

Ceapaimse, seachas neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 i ndáil leis na teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2021 de réir FRS 102.

An bonn don tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntais ar chostais teidlíochtaí sochar scoir ach amháin de réir mar a éiríonn siad iníochta. Ní thagann sé sin le FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe ag an dáta tuairiscithe. Níor cainníochtaíodh an tionchar a bheadh ag an neamhchomhlíonadh sin ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2021.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas faoi rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



John Crean

**Ar son agus thar ceann an
An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

6 Bealtaine 2022

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh maidir le cé acu is cuí nó nach cuí bonn cuntasáochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíthuirisc ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007 ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuirisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míthuirisc ábhartha, i ngach cás inarb ann di, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta. Is féidir le míthuiriscí teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míthuiriscí eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí a shainaitheint agus a mheasúnú a bhaineann le míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míthuirisc ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonphárteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chúí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh ar a chúí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor na nochtuithe sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí heisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míthuairisc ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na críocha dá raibh sé beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, E1)		19,369,000	17,269,000
Táillí bliantúla agus clárúcháin	2	7,108,240	7,250,687
Ioncam eile	3	4,358,298	1,541,888
		30,835,538	26,061,575
Caiteachas			
Costais foirne	4	23,087,156	19,888,956
Taisteal agus cothú	8	456,239	422,235
Táillí gairmiúla	9	1,213,039	*663,726
Costais foilsithe		51,966	41,153
Costais tacaíochta	10	3,402,537	*2,390,181
Costais bhunaithe	11	2,116,703	2,269,857
		30,327,640	25,651,108
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		507,898	410,467
Barrachas ag 1 Eanáir		1,542,220	1,131,753
Barrachas ar an 31 Nollaig		2,050,118	1,542,220


*Chun críocha comparáide, rinneadh caiteachas de €24,509 i 2020 ar sheirbhísí éascaithe agus oiliúna a athaicmiú go hoiliúint agus forbairt foirne i gCostais tacaíochta (Nóta 9 agus nóta 10).

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímhéas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:



Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Sínithe:



Angela Fitzgerald
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Ráiteachas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte (Vóta 38, L)	15	2,427,907	2,052,108
Amúchadh an Chuntais Chiste Caipitil	15	1,657,952	1,240,474
		4,085,859	3,292,582
Caiteachas			
Daingneáin agus feistis	12	17,110	15,343
Trealamh ríomhaireachta	12	1,810,068	1,448,811
Caiteachas neamhchaipitiúil	15	600,729	587,954
Dímheas	12	1,657,952	1,240,474
		4,085,859	3,292,582
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-
(Easnamh)/barrachas tosaigh		-	-
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		-	-

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na cailteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: 

Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Sínithe: 

Angela Fitzgerald
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	12	2,960,706	2,791,480
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	13	1,194,198	1,221,454
Airgead agus coibhéisí airgid		3,228,679	2,073,259
		<u>4,422,877</u>	<u>3,294,713</u>
Lúide Dlíteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	14	<u>(2,372,759)</u>	<u>(1,752,493)</u>
		2,050,118	1,542,220
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha			
		<u>5,010,824</u>	<u>4,333,700</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cúlchistí Ioncaim		2,050,118	1,542,220
Cuntas Caipitil	15	<u>2,960,706</u>	<u>2,791,480</u>
		<u>5,010,824</u>	<u>4,333,700</u>

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínte: 

Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Sínte: 

Angela Fitzgerald
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid


Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

An Barrachas Oibriúcháin a réiteach leis an Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2021	2020
	€	€
Barrachas Oibriúcháin	507,898	410,467
Laghdú ar shuimeanna Infhaighte	27,256	184,490
Méadú ar shuimeanna iníoctha agus fabhrúithe	620,266	262,994
Ús a fuarthas	(81)	(124)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	1,155,339	857,827
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ceannach sócmhainní seasta	1,804,158	1,609,113
Caiteachas neamhchaipitiúil	489,414	625,823
Deontais chaipitil a fuarthas	(2,293,572)	(2,234,936)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	-	-
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
Ús a fuarthas	81	124
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin	81	124
Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	155,420	857,951
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir	2,073,259	1,215,308
Airgead agus Coibhéisí Airgid ag 31 Nollaig	3,228,679	2,073,259

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe:



Pat O'Mahony
Cathaoirleach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Sínithe:



Angela Fitzgerald
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 19 Aibreán 2022

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

1. (a) Faisnéis ghinearálta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a glacadh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

1. (b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le FRS 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna n-athrú leis na treoracha ón Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, tugann HIQA cuntas i leith chostais na dteidlíochtaí pinsin de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha (féach ar (k) agus (l)). Ní chomhlíonann an bonn cuntasaíochta sin FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

1. (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais HIQA.

1. (d) Ioncam

(i) Deontais Oireachtais

Is ionann an méid a thugtar do chuntas sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na deontais iarbhír arna bhfáil sna deontais chuntasaíochta i dtaobh caiteachais caipitil faofa agus tugtar cuntas ina leith sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil ar bhonn fabhrúithe.

(ii) Ioncam ó tháillí bliantúla

Aithnítear táillí bliantúla ag Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta trí huaire sa bhliain i gcomhréir leis an Acht Sláinte 2007 Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta (Rialacháin 2009 (I.R. 245 de 2009) agus, leis an Acht Sláinte 2007 Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) (Leasú) Rialacháin 2013 (I.R. 493 de 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas trí huairé gach bliain i gcomhréir leis an Acht Sláinte 2007 Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Daoine Fásta) faoi Mhíchumas 2013 (I.R. 366 de 2013

(iii) Iarratas ar tháillí a chlárú nó a athrú

Déantar táillí um iarratais chun clárú nó chun athrú a dhéanamh a aithint ar fháil na táille ábhartha i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh. 245 de 2009 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 – agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 366 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Aosaigh agus Leanaí) faoi Mhíchumais a Chlárú), 2013.

(iv) Deontais eile

Is ar bhonn fabhráithe a aithnítear deontais eile, amhail deontais le haghaidh tionscadal arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

1. (e) Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

1. (f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh HIQA in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

Ní dhíscríobhtar fiach táillí bliantúla ach amháin tar éis don lucht bainistíochta measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht nach mbaileofaí an fiach agus tar éis dó an costas bailithe a chur i gcomparáid leis an bhfiach atá amuigh. Aithnítear gach fiach a díscríobhadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

1. (g) Léas oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa. Scaoiltear aon dreasachtaí léasa i gcaitheamh shaolré an léasa.

1. (h) Cistiú caipitil

Déantar sócmhainní seasta HIQA a chistiú ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ón ioncam reatha. Maidir le cistiú a fhaightear ó dheontais, aistrítear é chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara. Mínítear deontais chaipitiúla maidir le caiteachas faofa sa Ráiteas ar Ioncam Caipitiúil agus Caiteachas ar bhonn fabhráithe. Cuirtear caiteachas arna chistiú ó chistiú caipitiúil nach bhfuil cruthú sócmhainne ina thoradh air chun dochair an Ráitis ar Ioncam Caipitiúil agus Caiteachas mar speansas ar bhonn fabhráithe.

1. (i) Réadmhaoín, bogearraí ríomhaire, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoín, bogearraí ríomhaire, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthar do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoín, na bogearraí agus trealamh ríomhaireachta, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fóna measta, mar a leanas:

- Ús léasachta Saolré an léasa
- Troscán agus feistis 20%
- Trealamh agus bogearraí ríomhaireachta 33.33%
- Díscríobhtar trealamh agus bogearraí ríomhaireachta néalbhunaithe thar shaolré an chonartha.

Déantar ceannacháin sócmhainní a chaipitliú beag beann ar fhoinsé na gcistí, ach amháin i gcás sócmhainní a chistítear ó dheontais ioncaim (neamhchaipitil) a bhfuil a luach faoi bhun na tairsí seo a leanas:

- Trealamh nó troscán agus feistis - Níos lú ná €3,809
- Bogearraí ríomhaireachta agus trealamh TFC - Níos lú ná €1,270

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna cheana féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas Caipitil agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

1. (j) Sócmhainní Doláimhsithe

Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe bogearraí ríomhaire arna bhfáil ag HIQA. Déantar na costais sheachtracha as ceadúnais agus forbairt bogearraí a chaipitliú i gcás gur féidir iad a aithint iontu féin mar bhogearraí le húsáid ag HIQA agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh tairbhí ag gabháil leis don ghnó ar feadh roinnt blianta amach anseo. Díscríobhtar costais taighde de réir mar a thabhaítear iad.

1. (k) Aoisliúntas

De réir alt 27 den Acht Sláinte 2007, chuir HIQA scéim aoisliúntais ar bun arna ceadú ag an Roinn Sláinte.

Tá an scéim sin ina scéim aoisliúntais sochair shainithe le haghaidh fostaithe. Ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar atá iníoctha. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill den scéim iad sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

1. (l) An scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair

Tá gach duine a chuaigh isteach san earnáil phoiblí den chéad uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina mbaill den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair trína n-íoctar asbhaintí pinsin i leith gach fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

1. (m) Breithiúnais agus meastacháin cuntasaióchta criticiúla

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

Dímheas agus luachanna iarmharacha

Rinne HIQA athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhóna agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

2. Ioncam ó Tháillí Bliantúla agus Clárúcháin

	2021	2020
	€	€
Táillí bliantúla	6,669,740	6,798,237
Táillí clárúcháin	438,500	452,450
	7,108,240	7,250,687

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

3. Ioncam Eile

	2021	2020
	€	€
Roinn Sláinte:		
- Deontas an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais	2,707,406	-
- An Coiste Comhairleach Náisiúnta Scagthástála	290,915	237,123
Ranníocaíochtaí aoisliúntais	567,428	459,039
Deontais ón Aontas Eorpach agus deontais eile	46,375	38,546
An Coimisiún Meabhair-Shláinte	32,636	3,764
An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú	-	21,914
Deontais an Bhoird Taighde Sláinte	344,383	451,318
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim	369,004	330,000
Ús a fuarthas	81	124
Ioncam ilghnéitheach	70	60
Iomlán	4,358,298	1,541,888

4. Costais Foirne

	2021	2020
	€	€
Pá agus tuarastail	18,238,858	16,108,962
Pinsin	1,402,179	850,689
Baill foirne gníomhaireachta	1,482,993	1,225,227
Táillí comhaltaí Boird	80,584	75,178
Árachas sóisialach pá-choibhneasta (ÁSPC) fostóirí	1,882,542	1,628,900
Iomlán	23,087,156	19,888,956

Rinneadh ranníocaíochtaí breise aoisliúntais de €551,749 (2020, €509,387) a asbhaint de thuarastail na foirne agus íocadh iad sin ar aghaidh leis an Roinn Sláinte.

Rinneadh ranníocaíochtaí aoisliúntais de €404,031 (2020 €384,928) a asbhaint de bhaill foirne a fhaigheann tuarastail faoi Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus aisíocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

5. Luach Saothair

5. (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2021	2020
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha fostaithe	18,238,858	16,108,962
Teidlíocht saoire bliantúla amuigh	158,264	220,889
Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach	1,882,542	1,628,900
	20,279,664	17,958,751

Ba é 320 duine (2020, 264 duine) an líon iomlán ball foirne, mar choibhéis lánaimseartha, a bhí fostaithe ag deireadh na bliana.

5. (b) Sochair Ghearrthéarmacha

	2021	2020
	€	€
Bunphá	18,238,858	16,108,962
	18,238,858	16,108,962

5. (c) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá i lucht bainistíochta HIQA an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Rialála (go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2021), an Stiúrthóir Cúraim Sláinte (a ceapadh i nDeireadh Fómhair 2021) agus an Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta (a ceapadh i Meán Fómhair 2021), an Stiúrthóir um Fhaisnéis Sláinte agus Chaighdeán, agus an Príomhoifigeach Gníomhach Oibríochtaí. Tá luach iomlán na sochar fostaithe um phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2021	2020
	€	€
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	163,327	160,524
Príomhphearsanra Bainistíochta Eile	604,974	550,372
	768,301	710,896

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an Príomhfheidhmeannach agus baill eile den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin HIQA agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

Aisíocadh suim €7,460 (2020, €7,683) le stiúrthóirí feidhmiúcháin HIQA i leith speansais taistil, speansais chothaithe agus speansais eile a thabhaigh siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích.

Tá sonraí na dtáillí arna dtuilleamh agus na speansais a aisíocadh do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

6. Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Sochair Fostaithe	2021	2020
	Líon	Líon
€60,001 - €70,000	80	86
€70,001 - €80,000	33	35
€80,001 - €90,000	19	13
€90,001 - €100,000	12	9
€100,001 - €110,000	5	5
€110,001 - €120,000	4	0
€120,001 - €130,000	0	0
€130,001 - €140,000	0	0
€140,001 - €150,000	0	2
€150,001 - €160,000	1	2
€160,001 - €170,000	2	0

Ba é nialas suim iomlán na ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir a íocadh le linn na bliana (2020, nialas).

Chun críocha an nochtá seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta ón bhfostóir leo, áfach.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

7. Meánlíon Fostaithe

	2021	2020
Rialáil	-	170
Príomhchigire	164	-
Cúram sláinte	19	-
Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte	18	14
Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte	33	26
Baill foirne tacaíochta	60	51
	294	261

Amhail an 31 Nollaig, bhí 320 duine fostaithe ag HIQA mar choibhéis lánaimseartha (2020, 264 duine). I rith 2021 roinn HIQA a Stiúrtóireacht Rialála i Stiúrtóireachtaí Príomhchigire agus Cúraim Sláinte.

8. Taisteal agus cothú

	2021	2020
	€	€
Intíre		
Comhaltaí Boird	-	932
Fostaithe	454,757	413,218
Idirnáisiúnta		
Fostaithe	1,307	4,999
Seirbhísí gairmiúla seachtracha*	175	3,086
	456,239	422,235

Áirítear le speansais taistil agus chothaithe an Bhoird suim de €0 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird (2020, €592). Baineann an tsuim atá fágtha de €0 (2020, €340) le hairgead a chaith HIQA ar chóiríocht óstáin thar ceann na gcomhaltaí Boird. I gcás inar chuir HIQA cóiríocht óstáin ar fáil, ní dharna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.

*Baineann an costas seo le speansais taistil agus chothaithe a thabhaigh HIQA mar chuid den chostas conarthach a bhí ag baint le seirbhísí gairmiúla áirithe a fháil.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

9. Táillí Gairmiúla

	2021	2020
	€	€
Comhairle dlí	255,314	207,425
Seirbhísí gairmiúla agus comhairleacht TFC	207,797	229,978
Forbairt Straitéiseach Acmhainní Daonna	358,775	27,167
Forbairt Bainistíochta Airgeadais	31,488	18,634
Forbairt caighdeán agus measúnuithe ar theicneolaíocht na sláinte	57,140	7,949
Plé le páirtithe leasmhara don phlean corparáideach	36,048	-
Forbairt eagraíochta	-	77,469
Taighde Maoirseachta Margaidh	31,376	-
Córas faisnéise acmhainní daonna	246	3,030
Seirbhísí Eastáit	72,735	30,589
Suirbhé na foirne	23,063	-
Seirbhísí Cosanta Sonraí	17,318	-
Creidiúnuithe seachtracha	10,593	3,176
Seirbhísí tacaíochta pinsin	36,710	8,926
Seirbhísí soláthair	8,377	5,218
Athbhreithniú ar an láithreán gréasáin	-	10,164
Ceardlann riosca agus rialachais don Bhord	-	(4,365)
Forbairt Beartais um Bainistíocht Conarthaí	-	8,228
Comhairleacht Acmhainní Daonna	55,653	3,354
Eile	10,406	1,784
Seirbhísí gairmiúla iomlána	1,213,039	*638,726

*Chun críocha comparáide, rinneadh caiteachas de €24,509 i 2020 ar sheirbhísí éascaithe agus oiliúna a athaicmiú go hoiliúint agus forbairt foirne i gCostais tacaíochta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

10. Costais tacaíochta

	2021	2020
	€	€
Earcaíocht	458,612	144,075
Oiliúint agus forbairt foirne	593,869	*378,481
Ballraíocht chomhairleach agus suibscríbhinní	69,590	131,506
Teileafón	162,539	144,080
Tacaíocht agus soláthairtí TF	1,884,837	1,402,367
Néalseirbhísí	39,302	-
Iníúcháireacht inmheánach	61,483	78,551
Iníúcháireacht sheachtrach	17,300	17,000
Postas agus páipéarachas	95,947	75,882
Faireachán ar na meáin	8,491	7,890
Cúiréirí	4,492	7,663
Ús prasíocaíochta agus muirir phrasíocaíochta	3,908	1,652
Táillí bainc	2,167	1,034
lomlán	3,402,537	2,390,181

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

11. Costais Bhunaithe

	2021	2020
	€	€
Cíos	1,250,834	1,342,149
Léasaí foirgneamh-cúlchistí saor ó chíos	57,790	-
Muirear seirbhíse foirgnimh	206,191	202,031
Árachas	35,033	(1,147)
Deisiúcháin agus cothabháil	109,009	278,502
Seomraí cruinnithe ar cíos	625	1,386
Imeachtaí agus lónadóireacht do gheallsealbhóirí	7,705	15,306
Solas agus teas	151,435	129,729
Glantachán agus dramhaíl	123,267	155,522
Slándáil	150,751	129,852
Coinneáil agus stóráil taifead	2,851	2,920
Sláinte agus sábháilteacht	21,212	13,607
Iomlán	2,116,703	2,269,857

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

12. Sócmhainní seasta

	Léasacht ús €	Daingneáin agus feistis €	Trealamh ríomhaire €	Iomlán €
Costas nó luacháil				
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	2,067,364	745,160	6,481,015	9,293,539
Breiseanna	-	17,110	1,810,068	1,827,178
Díúscairtí	-	(146)	(187,778)	(187,924)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2021	2,067,364	762,124	8,103,305	10,932,793
Dímheas carntha				
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	1,218,942	679,751	4,603,366	6,502,059
Muirear dímheasa don tréimhse	109,126	23,495	1,525,331	1,657,952
Dímheas carntha ar dhiúscairtí	-	(146)	(187,778)	(187,924)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2021	1,328,068	703,100	5,940,919	7,972,087
Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2021	739,296	59,024	2,162,386	2,960,706
Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2020	848,422	65,409	1,877,649	2,791,480

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

13. Suimeanna Infhaighte

	2021	2020
	€	€
Táillí bliantúla infhaighte	-	244
Réamhíocaíochtaí	760,834	581,631
An Roinn Sláinte - Deontais Chaipitil infhaighte	339,412	205,077
Féichiúnaithe Tionscadail	4,173	390,944
Infháltais Phárolla	52,295	9,524
Infháltais eile	37,484	24,034
	1,194,198	1,221,454

14. Suimeanna iníochta (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2021	2020
	€	€
Suimeanna iníochta	215,786	65,251
Ioncam réamhíochta	41,774	48,949
Ioncam réamhíochta tionscadail	304,704	231,261
Fabhruithe trádála	915,712	642,785
Asbhaintí párolla	678,729	543,358
Fabhrú pá saoire	158,264	220,889
Léasaí foirgnimh-cúlchistí saor ó chíos	57,790	-
	2,372,759	1,752,493

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

15. Cuntas Caipitil

	2021 €	2020 €
larmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	<u>2,791,480</u>	<u>2,567,845</u>
Gluaiseacht don tréimhse		
Caiteachas ó dheontas caipitil agus chlár TFC	2,427,907	2,052,108
Caiteachas neamhchaipitiúil (Nóta 1)	(600,729)	(587,954)
Diúscairtí	(187,924)	(72,552)
An méid arna amúchadh ar aon dul leis an dímheas don tréimhse	(1,657,952)	(1,240,474)
Dímheas carntha ar dhiúscairtí	<u>187,924</u>	<u>72,507</u>
larmhéid ag 31 Nollaig	<u>2,960,706</u>	<u>2,791,480</u>

Nóta 1

Baineann caiteachas neamhchaipitil le caiteachas ar tháillí gairmiúla, nár chomhlíon sainmhíniú FRS 102 ar shócmhainn sheasta.

16. Ceangaltais Chaipitil

	2021 €	2020 €
Conraithe le haghaidh	<u>544,466</u>	<u>100,262</u>
	<u>544,466</u>	<u>100,262</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

17. Ceangaltais Léasachta

Tá trí áitreabh léasaithe (Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh) á n-áitiú ag HIQA faoi láthair. Is idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí atá an comhaontú léasa do gach áitreabh.

Maidir leis an léas don áitreabh i nGeata na Cathrach, Machain, Corcaigh, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain agus mí amháin. Is é €388,941 an cíos bliantúil is iníoctha. Mar thoradh ar chomhaontuithe a ndeachthas isteach iontu mar chuid den chlár díláraithe, is í Oifig na nOibreacha Poiblí a íocann an cíos sin agus ní aisghabhtar ó HIQA é.

Maidir leis an léas don áitreabh i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain. Is é €1,383,012 an cíos bliantúil is iníoctha.

Maidir leis an léas don áitreabh ar Bhóthar Áth Cinn, Gaillimh, chuathas isteach ann an 1 Feabhra 2016 ar feadh téarma 10 mbliana. Is é €20,151 an cíos bliantúil is iníoctha.

Chuir HIQA tús le léas 20 bliain i gcomhair áitribh i bhFoirgneamh 2000, Geata na Cathrach, Machain, Corcaigh ar an 01 Samhain 2021. Tá an léas sin faoi réir athbhreithniú cíos gach cúig bliana agus áirítear leis tréimhse saor ó chíos ón 01 Samhain 2021 go dtí an 31 Márta 2022. Déantar an tréimhse sé mhí sin saor ó chíos a amúchadh i gcaitheamh shaolré an léasa. In 2021, ba é costas bunúsach an léasa ná €33,100. Is é costas bunúsach bliantúil an léasa ná €201,354.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí an íos-íocaíocht léasa don todhchaí ag HIQA le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

Laistigh d'aon bhliain amháin	€201,354
Idir dhá bhliain go cúig bliana	€805,416
Tar éis cúig bliana	€2,987,212

Chuir HIQA tús le léas 15 bliana le haghaidh áitribh ag One Central, Sráid Forester, Gaillimh ar an 19 Samhain 2021. Tá an léas faoi réir athbhreithniú cíos gach cúig bliana agus áirítear leis tréimhse saor ó chíos ón 19 Samhain 2021 go dtí an 31 Iúil 2022 agus trí mhí breise saor ó chíos ar feadh na chéad ráithe den dara téarma den léas. Déantar an tréimhse sin de dhá mhí dhéag saor ó chíos a amúchadh i gcaitheamh shaolré an léasa. In 2021, ba é costas bunúsach an léasa ná €24,690. Is é costas bunúsach bliantúil an léasa ná €214,570.

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí an íos-íocaíocht léasa don todhchaí ag HIQA le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

Laistigh d'aon bhliain amháin	€214,570
Idir dhá bhliain go cúig bliana	€858,278
Tar éis cúig bliana	€2,121,006

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

18. Leasanna na gComhaltaí Boird

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun déileáil le coinbhleachtaí leasa, de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

19. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 19 Aibreán 2022.

Aguisíní

Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar chomhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fhaightear sa bhliain roimhe agus an gníomh a glacadh (má glacadh aon ghníomh). Ní mór nach n-aithneofaí daoine a dhéanann nochtadh cosanta de thoradh ar an tuarascáil.

Ag gníomhú dó faoi Alt 7(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhfheidhmeannach HIQA a fhorordú mar dhuine cuí chun nochtuithe a fháil maidir le héagóracha iomchuí i ndáil le gach ní a bhaineann leis na caighdeáin sábháilteachta agus chúraim a sholáthraítear do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta sna hearnálacha cúraim sláinte poiblí agus deonacha agus do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim shóisialta san earnáil cúram sláinte phríobháideach, mar a fhoráiltear dó leis an Acht Sláinte 2007. Ní fhéadfar déileáil le haon nochtuithe den sórt sin ach amháin ar bhealach a thagann le ról, cearta reachtúla agus dualgais HIQA.

Clúdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

In 2021, rinneadh measúnú ar 23 nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Rinneadh an fhaisnéis sin a thaifeadh agus a mheasúnú ó thaobh riosca de agus, i ngach cás, úsáideadh í chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is cuí a dhéanfadh HIQA mar rialaitheoir seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta agus i gcomhréir leis na dualgais atá air faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá fiche ceann díobh sin tugtha chun críche agus tá trí fós faoi réir athbhreithniú rialála.

Fuarthas nochtadh cosanta amháin go himmheánach in 2021, ach tarraingíodh siar é ina dhiaidh sin.

Is féidir tuilleadh eolais faoi nochtadh cosanta a dhéanamh don POF mar dhuine forordaithe a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 a aimsiú ar láithreán gréasáin HIQA [anseo](#).

Aguisín 2: Cairt na Seirbhíse

Tá Cairt Seirbhíse agus Plean Gníomhaíochta forbartha ag HIQA chun faisnéis a sholáthar do dhaoine a dhéanann teagmháil lenár seirbhísí maidir le leibhéal na seirbhíse is féidir leo bheith ag súil leis uainn. Sa Chairt sin leagtar amach ár dtiomantas do dhul i ngleic lenár bpáirtithe leasmhara ar aon dul leis na prionsabail um sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí agus do chliaint na seirbhíse poiblí. D'fhoilsíomar dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta ár gCairte Seirbhíse in 2021 ar www.hiqa.ie.

Aguisín 3: Tuarascáil ar shaoráil faisnéise

Fuair HIQA 153 iarratas Saorála Faisnéise (FOI) san iomlán sa bhliain 2021 agus tugadh cúig iarratas ar aghaidh ón mbliain 2020. Is ionann na figiúir sin méadú 45% ar iarratais FOI ar HIQA i gcomparáid le 2020 agus méadú 105% i gcomparáid le 2019. Tá tuilleadh sonraí ar na hiarratais sin curtha ar fáil sna táblaí thíos.

Iarratais SF in 2021	
Tugtha ar aghaidh ó 2020	5
Faighte in 2021	153
Iomlán na nIarratas a Láimhseáladh	158
Tugtha ar aghaidh go 2022	7
Dúnta in 2021	151

2021 Miondealú ar Dhúnadh	
Deonaithe	21
Deonaithe i bPáirt	65
Diúltaithe	31
Aistrithe	1
Tarraingthe Siar	20
Pléadh leis lasmuigh de SF	13

Bhain na hiarratais ar Shaoráil Faisnéise a fuarthas in 2021 le taifid as réimsí freagrachta HIQA. Bhain cinn de na hiarratais ba choitianta a fuarthas le comhfhreagras an POF: sintéis fianaise i ndáil le paidéim COVID-19, comhfhreagras le tithe altranais aonair maidir le paidéim COVID-19 agus faisnéis gan iarraidh a fuair HIQA.

Anuas air sin, chuir HIQA oiliúint athnuachana ar roinnt cinnteoirí le linn na bliana 2021, agus ceapadh roinnt cinnteoirí nua le linn na bliana agus cuireadh oiliúint ar na daoine sin freisin.

Is féidir breathnú ar iarratais FOI neamhphearsanta, lena n-áirítear na cinntí a eisíodh agus taifid a scaoileadh faoi SF, a fheiceáil ar láithreán gréasáin HIQA [anseo](#).

Aguisín 4: Ídiú fuinnimh

Leanann HIQA ar aghaidh ag obair chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh lena thionchar ar ár gcuid acmhainní nádúrtha agus ar an bpláinéad a laghdú.

Faoin gclár barrfheabhsaithe Power@Work a thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) isteach, chun na spriocanna atá leagtha ag an Rialtas a chomhlíonadh, is gá dúinn ár n-úsáid fhoriomlán fuinnimh a laghdú faoi 35%.

Cur Síos	Leictreachas	Gás	Iomlán
Bliain Thagarmharcála	728,242	608,769	1,337,011
Na 12 Mhí Roimhe Sin	328,991	544,662	873,653
% na Difríochna	-54.8%	-10.5%	-34.7%

Feidhmíocht Fuinnimh (Noll 2021) vs Bliain Tagarmhairc

Lena chinntiú go bhfuil HIQA in ann an sprioc um laghdú carbóin de 51% a chomhlíonadh faoi 2030, tá iniúchadh neamhspleách fuinnimh déanta againn agus táimid ag déanamh anailíse ar na fionnachtana chun treochláir um laghduithe breise a aithint.

I gcomparáid leis an mbonnbhliain 2010, tá na hastaíochtaí carbóin le 12 mhí anuas laghdaithe faoi 40%.

Léiríonn sonraí comparáide míosúla go bhfuil na hastaíochtaí CO₂ ó mhí na Nollag 2021 51% níos ísle (19 dtona) ná mar a bhí i mí na Nollag 2010.

Cur Síos	Leictreachas	Gás	Iomlán
Bliain Thagarmharcála	236	125	361
Na 12 Mhí Roimhe Sin	106.76	111.49	218.25
% na Difríochna	-54.8%	-10.5%	-39.5%

Toná bliantúlaithe de CO₂ astaithe 2021

Aguisín 5: Bainistíocht gearán

Fáiltíonn HIQA roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar agus é ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus na bhfreagrachtaí reachtúla atá air. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne an t-aiseolas sin a chur ar fáil. Fáiltíonn HIQA roimh gach cineál aiseolais agus measann sé go bhfuil gearáin ina ndeiseanna chun cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus réimsí feabhais a shainaithint. Tá sé mar aidhm againn gearáin a réiteach go héifeachtach agus go gasta agus úsáidimid cur chuige luathréitigh maidir le gearáin nuair is féidir.

Fuair HIQA 10 ngearán i rith 2021. Bhain ceithre ghearán lenár gcuid oibre i dtithe altranais, bhain trí cinn lenár gcuid oibre i seirbhísí míchumais, agus bhain trí ghearán le réimsí eile de ról nó sheirbhísí HIQA.

Pléadh le gach gearán ar aon dul leis na céimeanna agus na hamlínite inár mbeartas.

Aguisín 6: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas Acht Sláinte 2014

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, Alt 42, cuirtear d'óibleagáid ar gach comhlacht poiblí dualgas na hearnála poiblí a chomhlíonadh chun cearta daonna a chosaint, comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a dhíbirt. Comhlíonann HIQA a dhualgas earnaála poiblí faoin Acht; ach tá an eagraíocht uailmhianach leis an gcur chuige sin agus is mian léi a chur chuige i dtreo ceart daonna a fhorbairt níos mó.

In 2020, rinne HIQA athbhreithniú ar an gcaoi a gcuireann sé chun cinn agus a gcosnaíonn sé cearta daonna ina chuid gníomhaíochtaí go léir.

Tacaíonn feidhm acmhainní daonna HIQA le comhionannas deiseanna ina phróiseas earcaíochta, le forbairt creata inniúlachta agus ina chuid deiseanna foghlama agus forbartha. Tá nósanna imeachta córa i bhfeidhm aige agus cuireann sé chun cinn comhionannas ina nós imeachta casaoide agus ina chuid próiseas um dhínit ag an obair chomh maith lena bheartas comhionannais.

Tá cosaint ceart agus cur chun cinn an chomhionannais mar ghné lárnach d'fheidhmeanna rialála HIQA. In 2021, d'oibríomar chun níos mó deiseanna um chur in iúl a thabhairt d'aosaigh agus do leanaí a úsáideann seirbhísí a ndéantar rialáil agus monatóireacht orthu agus chun níos mó eolais a thabhairt faoi chearta daonna. Chuir HIQA in iúl don Roinn Sláinte go dtacaíonn sé le leasuithe ar an Acht Sláinte 2007 agus na rialacháin a ghabhann leis, a neartóidh a chur chuige maidir leis sin.

I bPlean Corparáideach nua HIQA 2022-2024 leagtar béim mhór ar chearta daonna, agus leagtar amach croí-luach mar atá:

- **Cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn:** Oibreimid chun cearta daonna a chur chun cinn chomh maith le sáruithe ar chearta i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a aithint, aghaidh a thabhairt orthu agus tuairisciú orthu.

Aguisín 7: Comhdhálacha agus léachtaí

I rith 2021, chuir fostaithe HIQA obair na heagraíochta i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí fíorúla, lenar áiríodh:

- 7ú Comhdháil Bhliantúil Líonra SPHeRE
- Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde na Tríonóide ar Shláinte agus Oideachas
- 18ú Comhdháil Bhliantúil ar Shíceolaíocht, Shláinte agus Leigheas
- Comhdháil Chomhar na hEorpa um Chur i bhFeidhm
- Ceardlanna ar Eolaíocht Feidhmiúcháin um Líonra na hÉireann agus Tuaisceart na hÉireann ar Eolaíocht Feidhmiúcháin
- Comhdháil Sheirbhísí Sóisialta na hEorpa
- Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Cháilíocht sa Chúram Sláinte
- Comhdháil Náisiúnta ar Obair Shóisialta um Chosaint agus Leas Leanaf
- Comhdháil Bhliantúil Social Care Ireland
- Sraith Comhdhálacha Fíorúla ar an gClár Náisiúnta um Shláinte Ban & Naíonán
- 14ú Comhdháil Eorpach ar Shláinte Phoiblí
- Dámhachtainí Taighde Scoil Leighis UCD um Mhic Léinn Samhraidh
- Measúnú Teicneolaíocht Sláinte, Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta (HTAi) 2021
- G-I-N (Guidelines International Network)
- Painéal ar thionchar Covid-19 ar Othair Ailse ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha agus sóisialta
- 43ú Cruinniú Bliantúil i Meiriceá Thuaidh ag an gCumann um Chinnteoireacht Leighis
- Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí MTS
- An Cumann Idirnáisiúnta um Thaighde ar Chógaseacnamaíocht agus ar Thorthaí (International Society for Pharmacoeconomics and Outcomes Research/ISPOR)
- Comhdháil Chumann Health Tech Ireland 2021
- Cruinniú Bliantúil Chumann na Micribhitheolaithe Cliniciúla in Éirinn 2021
- Cruinniú Mullaigh ar Shláinte 2021
- Comhdháil dar teideal ‘Pushing the Boundaries of Costs and Outcome analysis of Medical Technologies’ (COMED) 2021
- Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn Caibidil na Mac Léinn ISPOR
- Máistreacht sa Leigheas Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath
- Máistreacht san Eacnamaíocht Sláinte, Ollscoil na hÉireann Gaillimh
- Clár PhD SPHeRE
- Máistreacht san Fhaisnéisíocht Sláinte, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
- Máistreacht sa tSláinte Phoiblí, Coláiste na hOllscoile Chorcaí
- Máistreacht in Ionfhabhtú Cúraim Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Clár na Céime sa Chúram Sóisialta, IT Shligigh
- Baitsiléir Ealaíon sa Chúram Sóisialta, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Aguisín 8: Foilseacháin acadúla

- Broderick N, Fawsitt CG, Tyner B, Larkin J, McCarthy M, Walsh KA, O'Neill M, Ryan M. COVID-19 Public Health Guidance Database (Bunachar Sonraí Sláinte Poiblí ar COVID-19). *Irisleabhar Eorpach na Sláinte Poiblí* 2021D.F; 31(Forlónadh_3):ckab164-738.
- Broderick N, Walsh K, O'Brien K, Smith S, Harrington P, O'Neill M, Ryan M, Fawsitt C. 2022. POSC124 Ualach Eacnamaíoch na Frithsheasmhachta Frithmhiocróbaí Anailís ar na Costais Lae ar Leaba Bhreise a Ghabhann le hIonfhabhtuithe Frithsheasmhachta a Chóireáil in Éirinn. *Value in Health*, 25(1), Ich. S111.
- Cardwell K, O'Murchu E, Byrne P, Broderick N, O'Neill SM, Walsh K, Smith SM, Harrington P, Ryan M, O'Neill M. Pharmacological interventions to prevent COVID-19 disease: a rapid review (Idirghabhálacha Cógaisíochta chun galar COVID-19 a chosc: athbhreithniú gasta) *Rev Med Virol*. 2021 M.F. 28:e2299. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.1002/rmv.2299>
- Cardwell K, O'Neill SM, Tyner B, Broderick N, O'Brien K, Smith SM, Harrington P, Ryan M, O'Neill M. A rapid review of measures to support people in isolation or quarantine during the Covid-19 pandemic and the effectiveness of such measure (Athbhreithniú gasta ar bhearta chun tacú le daoine a rinne leithlisiú nó coraintín i rith phaindéim Covid-19 agus éifeachtacht na mbeart sin. *Reviews in Medical Virology* 2021: e2244. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.1002/rmv.2244>
- Cardwell K, Quigley J, Clyne B et al. Processes for updating guidelines: protocol for a systematic review (Próisis chun treoirínte a nuashonrú: prótacal um athbhreithniú córasach. *HRB Open* 2021, 4:116. Ar fáil ó: <https://hrbopenresearch.org/articles/4-116>
- Carty P, Fawsitt C, Gillespie P, Harrington P, O'Neill M, Smith S, Teljeur C, Ryan M. Population-based testing for undiagnosed hepatitis C: a systematic review of economic evaluation (Tástáil daonra-bhunaithe um heipitíteas neamhdhiagnóisithe: athbhreithniú córasach ar mheasúnuithe eacnamaíocha. *Applied Health Economics and Health Policy* 2021: 1-13. Ar fáil ó: <https://link.springer.com/article/10.1007/s40258-021-00694-w>
- Carty P, McCarthy M, O'Neill SM, et al. Laboratory-based testing for hepatitis C infection using dried blood spot samples: a systematic review and meta-analysis of diagnostic accuracy (Tástáil saotharlann-bunaithe um ionfhabhtú heipitíteas C agus úsáid á baint as samplaí triomaithe de spotaí fola: athbhreithniú córasach agus meitea-anailís ar chruinneas diagnóiseach) *Reviews in Medical Virology* 2021;e2320. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.1002/rmv.2320>
- Clyne B, Jordan K, Ahern S, Walsh K, Byrne P, Carty PG, Drummond L, O'Brien KK, Smith SM, Harrington P, Ryan M, O'Neill M. Transmission of SARS-CoV-2 by children: A Rapid Review (Tarchur SARS-CoV-2 ag leanaí: Glactha
- Clyne B and Ryan M. Rapid evidence synthesis to inform the national response to the COVID-19 pandemic in Ireland (Sintéis ghabhann chun an fhreagairt náisiúnta do phaindéim COVID-19 in Éirinn a threorú. *Irisleabhar Eorpach na Sláinte Poiblí*, 2021. P. 244-244.
- Clyne B, Walsh K, O'Murchu E, Sharp M, Comber L, O'Brien K, Smith S, Harrington P, O'Neill M, Teljeur C, and Ryan M., 2021. Using Preprints in Evidence Synthesis: Commentary on experience during the COVID-19 pandemic (Réamhphriontaí a Úsáid i Sintéis Fianaise: Tráchtairacht ar an eispéireas i rith phaindéim COVID-19. *Journal of Clinical Epidemiology*. 2021 138 p.203-210. Ar fáil ó: [https://www.jclinepi.com/article/S0895-4356\(21\)00153-0/fulltext](https://www.jclinepi.com/article/S0895-4356(21)00153-0/fulltext)
- Clyne B, Walsh KA, O'Murchu E, Sharp MK, Comber L, KK OB, et al. Using Preprints in Evidence Synthesis: Commentary on experience during the COVID-19 pandemic (Réamhphriontaí a Úsáid i Sintéis Fianaise: Tráchtairacht ar an eispéireas i rith phaindéim COVID-19. *Journal of Clinical Epidemiology*. 2021.
- Connolly, D. Domain 1 Standard of Proficiency 9. In Lyons, D., Brown, T., eagarthóirí. *Guide to the Standards of Proficiency for Social Care Workers*. Foilseachán ar líne; 2021. Ich. 72-83. Ar fáil ó: <https://socialcareireland.ie/wp-content/uploads/2021/10/Guide-to-Domain01v3.pdf>
- Dunbar P, Browne JP, O'Connor L. Determinants of regulatory compliance in health and social care services: a systematic review protocol (Tosca a mbíonn tionchar acu ar chomhlíontacht i seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta: prótacal um athbhreithniú córasach. *Taighde Oscailte HRB*. 2021;4.
- Dwivedi M, O'Regan S, Dunbar P, O'Connor L. Outbreaks of infectious disease in designated centres for older persons and people with disabilities: A mixed methods study using Irish data collected by the Health Information and Quality Authority (Ráigeanna de ghalar tógálach in ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus dhaoine faoi mhíchumas: Staidéar modhanna measctha ina úsáidtear sonraí Éireannacha arna mbaillú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte). 2021. *Irish Journal of Medical Science*, 190, 117-158, Sliocht 31. Ar fáil ó: <https://link.springer.com/article/10.1007/s11845-021-02718-9>

- Fawsitt CG, Lucey D, Harrington P, Jordan K, Marshall L, O'Brien K, Teljeur C. A cost-effectiveness and budget impact analysis of C-reactive protein point-of-care testing to guide antibiotic prescribing for acute respiratory tract infections in primary care settings in Ireland: a decision-analytic model (Anailís ar chost-éifeachtachtúlacht agus ar thionchar ar bhuiséad maidir le tástáil ar phróitéin C-fhrithghníomhach ag pointe cúraim chun oideasú antaibheathach a threorú um ionfhabhtuithe géara sa chonair riospráide i suíomhanna cúraim phríomhúil in Éirinn: samhail anailíse cinnidh. *Family Practice*, 2021. Ar fáil ó: <https://pubmed.ncbi.nlm.nih.gov/34591966/>
- Fitzgerald, S., Behan, L., McCarthy, S., Weir, L., O'Rourke, N., Flynn, R. Translating a Human Rights-based Approach into Health and Social Care Practice (Cur Chuige Cearta-Bunaithe a Aistriú i gCleachtas Cúraim Sláinte agus Shóisialta). *Journal of Social Care: Iml. 3, Alt 3. Meitheamh 2020*. Ar fáil ó: <https://arrow.tudublin.ie/jsoc/vol3/iss1/3>
- Hooshafza S, Orlandi F, Flynn R, Mc Quaid L, Stephens G, O'Connor L. Modelling temporal data in the knowledge graphs: A systematic review protocol. (Sonraí ama a shamhaltú sna graif eolais: Prótacal um athbhreithniú córasach). *Taighde Oscailte HRB 2021*, 4:101. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.12688/hrbopenres.13403.1>
- Kelly Y, O'Rourke N, Flynn R, Hegarty J, O'Connor L. Definitions of Health and Social Care Standards as used by Standards-Setting Bodies Internationally - A Narrative Review [abstract] (Sainmhínte ar Chaighdeán Cúraim Sláinte agus Shóisialta a úsáidtear ag Comhlachtaí um Shocrú Caighdeán go hIdirnáisiúnta - Athbhreithniú Inste [sliocht]. *National Institute of Health Sciences Research Bulletin*. 2021 Iúil 2;8(4): lgh 85. Ar fáil ó: <https://www.ul.ie/hsa/national-institute-health-sciences>
- Kelly Y, O'Rourke N, Flynn R, Hegarty J, O'Connor L. Factors that influence the implementation of health and social care Standards: a systematic review and meta-summary protocol (Fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm Caighdeán um chúram sláinte agus sóisialta: athbhreithniú córasach agus prótacal meitea-achóimre). *Taighde Oscailte HRB*. 2021 Bealtaine 24; 4(24). Ar fáil ar líne ó: <https://doi.org/10.12688/hrbopenres.13212.2>
- Larkin, J., Foley, L., Smith, S.M., Harrington, P. and Clyne, B., 2021. The experience of financial burden for people with multimorbidity: A systematic review of qualitative research (Eispéireas ar ualach airgeadais do dhaoine ar a bhfuil ilghalracht: athbhreithniú córasach ar thaighde cáilíochtúil). *Health Expectations*, 24(2), pp.282-295.
- Madden JM, More S, Teljeur C, Gleeson J, Walsh C, McGrath G. Population Mobility Trends, Deprivation Index and the Spatio-Temporal Spread of Coronavirus Disease 2019 in Ireland (Treochtaí Soghluaisteachta Daonra, An tInnéacs Díothachta agus Scaipeadh Spáis is Ama Ghalar an Choróinvíris 2019 in Éirinn. *International Journal of Environmental Research and Public Health*. 2021 18(12):6285. Ar fáil ó: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC8296107/>
- McAloon CG, Wall P, Butler F, Codd M, Gormley E, Walsh C, Duggan J, Murphy TB, Nolan P, Smyth B, O'Brien K, Teljeur C, Green MJ, O'Grady L, Culhane K, Buckley C, Carroll C, Doyle S, Martin J, More SJ. Numbers of close contacts of individuals infected with SARS-CoV-2 and their association with government intervention strategies (Líon na ngartheagmhálaithe ag daoine a ionfhabhtaíodh le SARS-CoV-2 agus a mbaint le straitéisí idirghabhála an rialtais). *BMC Public Health*. 2021 21(1):2238. Ar fáil ó: <https://bmcpubhealth.biomedcentral.com/articles/10.1186/s12889-021-12318-y>
- McAloon CG, Wall P, Griffin J, Casey M, Barber A, Codd M, Gormley E, Butler F, Messam LL, Walsh C, Teljeur C. Meastachán ar eatramh seicheamhach agus cion na n-imeachtaí tarchurtha roimh shiomptóim maidir le COVID-19 in Éirinn agus úsáid á baint as sonraí um rianú teagmhálacha). *BMC public health*. 2021 21(1):1-9. Ar fáil ó: <https://bmcpubhealth.biomedcentral.com/articles/10.1186/s12889-021-10868-9>
- McCormick C, Domegan L, Carty P, Drew R, McAuliffe F, O'Donohoe O, White N, Garvey P, O'Grady, M, De Gascun, C, McCormick, A. Routine screening for Hepatitis C in pregnancy is cost effective in a large urban population in Ireland: a retrospective study (Tá gnáth-scagthástáil Heipitéas C le linn toirchis costéifeachtach i ndaonra mór uirbeach in Éirinn: staidéar iardhearcach). *BJOG: An International Journal of Obstetrics & Gynaecology* 2021. Ar fáil ó: <https://obgyn.onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1111/1471-0528.16984>
- McGrane N, Dunbar P, Dunnion M, O'Connor L. Practice surrounding adverse events in residential care facilities in Ireland, (An Cleachtas in ndáil le heachtraí díobhálacha i saoráidí cúraim chónaithigh in Éirinn) *Iris Eorpach na Sláinte Poiblí*, Imleabhar 31, Eagrán Forlíonadh_3, Deireadh Fómhair 2021, ckab165.338,. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1093/eurpub/ckab165.338>
- McLoughlin C, Connolly D, McCarthy S, Weir L, O'Rourke N, Flynn R. What Underpins Good Child-centred Practices in Children's Social Services? (Cad a Thacaíonn le Dea-Chleachtais Dírithe ar an Leanbh i Seirbhísí Sóisialta Leanai?) *Journal of Social Care: Iml. 3, Alt 5. Meitheamh, 2020*. Ar fáil ó: <https://arrow.tudublin.ie/jsoc/vol3/iss1/5>

- McGrane N, Dunbar P, Dunnion M, O'Connor L. Mortality in residential care services for people with disabilities in Ireland (Básmhaireachta i seirbhísí cúraim chónaithigh do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn), *Iris Eorpach na Sláinte Poiblí*, Imleabhar 31, Eagrán Forlónadh_3, Deireadh Fómhair 2021, 164:650. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1093/eurpub/ckab164.650>
- [RÉAMHCHLÓ] Murchu E, Marshall L, Hayes C, Harrington P, Moran P, Teljeur C, Ryan M. Oral Pre-exposure prophylaxis (PrEP) to prevent HIV: a systematic review and meta-analysis of clinical effectiveness, safety, adherence and risk compensation in all populations (Próifiolacsas réamhnochta ó bhéal (PrEP) chun HIV a chosc: athbhreithniú córasach agus meitea-anailís ar éifeachtacht chliniciúil, shábháilteacht, chloí agus cúiteamh riosca i ngach daonra). Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1101/2021.09.24.21264095>
- Murchu E, Byrne P, Carty PG, De Gascun C, Keogan M, O'Neill M, Harrington P, Ryan M. Quantifying the risk of SARS-CoV-2 reinfection over time (Baol an ionfhabhtaithe le SARS-CoV-2 le himeacht ama a chainníochtú). *Reviews in Medical Virology*, lch.e2260. Ar fáil: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC8209951/>
- Murchu E, O'Neill S, Byrne P, De Gascun C, O'Neill M, Harrington P, Ryan M. Comparative genomic analysis demonstrates that true reinfection following SARS-CoV-2 infection is possible (Léiríonn anailís chomparáideach ar ghéanóim gur féidir le hionfhabhtú iarbhír tarlú tar éis ionfhabhtú SARS-CoV-2). *Journal Clinical Virology Plus* 2021 1 lgh.1-2. Ar fáil ó: <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S2667038021000077>
- Murchu E, Spillane S, Byrne P, O'Neill M, Harrington P, Ryan M. Interventions in an ambulatory setting to prevent progression to severe disease in patients with COVID-19: a systematic review (Idirghabhálacha i suíomh siúlach chun dul ar aghaidh go galar tromchúiseach a chosc in othair a bhfuil COVID-19 orthu). *Annals of Pharmacotherapy*. In Press. Ar fáil ó: <https://journals.sagepub.com/doi/full/10.1177/10600280211028242>
- Murchu E, Teljeur C, Hayes C, Harrington P, Moran P, Ryan M. Cost-Effectiveness Analysis of a National Pre-Exposure Prophylaxis (PrEP) Program in Ireland (Anailís ar Chost-éifeachtúlacht an Chláir Náisiúnta um Phróifiolacsas Réamhnochta (PrEP) in Éirinn). *Value in Health*. 2021. Ar fáil ó: <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S1098301521001443?via%3Dihub>
- Mwakilasa MT, Foley C, O'Carroll T, Flynn R, Rohde D. Care Experiences of Older People in the Emergency Department: A Concurrent Mixed-Methods Study (Eispéiris Chúraim Daoine Scothaosta sa Rannóg Éigeandála: Staidéar Comhthráthach Modhanna Measctha). *Journal of Patient Experience*. 2021. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1177/23743735211065267>
- O'Regan S, McGrane N, Dunbar P, Dunnion M, Leistikow I, O'Connor LM. Public Reporting of Adverse Events From Long-Term Care Facilities for Older Persons and People With Disability in Ireland 2013-2019: Development of an Openly Accessible Database and Descriptive Analyses (Tuairisciú Poiblí ar Eachtraí Díobhálacha ó Shaoráidí Cúraim Fhadtéarmaigh do Dhaoine Scothaosta agus Dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn 2013-2019: Bunachar Sonraí atá Inrochtana go hOscailte agus Anailís Thuairisciúil a Fhorbairt). *Journal of the American Medical Directors Association*. 2021 D.F. 15.
- Sharp et al. Evidence synthesis summary formats for Clinical Guideline Development Group members: A mixed-methods systematic review protocol (Formáidí achoimre ar shintéis fianaise um baill de Ghrúpa Forbartha Treoirínte Cliniciúla: prótacal modhanna measctha um athbhreithniú córasach). *HRB Open*. 2021, 4:76. Ar fáil ó: <https://hrbopenresearch.org/articles/4-76>
- Sharp M, Forde Z, McGeown C, O'Murchu E, Smith SM, O'Neill M, Ryan M, Clyne B. Irish Media Coverage of COVID-19 Evidence-Based Research Reports from One National Agency (Clúdach ag Meáin Chumarsáide na hÉireann ar Thuairiscí Taighde Fianaise-Bhunaithe ar COVID-19 ó Ghníomhaireacht Náisiúnta Amháin). *International Journal of Health Policy and Management*, glactha leis
- Sharp M, Tyner B, Binti Awang Baki DA, Farrell C, Devane C, Mahtani K, Smith SM, O'Neill M, Ryan M, Clyne B. Evidence synthesis summary formats for clinical guideline development group members: a mixed-methods systematic review protocol (Formáidí achoimre ar shintéis fianaise um baill de Ghrúpa Forbartha Treoirínte Cliniciúla: prótacal modhanna measctha um athbhreithniú córasach). *HRB Open*. Ar fáil ó: <https://hrbopenresearch.org/articles/4-76/>
- Walsh K, Tyner B, Broderick N, Harrington P, O'Neill M, Fawsitt CG, Cardwell K, Smith SM, Connolly MA, Ryan M. Effectiveness of public health measures to prevent the transmission of SARS-CoV-2 at mass gatherings: a rapid review (Éifeachtacht beart sláinte poiblí chun tarchur SARS-CoV-2 ag ollchruinnithe: athbhreithniú gasta). *Reviews in medical virology* 2021: e2285. Ar fáil ó: <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1002/rmv.2285>



Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Guthán: +353 (0) 1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2022

